www.gaelsceal.ie

Sinéad Moriarty: Máthair, Iníon & Údar Aitheanta

L. 27

Impleachtaí oscailt iomlán an mhargaidh phoist in 2011

L. 20

ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 1

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

07.01.2011

Fine Gael nó Gall?

Treasa Bhreathnach

TÁ Conradh na Gaeilge ag cur tús le feachtas chun brú a chuir ar Fhine Gael a bpolasaí Gaeilge a láidriú i bhfianaise suíomh nua an pháirtí a bheith seolta gan focal Gaeilge air, in ainneoin thacaíocht an pháirtí don Straitéis 20 Bliain.

Beidh súil go mbeidh na heagrais uile Ghaeilge ag tacú leis an gcás, chun deimhniú go mbeidh an Ghaeilge feiceálach agus lárnach i bhfeachtas toghchánaíochta na bpáirtithe ar fad.

Tá cruth úr ar shuíomh idirlín Fhine Gael, le teachtaireacht ann ó Enda Kenny agus é ag iarraidh tuairimí ón bpobal. Is smaointeoireacht an phobail faoin riocht ina bhfuil an tír faoi láthair, an chaoi gur féidir an tír a fheabhsú agus an bealach gur féidir le Fine Gael tacaíocht an phobail a mhealladh atá uaidh. Ach níl an Ghaeilge luaite in aon áit acu ar an suíomh, ná fiú cnaipe ann chun an suíomh a aistriú go Gaeilge.

Tá iarratas déanta ag Conradh le Gaeilge ar chruinniú le Fine Gael agus deir an tArd-Rúnaí, Julian de Spáinn, "Is faoi cheist na Gaeilge san Ardteist a d'iarr muid an cruinniú ach cinnte is féidir linn rudaí eile a lua ann chomh maith.

Táim chun labhairt le hAodán Ó Deá ó Aontas na Mac Léinn in Éirinn agus le baill ár gcraobhacha 3ú leibhéal ar fud na tíre, chun feachtas a thosú ar líne agus eile chun brú a chur ar Fhine Gael."

Ar lean ar leathanach 2

Súil ar an Todhchaí

PIC: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND



Eimear Duff ón Halla Bán i mBaile Átha Cliath ag lá Oscailte de Coláiste Ríoga na Lianna agus na Máinlianna in Éirinn. Is do dhaltaí Ardteiste agus leibheál A a bhí an la oscailte ar siúl.

Earnáil an Ólacháin in Éirinn faoi bhrú

Treasa Bhreathnach

D'FHÓGAIR Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim an tseachtain seo go raibh aon teach ósta ag dúnadh a gcuid doirse in aghaidh an lae le cúig bliana anuas. Bhí 7,616 ceadúnas tugtha do thithe ósta in 2010 i gcomparáid le 8,992 in 2005 agus tá an 'Vintners Federation of Ireland' ag cur an mhilleáin ar an bpraghas íseal atá ar alcól in ollmhargaí agus siopaí eischeadúnais na tíre.

An é go raibh an iomarca tithe ósta againn ón chéad lá riamh agus nach bhfuil anseo ach bua na hoiriúnachta nó gurb iad na tithe ósta is glice agus is fearr ag an ngnó a thiocfaidh amach an taobh eile den ghéarchéim lena ndoirse oscailte?

Síleann Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann go gcaithfidh úinéirí tithe ósta breathnú ar na praghsanna arda atá á ngearradh acu ar dheoch agus gurb é sin an chúis leis na tithe ósta sin a bheith ag dúnadh. Deir príomhfheidhmeannach Chomhlachas Tomhaltóirí na hÉireann, Dermott Jewell, "Bhí sé in am d'fhíoncheannaithe bheith réalaíoch agus a gcuid praghsanna a ísliú a thuilleadh."

Tá trí cinn de thithe ósta i gcathair na Gaillimhe lena ndoirse a dhúnadh go luath de bharr titim de idir 20 agus 50% ar a ngnó ó 2008: Cuba san Fhaiche Mhór, an Cellar Bar agus an siopa eischeadúnais Harvest. Caillfear 85 post dá bharr. Deir úinéir an grúpa ar leo na tithe ósta seo, John Grealish ón Jona Group, go ndearna siad 'iarracht margadh a dhéanamh chun cíos níos lú a íoc, ach ní raibh aon suim ag na tiarnaí talún an cineál margaidh seo a dhéanamh.'

Ní drochscéalta uile atá i gContae na Gaillimhe mar go bhfuil daoine áirithe ag iarraidh leas a bhaint as an ngéarchéim chun tús a chur lena ngairm i dtithe ósta.

Is é Damien Ryder atá tar éis na léasanna nua a thógáil ar Morgan's Pub i mBaile Liam i nGaillimh ón 17ú Nollaig 2010. Ba chonraitheoir plástrála é roimhe seo agus gan aon taithí aige in aon bhealach ar bhainistiú tithe ósta. Deir sé, "Bhí sé ródheacair a fháil íoctha mar chonraitheoir plástrála, ar a laghad le teach ósta tá a fhios agat cén t-airgead atá á thógáil agat láithreach.

Ar lean ar leathanach 2

IDIRNÁISIÚNTA

An milleán curtha ar BP

DEIR Coimisiún Doirteadh Ola an Tí Bháin, gur droch-chinntí agus droch-bhainistiú de chuid an chomhlachta BP agus a gcomhghleacaithe ba chúis leis an doirteadh ola i Murascaill Mheicsiceo anuraidh. Deir siad chomh maith go ndearnadh beartais, d'aon ghnó nó trí thimpiste, chun am agus airgead a shábháil don chomhlacht. Dar leo d'fhéadfadh eachtra den chineál seo tarlú arís mura ndéanfar athbhreithniú ar an earnáil ina homláine.

Huckleberry Finn athscríofa

TÁ eagrán nua den leabhar cáiliúil de chuid Mark Twain, '*Adventures of Huckleberry Finn*' ag cruthú conspóide ar fud an domhain mar gheall gur bhain siad amach an focal 'nigger' agus gur úsáid siad 'slave' ina áit. D'athraigh siad 'Injun' go 'Indian' chomh maith. Deir Alan Gribben ar leis an eagrán úr nach raibh scoileanna Mheiriceá ag baint úsáide as an leabhar ina gcuid ranganna de bharr an fhocail 'nigger' atá le fáil sa leabhar 219 uair.

Is scéal é Huckleberry Finn a dhéanann aoire ar mheon Meiriceánach Theas ar sclábhaíocht agus ar cinneadh idir 1835 agus 1845.

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

1 NUACHT NÁISIÚNTA

Titim ar shiopadóireacht trasteorann

le hAnton Mac Cába

NÍ raibh baol ar an líon tomhaltóirí ag dul ó thuaidh fá shéasúr na Nollag agus a bhí an Nollaig roimhe. Fán séasúr, bhí titim 50% ar an ghnó i Marks & Spencer in Inis Ceithleann i gcomparáid leis an bhliain roimhe. Bliain ó shoin, b'as an deisceart do suas le 70% de na custaiméirí ann.

In ollmhargadh ASDA ar an bhaile céanna, bhí laghdú 50% ar líon na dtomhaltóirí deisceartacha. Bhíodh sé de cháil ar an siopa céanna go mbíodh daoine as Gaillimh - agus níos faide ó dheas - ag tarraingt air. In am amháin, bhí thar 1% d'iomlán mhargadh grósaeireachta an Deiscirt ag an siopa céanna.

Ní féidir an locht a chur ar an aimsir, nó bhí sin chomh holc céanna fá Nollaig 2009.

Glactar leis go bhfuil dhá ábhar mhóra leis. Tá laghdú suntasach ar an euro le bliain. Le bliain, is meán-titim 5p atá i gceist. Bhí thart ar 90p ar an euro ag Nollaig 2009. Is thart ar 85p atá anois air. Le tamall roimh an Nollaig bhí sé chomh lag le 83p ar an euro.

Chomh maith, tá miondíoltóirí móra an Deiscirt ag ciorrú praghsanna. Bíonn daoine ag dul ó thuaidh go mór fá choinne earraí áirithe. Leithéidí biotáilte, earraí ar bith a bhaineann le leanaí, brioscaí agus glantóirí a bhíonn i gceist.

Tá, ar fad, praghsanna níos daoire ó dheas. Ach ní chuireann siad an alltacht chéanna ar thuaisceartaigh níos mó. Tá sladmhargaí ann nach raibh ann cúpla bliain ó shoin. In ASDA ó thuaidh, tá £18 (€21.33) ar abhalphacáiste pampers, rud a bhfuil €20 air in Tesco.

Níl daoine atá píosa ón teorainn ag dul ó thuaidh chomh minic sin. Tá cónaí ar Patrice Uí Ghallchóir i gCora Droma Rúisc, Co. Liatroma. Tá sí 41 míle ó Inis Ceithleann, an baile mór tuaisceartach is cóngaraí.

Dar léi nach bhfuil an oiread céanna daoine ag dul ó thuaidh. "Anuraidh, chuaigh mé féin agus cairde suas," ar sise. Ní dheachamar i mbliana. Bhíodh cairde agam a théadh suas gach coicís. Le tamall anuas, ní dheachaigh."

Nuair a théann sí féin suas, bíonn sí ag roghnú go cúramach. Tá rudaí áirithe ar an phraghas céanna agus atá sa bhaile, rudaí eile níos daoire.

Tá Baile Mhuineacháin fá ceithre mhíle den teorainn, nós riamh ag daoine siopadóireacht a dhéanamh ó thuaidh. Dúirt Mary Duffy go ndeachaigh níos lú daoine ó thuaidh le tamall anuas. "Bhí Baile Mhuineacháin breá gnóthach," ar sise. "Leis, tá daoine ag ciorrú siar ar chaiteachas." Rud tábhachtach, tá siopaí ar an bhaile ag ciorrú praghsanna.

Dúirt Gordon Fleming, gur leis ollmhargadh Supervalu ar an bhaile, go bhfuil anois roinnt tomhaltóirí ag teacht aduaidh le lagú an euro. I mbéal na Nollag, chaith sé lá ag seachadadh teilifíseán. Bhí 50% acu ag dul chuig Fear Manach agus deisceart Thír Eoghain.

Fine Gael nó Gall?

Ar lean ó leathanach a haon

Ní hiad Fine Gael an t-aon pháirtí polaitíochta nach bhfuil an Ghaeilge lárnach acu ar a suíomh idirlín ná baol orthu. Níl cothromaíoch tugtha don Ghaeilge ar aon suíomh idirlín de chuid na bpáirtithe polaitíochta - ach is é suíomh Fhine Gael amháin nach bhfuil aon nod tugtha acu fiú, go bhfuil aon teanga eile seachas an Béarla sa tír.

Tá gach cosúlacht ann go mbeidh Fine Gael sa chéad rialtas eile, mar sin cén chaoi gur féidir linn brath orthu chun 'Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge' a chur i bhfeidhm agus a bheith dáiríre faoin nGaeilge?

Deir Julian de Spáinn, "Caithfidh na páirtithe polaitíochta uile tabhairt faoin nGaeilge i gceart má tá siad dáiríre faoin dátheangachas, caithfidh siad cruthú go feiceálach go bhfuil siad ag iarraidh déileáil leis an bpobal ina iomláine. Thacaigh na páirtithe uile le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003, ach anois caithfidh siad scéimeanna Gaeilge a bhunú taobh istigh dá bpáirtithe agus tabhairt faoin nGaeilge i gceart, ní hamháin ar líne ach sa pháirtí ina iomláine."

Is léir nach iad Conradh na Gaeilge amháin a bhfuil imní orthu faoi thiomantas na bpáirtithe don Ghaeilge. Deir Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge gur thionóil siad cruinniú le deireanaí le hurlabhraí Gaeltachta Fhine Gael, Frank Feighan, TD, "áit ar dheimhnigh sé a thacaíocht féin agus tacaíocht a pháirtí don Ghaeilge."

Táthar anois chun seimineár lae a eagrú go luath i mí Feabhra. Is í aidhm an tseimineáir ná, "chun gealltanais na bpáirtithe polaitíochta ina bhforógraí toghchánaíochta a chíoradh go hoscailte, i gcomhar le polaiteoirí na bpáirtithe uile, d'fhonn a chinntiú go bhfuil freastal cuí á dhéanamh ar riachtanais an phobail i dtaobh na Gaeilge de."

Mar a sheasann sé faoi láthair tá cnaipe 'Gaeilge' ar shuíomh idirlín Fhianna Fáil agus má bhrúnn tú é tá an chosúlacht ann go bhfuil roinnt iarrachta déanta acu an suíomh a aistriú go Gaeilge. Ach, má théann tú níos doimhne sa scéal, níl ann ach go bhfuil teideal na leathanach aistrithe acu agus cúpla alt faoin bpáirtí féin le fáil i nGaeilge.

Ar shuíomh an Chomhaontais Ghlais tá cnaipe 'Gaeilge' le fáil air chomh maith, agus is ionann an méid ábhar atá le fáil ar an suíomh agus atá ar shuíomh Fhianna Fáil. Tá eolas faoin bpáirtí le fáil i nGaeilge agus roinnt de na teidil, ach sin é an méid.

Tá beagán níos mó Gaeilge le fáil ar shuíomh Shinn Féin, ach ní mórán é. Tá 'cnaipe' acu féin chomh maith le heolas maidir le Sinn Féin le fáil i nGaeilge agus roinnt teideal. An é go gceapann na páirtithe seo uile gur cabhair í an cur i gcéill seo don Ghaeilge agus nach dtuigeann siad nach leor é chun tabhairt faoi chur chun cinn na Gaeilge i gceart.

Maidir le Páirtí an Lucht Oibre, níor bhac siad le cur i gcéill ar bith, níl aon chnaipe 'Gaeilge' le fáil ar an suíomh idirlín acu.

Shocraigh siad nach raibh ag teastáil ach 'Google Translate' chun a bheith dáiríre faoi chur chun cinn na Gaeilge ar a suíomh idirlín. Is féidir caighdeán na Gaeilge a mheas tríd an teachtaireacht seo atá le fáil ar phríomhleathanach an tsuímh agus é aistrithe go Gaeilge ag úsáid 'Google Translate'-

"Maith thú chun ár gcuid féin Robbie Ireton, Méara Guaire, a foiled robbery i gcógaslann sa bhaile ag chasing an fear tríd an mbaile a bhí ansin a thabhairt ina dhiaidh siad go Guaire Stáisiún na nGardaí."

Earnáil an Ólacháin in Éirinn faoi bhrú

Ar lean ó leathanach a haon

Shíl mé go raibh neart féidearthachtaí le Morgan's ó thaobh an tseomra ócáide do bhreithlá 21 agus sochraide agus mar sin de, nach mbeadh ag tithe ósta eile, agus tá neart taithí ag bainisteoir an phub, Joe, le tithe ósta." Is léas ceithre bliana a shínigh Damien. "Bhí an gnó go maith i gcaitheamh na Nollag, rud iontach. Táim ag íoc €300 cíosa in aghaidh na seachtaine, le forchostais ar a bharr sin agus níl sé sin ródhona mar go raibh a fhios agam an buiséad uile sular shínigh mé aon chonradh. Tá sé i gceist agam bheith i mo bhall den 'Vintners Federation of Ireland', ach sílim, cé go bhfuil eilimint de chiall sa mhéid a dúirt siad faoi phraghas an óil i siopaí, tá neart eilimintí eile a thagann le deoch i dteach ósta, mar shampla an t-atmaisféar." Síleann Damien gur cinnte go bhfuil an iomarca tithe ósta in Éirinn. Is ceantar é Baile Liam a bhfuil 5 cinn de thithe ósta ann agus dar le Damien ní bheidh ach b'fhéidir dhá cheann dóibh seo fágtha i gceann cúpla bliain. Tá Tí Hiúdaí Beag sa Bhun Beag i nGaoth Dobhair ar an bhfód ó 1968 agus é tar éis streachailt tríd níos mó ná an ghéarchéim seo. Deir Katie Uí Ghallchóir, bean atá tar éis a saol a bheith sáite i saol an tí ósta, "Tá an t-ádh linne, mar tá timpeall sé cinn de phubanna druidte i gCraoslach le tamall anuas agus i bhfad níos mó i nDún na nGall féin." Ní aontaíonn sí gurb í an fhadhb is mó ná praghas an óil a bheith níos saoire sna siopaí. "Bhíodh monarchana timpeall na háite seo atá anois druidte, agus má tá muintir na háite gan obair, tá siad gan airgead.

Cailleann muintir na háite amach go mór le dúnadh pubanna, mar is áiteanna iad leis an phobal a thabhairt le chéile agus, má chailltear iad, caillfear sense of humour agus an dóigh a bhfuil muintir na háite," a deir Katie.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Trevor Ó Clochartaigh
Bainisteoir Tionscadail
trevor.oclochartaigh@gaelsceal.ie

Treasa Bhreathnach
Soláthróir Ábhair
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

Meadhbh Ní Eadhra
Soláthróir Ábhair
meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Uimhir Oifige :
00353-91-897766
00353-91-536201
nuacht@gaelsceal.ie

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Milleán faoin ngéarchéim uisce curtha ar an Aire Murphy

le hAnton Mac Cába

TÁ na páirtithe eile ag cáineadh Conor Murphy, Aire Forbartha Réigiúnda an Tuaiscirt agus ball de Shinn Féin, as an ghéarchéim leis an soláthar uisce. Thar shéasúr na Nollag, fágadh 56,000 teaghlach gan uisce. Bhí cuid acu 12 lá gan uisce. Bhí an SDLP ach go háirithe glórmhar ag cáineadh Murphy. Leis, dúirt Tom Elliot, ceannaire Pháirtí Aontachtach Uladh (UUP), gur cheart dó éirí as. Agus seo dá scríobh, tá príomh-fheidhmeannach Uisce Thuaisceart Éireann le héirí as a phost.

Is ar Uisce Thuaisceart Éireann atá an cúram as soláthar uisce a chur ar fáil don Tuaisceart. Bunaíodh in 2007 é, faoin riail dhíreach. Is comhlacht é atá i seilbh an stáit. Ag an am, bhí airí Sasanacha ag déanamh chorais uisce an Tuaiscirt réidh don phríobháidiú. Bhí táillí uisce le tabhairt isteach fosta. Níor tharla ceachtar den dá bheart, ach coinníodh Uisce Thuaisceart Éireann mar a bhí.

Leis an bhfuacht sa Tuaisceart, ba léir go raibh fadhbanna leis an infreastructúr o thaobh píobaí uisce. Glactar leis nach ndearnadh go leor infheistíochta thar na blianta.

B'fhadhbanna cumarsáide ba mhó a chuir as don phobal. Ní raibh sin mar is ceart ag Uisce Thuaisceart Éireann. Ní raibh daoine ábalta a fháil amach cérbh iad na ceantair go raibh uisce acu, agus na cinn a bhí gan uisce. Cuireadh líne fóin faoi leith ar fáil d'ionadaithe tofa.

Conor Murphy

Bhí ionadaithe ó achan pháirtí, Sinn Féin ina measc, ag gearán nach raibh siad ábalta fáil tríd air. D'admhaigh urlabhraithe nárbh eol d'Uisce Thuaisceart Éireann cuidiú bheith ar fáil ó chomhlachtaí uisce eile sa Bhreatain go dtí an tseachtain seo caite. Níor labhair an príomh-fheidhmeannach, Laurence McKenzie, le linn na géarchéime - nó gur thosaigh sé ar shaoire trí seachtaine agus an Tuaisceart reoite ar 20 Nollaig.

Tá impleachtaí polaitiúla leis seo ar fad. Amharctar ar Murphy mar chomharba Gerry Adams. Tá Aontachtóirí den bharúil gur duine ábalta é. Is iarchime Poblachtach as an Cham Loch i ndeisceart Ard Mhacha é. Cionntaíodh in 1982 é agus é ina dhéagóir. Tugann sin stádas dó i measc poblachtach traidisiúnta. Ach níl íomhá pharamílíteach aige.

Níl sé soiléir cé mhéad damáiste a rinne an ghéarchéim uisce do Murphy. Is comhlacht é Uisce Thuaisceart Éireann; ní cuid den Roinn Forbartha Réigiúnda é. Fágann sin ceisteanna bainistíochta casta. Mhol Murphy go gcuirfí deireadh le hUisce Thuaisceart Éireann, agus go mbeadh sé mar chuid den Roinn. Níor cheadaigh an Feidhmeannas sin. Tá fadhbanna le hUisce Thuaisceart Éireann. Mar Aire, tá Murphy ag déileáil leis le tamall. Mí an Mhárta anuraidh, bhris sé tromlach an Bhoird as a bpost. Bhí seo mar go raibh conarthaí dá mbronnadh gan dul tríd an phróiséas cuí. Ag an am, thug Murphy lán-tacaíocht do McKenzie mar príomh-fheidhmeannach. Mí Lúnasa cuireadh Rúnaí Buan na Roinne Forbartha Réigiúnda ar fionraí. Cuireadh ina leith go raibh páirt ceilte aige i bhfiosrúchán ar ghnóthaí Uisce Thuaisceart Éireann. Dúirt Conal McDevitt, Ball Tionóil Reachtaigh ón SDLP, gur cheart do Murphy éirí as. "Beidh seo ar an tríú príomh-fheidhmeannach a d'éirigh as agus é ina Aire," arsa McDevitt. "Tá Rúnaí Buan na Roinne ar fionraí. Caithfidh tú an cheist a chur - an ar achan duine eile an locht?"

Ní seo an bharúil atá ag Máirtín Ó Muilleoir, iarstiúrthóir ar Uisce Thuaisceart Éireann. Dar leis an Muilleorach go ndearna an comhlacht 'praiseach' den chumarsáid. "Stopann an fhreagracht leis an phríomh-fheidhmeannach," ar seisean. Tá Uisce Thuaisceart Éireann 'mífheidhmiúil', dála go leor den earnáil phoiblí, dar leis. Is cinnte go bhfuil Murphy sábháilte sa ghearr-théarma. Ní ghéilleann Sinn Féin do bhrú ó pháirtithe eile. Ach an bhfuil damáiste déanta sa bhfad-téarma dá íomhá mar aire cumasach?

Et tú Bertie?

GRIANGHRAF: SASKO LAZAROV,PHOTOCALL IRELAND

Thréig a sheanchomrádaí, Bertie Ahern, an Taoiseach Brian Cowen ag an deireadh seachtaine in agallaimh a thug sé i nuachtán Domhnaigh. Tá an t-aon Aire sinsearach a chosain an Taoiseach go poiblí, Tony Killeen, i ndiaidh fógairt go bhfuil sé féin ag éirí as an pholaitíocht chomh maith. Ar beag cara sa chúirt atá fágtha ag an Taoiseach anois? Seo grianghraf den bheirt seanchara ag Cnoc an Arbhair i 2008.

An IFA ar son leasuithe ar reachtaíocht athrú aeráide

TÁ Uachtarán Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA), John Bryan, ag tabhairt rabhaidh go gcaithfear leasuithe a dhéanamh ar dhréachtreachtaíocht an rialtas i leith athrú aeráide. Síleann sé go bhféadfadh sé costas de suas le €4bn a chruthú san earnáil agraibhia.

Tá cáineadh á dhéanamh aige ar na spriocanna atá luaite sa reachtaíocht ó thaobh laghdú astuithe, ag rá nach féidir leis an rialtas cloí leo gan tréada náisiúnta mairteola agus déiríochta a ghearradh.

Conspóid Cárta Nollag Gaeilge

le hAnton Mac Cába

TÁ cárta Nollag Gaeilge ina ábhar conspóide ar an Ómaigh. Ba chárta é a chuir Declan McAleer, Cathaoirleach na Comhairle, amach mar Chathaoirleach.

Rinne an Comhairleoir Bert Wilson ó Pháirtí Aontachtach Uladh (UUP) gearán. "Tá fadhb agam, nó níl 99% den phobal Aontachtach ábalta an cárta a léamh," arsa Wilson le Gaelscéal.

Dúirt sé go ndearna cuid mhór daoine gearán leis. "Tá sé mar pholasaí ag an Chomhairle go mbeadh rudaí as Béarla, Gaeilge agus Albainis Uladh," ar seisean.

"Fadhb atá ann ná go bhfuil úsáid dá bhaint as an Ghaeilge mar chleas polaitiúil. Tá comharsana liom, Aontachtóirí, go bhfuil Gaeilge acu." Nuair a bhí Wilson ina chathaoirleach ar an Chomhairle, rinne sé freastal ar oscailt oifigiúil Bhunscoile na gCrann, an Ghaelscoil ar an Ómaigh.

Shéan McAleer go raibh an cárta ar dhóigh ar bith maslach don phobal Aontachtach. Ní bhfuair sé ach dhá ghearán. "Bhí sé dá-theangach," arsa McAleer. "Ba mhaith liom a chur in iúl go raibh an íomhá a roghnaigh mé uileghabhálach - an dá spuaic (den dá eaglais ar an Ómaigh). Roghnaíodh an cárta le bheith uileghabhálach. B'shin an fáth go raibh focail Ghaeilge ann chomh maith leis an Bhéarla. Mar shampla, an baile fearainn 'Ballynahatty', mar a bhfuil cónaí ar an Chomhairleoir Wilson, ciallaíonn sé 'Baile na hÁite Tí.'"

GLEO
Foras na Gaeilge

GAEILGE LABHARTHA SAN EARNÁIL OIDEACHAIS

Tá obair den scoth ar siúl fud fad an oileáin ó thaobh chur chun cinn na Gaeilge labhartha de i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán teagaisc.

Is deis iontach í an scéim GLEO le hiarrachtaí na múinteoirí, na ndaltaí agus na scoile a cheiliúradh agus leis an aitheantas atá tuillte go mór acu a bhronnadh orthu.

Bronnfar trófaí agus duais de €3,000/£2,000 leis na hardghradaim seo ar thrí scoil in aghaidh an réigiúin. Tá, mar sin, seans ag dhá bhunscoil agus iarbhunscoil amháin i ngach ceann de na sé réigiún gradam a bhuachan!

Tugtar cuireadh do phríomhoidí agus do mhúinteoirí iarratas scoile a chur isteach trí chuairt a thabhairt ar **gaeilge.ie/gleo**.

Gheobhaidh tú foirmeacha iarratais le híoslódáil anseo agus tuilleadh eolais faoin scéim.

Sprioc le haghaidh iarratas:
1.00pm Dé hAoine, 21 Eanáir, 2011.

TUILLEADH EOLAIS & FOIRMEACHA IARRATAIS
www.gaeilge.ie/gleo

Foras na Gaeilge, 7 Cearnóg Mhuirfean, BÁC 2.
Teil: +353 1 639 8400 R: oideachas@forasnagaeilge.ie

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 7 Eanáir, 2011

INDO & SINDO ag easaontú?

Páidí Ó Lionáird

TÁ os cionn scór teideal éagsúil á fhoilsiú ag an gcomhlacht ollmhór foilsitheoireachta Irish News and Media (INM). Tá idir nuachtáin náisiúnta, nuachtáin réigiúnacha, nuachtáin laethúla, nuachtáin Domhnaigh agus nuachtáin seachtainiúla acu. Díolann siad go maith i gcoitinne go háirithe an Irish Independent, an Sunday Independent, an Star, Herald agus Sunday World.

Is comhlacht fíorchumhachtach atá ann agus smacht acu ar an oiread sin eagarfhocail. É sin ar fad gan trácht ar na seirbhísí raidió ar fad atá faoina smacht acu freisin.

Maítear gur chas taoide na polaitíochta i bhfabhar Fhianna Fáil agus Thaoiseach na linne, Bertie Ahern TD díreach roimh an olltoghchán seo caite in 2007 nuair a scríobh Eoghan Harris colún ag moladh an Taoisigh agus chuaigh sé céim níos sia nuair a dhein sé amhlaidh ar an Late Late Show an tseachtain chéanna. Ach tá rud éigin ait agus aisteach ag tarlú i gceannasaíocht agus in eagarfhocail an chomhlachta foilsitheoireachta is mó sa tír seo.

Tá éiginnteacht agus easaontas á léiriú acu agus baineann sé le conas a láimhseálann siad an phearsa chéanna, Bertie Ahern. Ceannteideal an Sunday Independent an tseachtain seo caite á mholadh go hard, mar is dual dóibh; ceannteideal san Irish Independent an Mháirt seo caite á cháineadh go tréan.

Ardaíonn sé seo ceist fhíorthábhachtach don léitheoir/tomhaltóir. Cé acu foilseachán ar chóir suntas a thabhairt dó? Ar chóir a bheith ag brath ar cheachtar acu dfhonn éirim scéil a thabhairt agus, más ea, cén claonadh lenar féidir a bheith ag súil?

Glactar go coitianta leis gurb ionann an Irish Times agus páipéar na dtaifead náisiúnta, is é sin le rá gur féidir braith ar an bhfoilseachán le scéal nuachta a bhreith leis gan aon chlaonadh seachtrach.

Ní hionann san agus a rá nach bhfuil anailís agus tuairimí le fáil sa bhfoilseachán céanna. Tá ach gheobhair an scéal nuachta lom, gan mhaisiú ar dtús báire.

Nílim á rá nach bhfuil scéalta nuachta loma gan mhaisiú le fáil i bpáipéir de chuid INM ach tá ceist le cur áfach. Cá bhfuil triail na nuachtán seo agus iad ag glacadh malairt treo? An é go bhfuil eagarthóirí na bhfoilseacháin ar ruathair aonair lena dtuairimí?

An bhfuil pé deighilt atá idir phríomhscarshealbhóirí INM, Tony O'Reilly agus Denis O'Brien á taispeáint féin tríothu? Tá sé deacair freagra iomlán cruinn agus cuimsitheach a thabhairt ar na ceisteanna seo ceal labhairt leis na príomhaithe luaite.

Tá rud amháin cinnte áfach, agus is é sin go mbeidh triail na bpáipéar seo fíor-shuimiúil ag druidim i dtreo an olltoghcháin. An mbeidh a gclaonadh le tabhairt faoi ndeara? An roghnóidh siad dhá thaobh den bhóthar céanna arís agus iad ag iarraidh freastal ar an dá thrá?

Agus cad mar gheall ar thoghchán eile atá le tionól níos déanaí i mbliana, toghchán an Uachtaráin a thugann Bertie Ahern ar ais isteach sa phictiúr?

Fuair Eoghan Harris a bhuíochas siúd uaidh nuair a ainmníodh i measc rogha Seanadóirí an Taoisigh é. Cé a bheidh ag lorg a bhuíochais má sheasann sé don Áras i mbliana?

Deireadh an Domhain?

Treasa Bhreathnach

Thit timpeall 3,000 éan marbh ón spéir ar oíche chinn bhliana, i mbaile beag Beebe, in Arkansas, Meiriceá. Thit timpeall 500 éan marbh ón spéir i Louisiana ar an gCéadaoin seo caite agus thit suas le 50 éan marbh ón spéir i gcathair Falkoping sa tSualainn. Tá daoine áirithe ag tuar gur tús le deireadh an domhain atá ann.

Ní hiad na héin hamháin atá ag fáil bháis, ach fuarthas suas le 100,000 iasc marbh in abhainn in Arkansas chomh maith leis na mílte acu i mBá Chesapeake,i Maryland agus na mílte eile sa Nua-Shéalainn.

Ní gnáth rud é go bhfaigheann moll mór éan nó iasc bás mar seo, ach ag an am céanna, tarlaíonn sé ó am go ham. Ní fios ag an bpointe seo an chúis atá le bás na n-éan, ach tá nimh, stoirmeacha, an aimsir fhuar agus mearbhall luaite mar fhéidearthachtaí. Tá an t-idirlíon agus iad siúd a dtaitníonn teoiricí comhcheilge leo glórach agus iad cinnte go bhfuil nasc idir na heachtraí seo uile.

Deir eolaithe go bhfuil gach seans ann go raibh tionchar ag na tinte ealaíne a scaoileadh ar oíche chinn bhliana ar an gcéad ghrúpa éan a fuair bás. B'fhéidir gur scanraíodh iad nó díreach gur dúisíodh iad agus gur thosaigh siad ag eitilt le mearbhall orthu agus gur eitil siad díreach isteach ina chéile, nó i rud éigin eile. Ó thaobh na n-éan i Louisiana, thit roinnt acu siúd le droim nó le heitleog bhriste acu, ceaptar go bhfuil seans ann go raibh siad tinn agus gur bhuail siad línte cumhachta ar a mbealach síos ón spéir. Níl aon cheo cinnte faoi céard is cúis le bás na n-éan sa tSualainn ach an oiread.

Tá tástáil á dhéanamh faoi láthair ar na héin uile a fuarthas tite marbh ón spéir, mar aon leis na héisc. Tá an t-idirlíon lán le tuairimíocht faoi chúiseanna báis na n-éan agus na n-iasc. Is é deireadh an domhain an tuairim is láidre, ach ar ndóigh ní féidir linn neamhaird a dhéanamh den tuairim gur bhuail na héin 'UFO' a bhí dofheicthe! Le húsáid an idirlín, agus gréasán na meán sóisialta, is féidir do chuid tuairimí ar dheireadh an domhain a scaipeadh níos tapúla ná riamh cheana.

Ach ní bheidh aon fhreagra againn ó na heolaithe traidisiúnta go ceann roinnt seachtainí ar a laghad faoi shiocair báis na n-éan agus na n-iasc marbh. B'fhéidir gur fearr duit fanacht ar fhianaise na n-eolaithe sula dtéann tú ar ebay chun d'fhoscadán a cheannach!

An bhfuil an Geimhreadh ag éirí níos fuaire?

le hAnton Mac Cába

TÁ impleachtaí do chúram bóithre sa gheimhreadh fuar atá ar siúl. An mbeidh an grean nó salann a leagtar ar na bóithre sásúil len iad a choinneáil sábháilte?

Dúirt urlabhraí thar ceann an Údarais um Bóithre Náisiúnta gur meascán leath-ar-leath salainn agus gainimh a scaipeann siad ar bhóithre. Tosnaíonn sin ag cailleadh éifeachta nuair a thiteann an teocht faoi -9ºC. Sa tuaisceart, baintear níos mó úsáide as salann. Dúirt urlabhraí thar ceann na Roinne Forbartha Réigiúnda go dtosnaíonn reo nuair a a thiteann an teocht faoi idir -8ºC agus -10ºC.

Is teocht sin a chonacthas le roinnt seachtainí anuas. Tá seo ar an tríú geimhreadh fuar as deis a chéile. Bhí geimhreadh 2008-9 ar an gheimhreadh ab fhuaire le 18 bliain, dar le Met Éireann. Bhí geimhreadh 2009-10 ar an gheimhreadh ab fhuaire le 50 bliain. Tá an geimhreadh seo ar an dara geimhreadh is fuaire dá raibh riamh ann. Go dtí seo, ní fios an mairfidh droch-aimsir chomh fada agus a mhair geimhrí eile.

Tógann seo ceist: an bhfuil na geimhrí in Éirinn ag éirí níos fuaire? Tá baint aige seo le hathrú aeráide. Nó, agus téamh domhanda ann, ní hionann sin is a rá go mbeidh achan áit níos teo.

Dúirt John Sweeney, saineolaí ar chúrsaí aeráide in Ollscoil na hÉireann Má Nuad, nach cinnte go fóill go bhfuil baint ag téamh domhanda leis an gheimhreadh fuar. Agus an Mol Thuaidh níos teo, cuireann sin isteach ar imshrúthú aniar an aeir. Fágann sin muidne fuar - agus an Ghraonlainn níos teo go maith ná mar is gnách. Ainneoin chomh fuair agus atáimid, bhí 2010 ar an tríú bliain ba theo ar bhonn domhanda le 150 bliain.

Léiríonn taighde, chomh maith, go dtarlaíonn athruithe timthriallacha san aimsir. In ionad gaoth láidir aniar bheith ag séideadh, tagann aer fuar anoir. Nuair a tharlaíonn a leithéid, bíonn sraith de gheimhrí fuara againn.

Má tá na geimhrí le bheith níos fuaire, caithfear amharc ar dhóigh eile chun cúram a dhéanamh ar bhóithre. Tá teocht Fhionlainneach againn le tamall. Dúirt Rolf Johansson ó Ambasáid na Fionlainne nach scaiptear salann ach ar 6,500 ciliméadar bóthair den 78,000 ciliméadar atá sa tír. Níl feidhm leis an salann sa bhfuacht. "Is é is tábhachtaí ná go nglanfaí sneachta de na bóithre, agus go mbeadh boinn mar is ceart ar charranna," ar seisean. "Ó Nollaig go Feabhra, tá sé riachtanach de réir an dlí 'boinn gheimhridh' bheith ar do charr." An mbeidh orainne an rud céanna a dhéanamh?

60 siopa HMV le dúnadh

TÁ HMV tar éis a fhógairt go mbeidh siad ag dúnadh 60 siopa tar éis gur thit scaireanna sa ghrúpa 24%. Bhí an comhlacht ag súil le Nollaig láidir tar éis dóibh caillteanas de £40m a fhógairt don leathbhliain a chríochnaigh ar an 1 Deireadh Fómhair, ach thit líon na ndíolachán 10.2% i rith na gcúig seachtaine go dtí an 1 Eanáir i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Tá Waterstone's i measc na gcomhlachtaí sa HMV Group a bunaíodh in 1921. Tá an baol ann anois go leanfaidh sé Woolworths agus Zavvi.

BBC cáinte faoi mhac Elton John

Scott De Buitléir

TÁ an BBC cáinte ag soláthróir nuachta an phobail aeraigh mar gheall ar an gclúdach a rinne siad ar scéal mhac Elton John agus David Furnish.

Tá iarrtha ag an suíomh nuachta PinkNews.co.uk ar a chuid léitheoirí gearán oifigiúil a dhéanamh i gcoinne an chraoltóra Bhriotanaigh i ndiaidh dóibh agallamh le duine atá den bharúil gur chóir fir aeracha a chur chun báis a chraoladh mar chuid den scéal faoi mhac nua John agus Furnish, Zachary.

Elton John agus David Furnish (PIC. AP /EVAN AGOSTINI)

Rugadh mac do mháthair ionaid (surrogate) don amhránaí cáiliúil agus dá fhear céile in California Mheiriceá Lá Nollag. Ar 28 Nollag, chraol príomhchlár nuachta an BBC, News at Six, tuairisc faoin mbreith nach raibh ach agallamh amháin ann. Stephen Green a bhí faoi agallamh, ball de ghrúpa Críostaíoch, Christian Voice, agus meastar gur chuala seacht milliún duine a ráiteas "nach raibh gach duine sásta le páiste a bheith á thógáil ag lánúin chomhghnéis". Ní dúradh sa tuairisc, áfach, go bhfuil an tUasal Green i bhfabhar bás a dhaoradh ar fhir aeracha.

Thug an tUasal Green "designer accessory" de chuid Elton John ar an leanbh agus cháin sé an t-amhránaí mar gheall ar a chuid clú agus cáile: "Is cosúil go bhfuil sé in ann gach dá bhfuil uaidh a cheannach, agus tá an socrú seo déanta aige."

Roimhe seo, léirigh Green tacaíocht le pionós an bháis do homaighnéasaigh in Uganda. Dúirt sé gur drocheiseamláir é Gareth Thomas, imreoir rugbaí a tháinig amach mar fhear aerach anuraidh. Thairis sin, chaill sé cás dlí in aghaidh an BBC as blaisféim nuair a craoladh an clár Jerry Springer: The Opera ar chainéal dá gcuid ina ndúirt carachtar Íosa go raibh sé féin "beagáinín aerach".

I ndiaidh don suíomh PinkNews.co.uk brú a chur ar an BBC míniú a thabhairt ar roghnú an duine áirithe seo chun labhairt sa tuairisc faoi bhreith mhac John agus Furnish, is cosúil nárbh shásúil dóibh an freagra. D'eisigh an BBC ráiteas maidir leis: "Is conspóideach agus mothálach an t-ábhar í an mháthairionadaíocht. Phléigh an tuairisc bheag nuachta a bhí againn le Elton John agus é ag caint faoi pháiste a bheith uaidh agus bhí léargas ina choinne. Tá ceachtar taobh den ábhar pléite againn ... agus tá sé sin le feiceáil inár gclúdach."

Dar le PinkNews, ba ghoilliúnach rogha an chraoltóra do na "milliúin íocóirí ceadúnais teilifíse" sa phobal aerach a leithéid de dhuine a chur faoi agallamh.

Níorbh ghoilliúnach é don phobal aerach amháin, dar leo, ach do Chríostaithe eile ar fud na Ríochta Aontaithe nach bhfuil tuairimí "antoisceacha" (extremist) acu mar atá ag Stephen Green agus ag an ngrúpa Christian Voice. Ní hé seo an chéad uair atá an pobal LADT (Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinscneach) maslaithe ag an BBC. D'fhoilsigh siad suirbhé anuraidh inar cuireadh an cheist ar cheart homaighnéasaigh a chur chun báis. Níl an BBC le níos mó a rá faoin ábhar seo.

"No, No, No.." a deir Gilmore le SF agus FF

Páidí Ó Lionáird

MUNA mbíonn Éamon Gilmore sásta dul i gcomhrialtas le Fianna Fáil ná Sinn Féin, ní mór dó gach ar féidir leis a réiteach le Enda Kenny agus Fine Gael más fonn leis rialtas réadúil a chur le chéile.

I ndiaidh seachtaine inar fhógair ceannaire Pháirtí an Lucht Oibre nach mbeadh sé sásta dul i gcomhrialtas le ceachtar de na páirtithe thuasluaite, is amhlaidh go bhfuil muinín agus dóchas a dhóthain ag an Uasal Gilmore gur féidir leis pé difríochtaí idir an Lucht Oibre agus Fine Gael a réiteach in am trátha.

Agus tá difríochtaí a ndóthain eatarthu. Ní aontaíonn siad ar go leor gnéithe eacnamaíochta fiú is go bhféadfaí a rá gur mó difríochtaí atá eatarthu ná a bhfuil de chosúlachtaí ann.

Maidir le hathchóiriú rialtais, tá go leor difríochtaí eatarthu freisin. Áit a dteastaíonn ó cheannaire Fhine Gael deireadh a chur leis an Seanad, níl sé i measc na nithe atá i ndoiciméid pholasaí an Lucht Oibre bíodh is go bhfuil go leor ábhair eile shuntasacha ann. Ina measc, córas cosanta sceithirí (whistleblowers) a thabharfadh cosaint dóibh siúd a inseodh faoi mhí-úsáid i gcórais agus i gcaiteachais éagsúla stáit. Luaitear freisin clár brústocairí a thabharfadh le fios cé atá ag stocaireacht ar son cé. Tá sé luaite freisin go méadófaí na laethanta suite Dála fá 50%, gníomh a chuirfeadh dlús le reachtaíocht curtha trí thithe an Oireachtais. Moltar athchóiriú an chórais ceapacháin go boird de chomhlachtaí stáit freisin, rud a mhéadódh trédhearcacht sa chóras féin.

Eamon Gilmore.
(PIC. MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND)



Gerry Adams.
(PIC: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND)

Mar atá scríofa cheana, teastaíonn ó Enda Kenny an Seanad a scor ar fad, fiú's nár inis sé dá Sheanadóirí féin é nuair a d'fhógair sé a mhian cúpla bliain ó shin. Tá corrghníomh eile ar a intinn aige freisin, cinn ar a bhfuil sé ina aonair freisin. Tá ceist na Gaeilge éigeantaí i ndiaidh an Teastais Shóisearaigh. Measann eagrais teanga gur mó dochar ná maitheas a dhéanfadh a leithéid de dhíolúine ón nGaeilge agus ceaptar go ritheann sé glan in aghaidh go leor dá bhfuil glactha go tras-pháirtí leo le déanaí i leith na Gaeilge, an straitéis 20 bliain ina measc.

Mar sin, tá go leor cur agus cúiteamh le déanamh ag maorlathais na bpáirtithe éagsúla má táthar le teacht ar fhoirmle a shásóidh a gcuid ball. Is cosúil nach bhfuil Éamon Gilmore ag glacadh leis go fóill, nach bhféadfadh Páirtí an Lucht Oibre a bheith ar an bpáirtí is mó sa stát i ndiaidh an olltoghcháin seo chugainn, gníomh a bhronnfadh i bhfad níos mó cumhachta air dá dtarlódh. Ach is ar éigean gur mar sin a bheidh.

Tiocfaidh fás ar líon suíochán Shinn Féin mórthimpeall an stáit agus beidh glór nua láidir acu i bhfoirm Uachtarán an pháirtí, Gerry Adams, a bhuafaidh suíochán i gCo. Lú gan aon stró ró-mhór, ceaptar. Oibreoidh Sinn Féin le haon pháirtí d'fhonn dul i gcomhrialtas agus mar a dúirt Adams níos luaithe sa tseachtain, más féidir le Sinn Féin margadh a dhéanamh le hIan Paisley, is féidir leo margadh a dhéanamh le héinne.

Idir an dá linn, tosnóidh rothaí móra na meán cumarsáide ag casadh agus ag fuinneadh scéalta, cuid acu fíor agus cuid acu ar finscéalta iad ag teacht ó chúlbhinseoirí anaithnide. Cuid eile fós ag teacht ó sceithiúintí éagsúla fhaid's a bheidh na ceannairí éagsúla á ngríosadh féin chun troda. Éire mar is fearr í, ag réiteach d'ollthoghchán.

Cúntóir Léirithe

Tá folúntas i gcomhair an phoist thuasluaite le líonadh againn

Ní mór Gaeilge líofa idir labhartha agus scríofa, scileanna maithe idirphearsanta agus suim sna meáin a bheith ag iarrthóirí

Seol fiosruithe/iarratais chuig:

eolas@macallateo.com

faoin 19 Eanáir

MACALLA

macallateo.com

An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
Department of Community, Equality and Gaeltacht Affairs

SCÉIM MHAOINITHE LE TACÚ LE hEAGRAÍOCTHAÍ NÁISIÚNTA SAN EARNÁIL DHEONACH AGUS PHOBAIL

Tá an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta ag lorg iarratas faoi scéim mhaoinithe le tacú le heagraíochtaí náisiúnta san earnáil dheonach agus phobail.

IARRATASÓIRÍ:

Iarrtar iarratais ó eagraíochtaí sa phobal agus san earnáil dheonach a fheidhmíonn ag an leibhéal náisiúnta agus ar léir go bhfuil ballraíocht ar fud na tíre acu. (Níl eagraíochtaí réigiúnacha ná áitiúila incháilithe do mhaoiniú faoin scéim.)

Tá treoirlínte agus foirmeacha iarratais ar fáil ó na foinsí seo a leanas:

An Rannóg Tacaíochta Pobail agus Deonaí,
An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta,
Sráid Teeling,
Tobar an Choire,
Co. Shligigh

Teil: (071) 9107824/25

Ríomhphost: whitepaper@pobail.ie

NÍ MÓR IARRATAIS CHOMHLÁNTA A BHEITH ISTIGH FAOIN 24 EANÁIR 2011.

Beidh eolas a sholáthrófar in iarratais faoin Scéim Deontas seo faoi réir na nAchtanna um Saoráil Faisnéise, 1997 agus 2003.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 7 Eanáir, 2011

Wikileaks: SAM BRÉAN d'EASAONTÓIRÍ CHÚBA!

Tomás Mac Síomóin

Bronnadh Duais Síochána Sacharof ar an easaontóir Cúbach, Guillermo Fariñas Hernández, sa bParlaimint Eorpach i Strasbourg ar 21 Nollaig. Dúradh gurbh é a throid ar son ceart daonna i gCúba a thuill an gradam sin dó. Níor thaistil sé lena dhuais a fháil.

Léirchruthaíodh i gcúirt dlí gur ghníomhaire ar tuarastal é Fariñas thar cheann SAM, stát atá naimhdiúil do Chúba. De réir Bhunreacht Chúba, is é tréas in aghaidh na tíre an choir is measa agus is mó a thuilleann an pionós is géire. I ndiaidh plé fhada phoiblí ina raibh an gnáthphobal lánpháirteach, ghlac 97% den mhuintir, i reifreann lánrúnda, leis an mBunreacht seo, a shainíonn córais riaracháin agus dlí Chúba.

Agus é i bpríosún, thuill Fariñas neart poiblíochta as a chuid stailceanna ocrais. Faoi shocruithe a bhfuil lámh ag an Eaglais Chaitliceach i gCúba iontu, tá na príosúnaigh Chúbacha a bhí ciontaithe as tréas agus treascairt, Fariñas ina measc, á scaoileadh saor. Bhí lánchead ag Fariñas taisteal go Strasbourg lena dhuais a bhailiú. Ach, fearacht iarchimí eile a bhí ciontaithe i dtréas, ní bheadh cead aige filleadh feasta ar Chúba. Ní hé fearacht bhunáite a chomrádaithe, áfach, roghnaigh seisean fanacht ina thír dhúchais.

Ní haon eisceacht é an chaoi a gcaitheann Cúba le lucht tréasa. Léiríonn tuairiscí ó na Stáit Aontaithe go bhfuil an saighdiúir Bradley Manning, 22 bliain d'aois, ar cuireadh ina leith gur sceith sé eolas rúnda do Wikileaks, faoi choinneáil aonair an chuid is mó den am ó gabhadh é. Agus níor cuireadh triail fós air fiú amháin! Is díol spéise é go léiríonn cuid den ábhar a sceith Manning, cáipéisí ó Oifig Leasa na Stát Aontaithe (OLSA) in Havana, go gcuirfidh na Poncánaigh béim ar straitéis eile feasta le córas Chúba a threascairt seachas gníomhairí dúchasacha ar nós Fariñas a fhostú.

Coinníonn OLSA a mhéar ar realpolitik Chúba. Nuair a bhí údaráis Washington ar bís lena fháil amach céard a tharlódh i gCúba dá gcaillfí Fidel Castro sa mbliain 2008, bhí freagra gonta ag OLSA: "Tada".

D'fhoilsigh an nuachtán Spáinneach, El País, tuairiscí ar an ábhar a sceith Wikileaks a bhaineann le OLSA seachtain roimh an Nollaig.

De réir na dteachtaireachtaí cábla seo, feictear do na Poncánaigh go bhfuil na heasaontóirí traidisiúnta ró-shean - tá an trí scór sáraithe ag a bhformhór - agus nach mbíonn aird ag an mórphobal ar a mbíonn á rá acu. Is ag díriú ar an mionlach úd d'ógánaigh, de bhlagálaithe, d'ealaíontóirí agus de cheoltóirí nach bhfuil sásta leis an gcaoi a bhfuil an tír á rialú faoi láthair a bheas OLSA feasta. Tharla nach mbíonn meas ag an óige ar na heasaontóirí traidisiúnta - seachnaíonn siad an lipéad "easaontóir" fiú amhain - agus ba éifeachtaí iad chun gabháil i bhfeidhm ar an mórphobal ná an seandream, dar le lucht OLSA.

Guillermo Fariñas Hernández i rith stailc ocrais



Níl ag éirí le heagraíochtaí d'easaontóirí nach bhfuil bainteach le OLSA earcaithe óga a mhealladh ach an oiread. Is é sin a d'admhaigh Eloy Gutiérrez Menoyo, ceannaire an ghrúpa Cambio Cubano (Athrú Cúbach), atá aitheanta ag a lucht leanúna mar "Nelson Mandela Chúba", agus é ag labhairt leis an tuairisceoir seo. D'ainneoin gur ghlac Gutiérrez páirt in ionsaí Chuan na Muc, Aibreán 1961, iarracht ag frithréabhlóidithe Cúbacha (le cúnamh SAM) an réabhlóid Chúbach a loit - agus gur chaith sé na blianta fada i bpríosún mar gheall air - feidhmíonn Cambio Cúbano go lánoscailte in Havana. Ní mian leis an óige, ná an pobal trí chéile, an córas reatha a athrú, dar le Gutiérrez. Tá fianaise na dteachtaireachtaí cábla a sceitheadh ag teacht lena thuairim siúd. Tugann siad le fios go mbíonn fonn ar ógánaigh mhíshásta Chúba a mbeatha a thuilleamh thar sáile seachas a bheith páirteach in iarrachtaí le córas sóisialach na tíre a chur ó rath. Anuas air sin, feictear do na Poncánaigh go bhfuil eagraíochtaí na n-easaontóirí traidisiúnta i gCúba a bhfuil ceangal acu le OLSA foircthe ag fórsaí slándála an Stáit agus lagaithe ag scliúchais inmheánacha. Spéisiúil go leor, léiríonn na dteachtaireachtaí cábla ó Ambasáid SAM i Maidrid an t-amhras céanna i leith eagraíochtaí na ndeoraithe Cúbacha sa Spáinn. Tá Ambasáid SAM i Maidrid beagnach cinnte gur bhunaigh gníomhaire rúnda Cúbach eagraíocht d'easaontóirí Cúbacha sa tír seo.

Feictear do na Poncánaigh go bhfuil na heasaontóirí traidisiúnta ró-shean - tá an trí scór sáraithe ag a bhformhór - agus nach mbíonn aird ag an mórphobal ar a mbíonn á rá acu.

De réir na dteachtaireachtaí cábla a sceiteadh, tá an freasúra i gCúba féin scaipthe ina ghrúpaí beaga nach mbíonn sásta gníomhú le chéile mar chuid de phlean comhordaithe. Is beag spéis a chuireann siad in earcú na n-óg. Dar le teachtaireacht amháin: "Nuair a iarrann muid orthu cláir oibre a chur le chéile, ní fhaigheann muid uathu ach cláir gan tairbhe nach ngabhfadh i bhfeidhm go brách ar mhuintir Chúba." Deirtear i dteachtaireacht eile go mbíonn an chuid is mó d'fhuinneamh na n-easaontóirí seo dírithe ar acmhainní a fháil ó na Poncánaigh leis an gcaighdeán maireachtála acu féin agus ag a lucht leanúna a chinntiú."

Éiríonn tuairisc amháin de chuid na bPoncánach an-ghéar nuair a chuirtear síos ar ghrúpa amháin "a mhaígh go hoscailte dár gcomhairleoir polaitiúil go raibh airgead uathu le tuarastail a íoc, agus chuireadar sonrasc faoina bhráid siúd le súil is go n-iocfadh OLSA iad." An chéad tosaíocht atá ag na grúpaí seo ná greim a fháil ar airgead. Agus "an dara ceann ná gníomhaíocht a sheanchomhghuaillithe (sa bhfreasúra) a imeallú trí iad féin a chumasú agus acmhainní a chur ar fáil dóibh siúd amháin," dar le teachtaireacht chábla amháin a shroich Washington.

Bhí na heagraíochtaí a stiúraigh Guillermo Fariñas, an Foro de Estudios Sociales Marta Abreu (Fóram Marta Abreu don Léann Sóisialta) agus an Partido Liberal Democratico, i measc na ngrúpaí sin ar dháil OLSA airgead agus trealamh cumarsáide go fial orthu. Tá frustrachas na bPoncánach lena "gcomhghuaillithe" i gCúba le leámh ar theachtaireachtaí cábla de chuid OLSA in 2009, inar nochtadh an tuairim nach mbeadh na grúpaí mí-eagraithe seo in ann rialtas reatha Chúba a chur de dhroim seoil go brách: "Ní foláir dúinn breathnú treoanna eile, fiú sa Rialtas féin, má tá muid le comharbaí an rialtais reatha a aimsiú."

Idir an dá linn, bíonn easaontóirí ar nós Guillermo Fariñas úsáideach, gan dabht, le bolscaireacht fhrithChúbach a chruthú!

An Dr. Mícheál Ó Fionnáin

Breandán Mac Gearailt

Fad agus a bhí pobal Chorca Dhuibhne ag réiteach don Nollaig, féile a dhúisíonn gean, grá, ómós agus síocháin, bhuail tocht diamhair dorcha an pobal sin Oíche Nollag. Scaip an scéal go raibh an Dr Mícheál Ó Fionnáin tar éis bháis. Ní raibh sé rófhada ó bhí an Fionnánach lán de cheol. Is baolach gur bhuail galar na haisle go trom, neamhthruamhéileach an fear groí geanúil. Shleamhnaigh sé óna iliomad cairde agus gaolta in achar an-ghearr.

Ní go rómhinic a d'fheicfeá daoine fásta, idir mhná agus fhearaibh, ag sileadh deor, ach bhí go fras. Dúirt bean óg liom, nach raibh aon ghaol aici leis ach gur mhór é a meas air, gur chaith sí uair an chloig ag caoineadh sa mbaile ar chlos di an scéil.

Fear mór pobail ab ea Mícheál. Is é a bhunaigh agus a bhí i mbun agus i mbarr Fhéile na Bealtaine le sé bliana déag. San am sin bhíodh idir fhilí, aisteoirí, cheoltóirí, ealaíontóirí, pholaiteoirí agus scríbhneoirí ó chian is ó chongar ag glacadh páirte sa bhféile. Leanadh an fhéile thart ar dheich lá le blianta beaga. Bhíodh daoine ó Mheiriceá Theas, tíortha na hEorpa, an Meán-Oirthear, an Rúis agus fiú an Mhongáil ann. Bhí an-

shuim aige sa bhfilíocht agus foilsíodh dhá leabhar déag filíochta dá chuid, sé cinn i mBéarla agus sé cinn i nGaeilge, maraon le trí shaothar a d'aistrigh sé.

B'é an príomh-cheannródaí é sna hiarrachtaí le haonad ealaíon a bhunú sa Daingean. Bhí sé ar dhuine acu siúd a bhí bainteach le bunú Chomhar Creidmheasa Chorca Dhuibhne. Léirigh go leor daoine sa bpobal go rabhadar míshásta le 'South Doc' a bheith ag feidhmiú i gCorca Dhuibhne mar go rabhadar an-sásta leis an gcóras a bhí ann go dtí sin.

Bheartaigh Mícheál, ar mhórchostas pearsanta, leanúint leis an gcóras a bhí ann. D'éagraigh sé foireann agus dúirt liom go raibh ag éirí go binn leo. Beidh a mhac, Peadar, ar an stiúir as seo amach.

Cainteoirí líofa Gaolainne a bhean chéile Nóirín agus a gclann. Bhíodh an Dr Ó Fionnáin coitianta ag éileamh aitheantais bhreise don teanga agus do na healaíona.

Mar dhochtúir teaghlaigh dúirt Pádraig Ó hAinifín, iar-Chathaoirleach Cheardchumann Tiománaithe Otharcharr na hÉireann, go bhfreastalaíodh Mícheál ar go leor comhdhálacha leighis ar a chostas féin le go mbeadh sé i dtiúin le gach eilimint a bhain lena ghairm. "Níor chaith sé tobac agus níor chleacht an drabhlás, ach bhí an-acmhainn grinn ann," arsa Pádraig.

Bhí na mílte ar a shochraid, sochraid inar léigh a iníon, Rachel, cantraí dá chuid filíochta, agus inar thug a mhac, Peadar, caint fháilteach bhríomhar, rud, dar leis, a thaithneodh lena athair. Cara eile dá chuid ba ea Páidí 'Mhárthain' Mac Gearailt a chan ag an uaigh. Tá an-chuid daoine ag cur na ceiste cé hiad atá againn a sheasfaidh an fód ar son an phobail mar a dhein Mícheál?

Is fiú a lua go mba ard-imreoir caide é ina óige gur chuir a chuid oibre i réimse an leighis stop luath le caid. Bhuaigh sé craobh contae caide fé 16 bliana le foireann an Chama-Abha na Scáil agus an Chaisleáin agus craobh na mionúr ina dhiaidh sin. "Ard-lántaca ab ea é," arsa Seán De Barra ón gCam liom. Bhí Seán ina bhall de na foirne céanna.

"Chaithfeadh ard-éirim bheith ionat le é a chur díot," arsa Seán.

Gan amhras bhuaigh uncail do Mhícheál, Batt Ó Gairbhia, a fuair bás níos luaithe an bhliain seo caite, bonn uile-Éireann sinsir caide le Ciarraí sa bhliain 1946. Bhí sé ar an bhfoireann sa Chraobh éachtach in aghaidh an Chabháin sna Polo Grounds i Nua Eabhrac sa bhliain 1947, sarar thug sé Meiriceá air féin go buan.

Tá an saol mór ag déanamh comhbhróin le céile Mhíchíl, Nóirín, lena chlann, Ruth, Rachel agus Peadar, lena dheirfiúr agus lena dheartháireacha. Fuair sé cuireadh na Nollag.

Braithfidh Corca Dhuibhne, agus áiteanna nach é, an Dr Mícheál Ó Fionnáin uathu.

Sir Iain Noble

Ciarán Dunbar

Cailleadh fear gnó agus gníomhaire teanga Albanach, Sir Iain Noble Lá Nollaig in Eilean Iarmain, in Eilean Sgitheanach, Gaeltacht na hAlban. Bhí cúig bliana déag agus trí scór slánaithe aige. Is cosúil go raibh sé tinn le tamall.

Ba í an bhaincéireacht a bhí mar ghairm aige ach cuimhneofar air go príomha mar ghníomhaire Gaeilge. Ba dhuine de na gníomhairí ba chlúití agus b'éifeachtaí é ar son na Gaeilge in Albain a bhí ar an tsaol.

Chomh maith le bheith ina Ridire bhí sé ina uachdaran (baronet) ar 'oighreachd Fhearann Eilean Iarmain'.

I ndiaidh dó an banc a bhunaigh sé a dhíol, bhain sé úsáid as an airgead chun críocha chlann Mhic Dhomhnaill in Eilean Sgitheanach a cheannach. Ansin, bhunaigh sé banc beag eile, an Noble Group chun airgead chur ar fáil dá chuid gnólachtaí, ina measc Óstán Eilean larmain agus an drioglann, Praban na Linne.

Thar aon rud eile, áfach, déanfar ceiliúradh air mar gheall ar an ollscoil lán-Ghaeilge a bhunaigh sé i 1973, Sabhal Mór Ostaig, aisling, a dúradh

leis, nárbh fhéidir a fhíorú.

Inniu tá céad mac léinn lánaimseartha ag freastal ar an choláiste, 160 i mbun cianfhoghlama agus bíonn na céadta eile ag déanamh gearrchúrsaí.

Níl amhras ar bith ann ná go raibh tionchar fíorthábhachtach ag an choláiste, ní amháin maidir leis an teanga, ach ó thaobh chúrsaí eacnamaíochta in Eilean Sgitheanach de chomh maith.

> **"má dhéantar do theanga a athbheochan, tá deis níos fearr agat do phobal a athbheochan"**

Chreid Sir Iain go raibh cúrsaí pobail agus cúrsaí teanga fite fuaite ina chéile: "Má dhéantar do theanga a athbheochan, tá deis níos fearr agat do phobal a athbheochan," a mhaígh sé. Bhain sé úsáid as a stádas mar úinéir talún chun comharthaíocht dhátheangach a chur chun tosaigh in Albain tar éis dó diúltú talamh a dhíol le Comhairle na Gaeltachta chun bóthar a thógáil gan geallúint a fháil go mbeadh an Ghaeilge le feiceáil ar na comharthaí ann. Cé go raibh an Chomhairle naimhdeach don choincheap ag an am, ghéill siad sa deireadh. Inniu, tá comharthaíocht dhátheangach coitianta i nGaeltacht na hAlban. Chuir cara amháin leis ceist air tráth nárbh chur amú ama a bheith ag iarraidh an cultúr Gaelach a shábháil nuair nach raibh go leor Gael fágtha chun a leithéid a dhéanamh? Ba é freagra Noble, "Nuair a thugann tú cuairt ar fhear atá ag fáil bháis san ospidéal, ní fhágann tú slán aige; deir tú 'lean ort ag troid', agus in amanna tarlaíonn míorúiltí."

Gan Sir Iain Noble, ní bheadh an méid Gaeilge agus atá á labhairt in Albain. Is oidhreacht ar leith é sin agus ba dhuine ar leith é, fear saibhir a bhain úsáid as a chuid airgid chun maitheas a dhéanamh, duine den 'uaisleacht' a rinne a dhícheall chun cuidiú leis an 'chosmhuintir'.

Tá súil againn go mbeidh a leithéid arís ann.

2 NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Seanteach an Quiet Man

Treasa Bhreathnach

TÁ an seanteach a úsáideadh sa scannán The Quiet Man i bhfíor-dhrochriocht dar le bunaitheoir an ghrúpa Facebook 'Save the Quiet Man Cottage', Mike Ward. Is sa bhliain 1951 a rinneadh an scannán clúiteach The Quiet Man le Maureen O'Hara agus John Wayne agus ó shin i leith ligeadh don teachín dul i ndonacht. Cheannaigh fear Meiriceánach, Gregory Ebbitt an teachín timpeall 26 bliain ó shin agus cé go ndúirt sé ag an am gur mhaith leis é a athchóiriú agus athnuachan a dhéanamh air ní mar sin a tharla mar is léir ón ngrianghraf.

Deir Mike Ward, "Tá earnáil turasóireachta bunaithe ar The Quiet Man i gConga ach níl aon aitheantas tugtha don fhíor-sheanteach, agus cuireann an meon diúltach agus an neamhaird a thugtar don fhíor-theachín díomá orainn."

Chas Mike Ward le Maureen O'Hara ag ócáid ceiliúrtha i gCorcaigh le déanaí, áit a raibh sí i gcomhair oíche tiomsaithe airgid don ionad oidhreachta atá á thógáil sa Ghleann Garbh i gCorcaigh ina honóir.

Léirigh sí féin díomá agus iontas nach raibh aon aitheantas tugtha don seanteach agus tá sí féin ag tacú leis an bhfeachtas chun an teachín a shábháil. Tá iarracht déanta ag beathaisnéisí Maureen O'Hara, June Parker Beck, dul i mbun cainteanna le húinéir an seantí, Gregory Ebbitt, ach go dtí seo ní suim leis an teachín a dhíol nó a atógáil. Is in Orange County, California atá an tUasal Ebbit ina chónaí, dhá mhíle ó uaigh John Wayne, agus de réir cosúlachta tá a intinn socraithe aige ar gan aon ní a dhéanamh leis an seanteach.

Deir an ceantálaí Frank Conroy, arbh as an áit é, "Is é an trua nach raibh aon rud déanta leis an seanteachín ach tá sé ró-dheireanach anois i ndáiríre, mar nach bhfuil sé ann níos mó. Tá cúpla cloch ann in aice leis an teachín nua a tógadh taobh leis an seanteach timpeall na 1960idí ach tá an seanteach féin imithe anois. Tá an suíomh fós ann, agus ba cheart rud éigin a dhéanamh leis an suíomh mar is cinnte go bhfuil an-suim go deo sa scannán agus sa suíomh dá bharr.

Is dóigh gur Gleann Mám féin an t-aon áit sa cheantar nach bhfuair mórán leasa ón scannán ó shin agus is cinnte gurbh fhéidir leo, mar feictear carranna ar thaobh an bhóthair in aice leis an seanteach i gcónaí agus turasóirí ag teacht chun cúpla pictiúr a thógáil ann."

I láthair na huaire tá os cionn 1,700 duine páirteach sa ghrúpa 'Save the Quiet Man Cottage' atá ag feidhmiú le timpeall 6 mhí anuas. Cé nach bhfuil siad ar thóir deontas faoi láthair, síleann Mike Ward go mbeidh orthu iarracht a dhéanamh dul síos an bóthar dlíthiúil i ndeireadh an lae. "Níor mhaith linn dul síos bóthar na ndlíodóirí ach mura bhfuil aon rogha againn beidh orainn é sin a dhéanamh.

B'fhéidir go mbeadh orainn breathnú ar ordú ceannaigh éigeantaigh mar rogha amach anseo agus bheadh orainn deontais a iarraidh chun na costais dlí uile a chlúdach," a deir Mike.

An Teastas Eorpach na Gaeilge in Árus na nGael

Caroline Ní Chualáin

TÁ rogha úr ranganna Gaeilge ag gach leibhéal ar fáil ó Chonradh na Gaeilge, Gaillimh an geimhreadh seo agus beidh daoine in ann cáilíocht Eorpach a bhaint amach sa Ghaeilge.

Bunaithe ar na ranganna agus ar na himeachtaí teanga eile a chuirfear ar fáil i rith na bliana, beidh deis ag daoine scrúdú a dhéanamh chun Teastas Eorpach na Gaeilge a bhaint amach i gcomhar le hOllscoil Mhaigh Nuad.

Tá na ranganna ar fáil ag leibhéil éagsúla ó Ghlántosaitheoirí go dtí Ardleibhéal. Bíonn líon na ndaoine i ngach rang beag i gcónaí le béim mhór ar rannpháirtíocht na ndaltaí agus ar riachtanais an mhic léinn.

Tabharfaidh ranganna cúnamh chun muinín a fhorbairt agus an tuiscint agus an labhairt a fheabhsú i ranganna néamhfhoirmiúla leis an bhéim ar an Ghaeilge labhartha agus na focail choitianta a úsáidtear i ngnáthchaint.

Tá cuireadh ag foghlaimeoirí chuig Club Árus na nGael le páirt a ghlacadh i réimse leathan ócáidí sóisialta chun an Ghaeilge a chleachtadh. Beidh méadú freisin ar an réimse imeachtaí a eagrófar chun deiseanna a thabhairt do lucht na ranganna an Ghaeilge atá á foghlaim acu a úsáid agus cur lena muinín in úsáid na teanga.

Tá na ranganna ag tosú arís ar an Luan 24 Eanáir 2011.

Beidh na ranganna go léir ar siúl i lár chathair na Gaillimhe in Árus na nGael, 45 Sráid Doiminic, ar feadh uair go leith, tráthnóna amháin sa tseachtain ar feadh deich seachtaine. Má theastaíonn foirm iarratais nó tuilleadh eolais uait bí i dteagmháil le Conradh na Gaeilge ag 091 567824 nó conradh@bradan.iol.ie. Is féidir clárú ar líne ag www.cnag.ie chomh maith.

Damhsa ar an Sean-nós

Caroline Ní Chualáin

Tá an damhsóir ar an sean-nós, Marian Ní Chonghaile, ag reachtáil ranganna damhsa ar an sean-nós do dhaoine idir óg agus sean i nGaillimh an mhí seo.

Beidh na ranganna ar siúl i Stiúideo Mhaigh Cuilinn agus in Campbells Tavern Áth Cinn agus mairfidh na cúrsaí seacht seachtaine. Tá Marian í féin ag damhsa ó bhí sé 14 bliain déag d'aois. Tá stíl ar leith aici, steipeanna ísle agus éagsúla atá difriúil leis na ciceanna arda a bhíonn i ndamhsa príomhshrutha.

Tá Marian dírithe isteach go mór ar an damhsa le cheithre bliana agus tá páirt glactha aici san Oireachtas, i bPléaráca Chonamara agus i bhFéile na Mí agus Comórtas Chóilín Sheáin Dharach in 2009.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na cúrsaí, glaoigh ar Marian ar 086 8533397.

Féile Scoildrámaíochta na Gaillimhe 2011

Treasa Bhreathnach

TÁ an spriocdháta an 28 Eanáir d'iontrálacha a dhéanamh don Fhéile Scoildrámaíochta ag druidim linn agus ní mór d'iarratas a dhéanamh go luath le bheith san áireamh don fhéile a bheidh ar siúl ó 14-18 Feabhra. Is in Amharclann Chois Fharraige i Seanscoil Sailearna, An Cnoc, Indreabhán a bheidh an fhéile á reáchtáil agus má tá suim agat iontráil a dhéanamh caithfear foirm iarratais a líonadh amach mar aon le táille iontrála de €25 agus cóip den script a bheith réitithe agat. Seol na gnéithe seo uile chuig: Rúnaí na Féile, f/ch Scoil Cholmcille, An Tulaigh, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe chomh luath agus is féidir mar nach nglacfar le hiarratais tar éis an spriocdháta. Beidh fáilte isteach roimh an bpobal i rith sheachtaine na féile ar chostas €5 don duine fásta agus ligfear isteach páistí scoile, scoláirí agus daoine scothaosta saor in aisce. Léiríodh 30 dráma le linn na féile anuraidh agus tá súil ag an bhFéile Scoildrámaíochta go mbeidh an méid céanna léirithe nó níos mó le feiceáil i mbliana. Beidh gradam speisialta á urrú ag Coiste Ghlór na nGael sa Chnoc i mbliana ar chorn don dráma is fearr a bheidh léirithe ag scoil nach Gaelscoil nó scoil Ghaeltachta í. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi Fhéile Scoildrámaíochta na Gaillimhe 2011 ach glaoch a chur ar rúnaí na féile, Fil Uí Dhubhghaill ag (091) 593613.

Iomaitheoirí a ghlac páirt i Rith na Rún 2011 (Resolution Run 2011) ar mhaithe le Club Rugbaí Muine Mheá agus Club Gleacaíochta an Rinn Mhór i nGaillimh. (PIC. JOE O'SHAUGHNESSY)

Ronan Scully ag glacadh páirte sa mharatón is fuaire ar domhan

Caroline Ní Chualáin

AR 7 Aibreán 2011 beidh an deis ag lúthchleasaithe éacht a dhéanamh mar eachtránaí Artach trí pháirt a thógáil sa mharatón is fuaire ar domhan, maratón an Phoil Thuaidh. Tá Ronan Scully chun páirt a thógáil sa mharatón chun airgead a bhailiú do na carthanais Goal, Ospís na Gaillimhe, Big Brother, Big Sister Ireland, L'Arche agus Madraí Treorach do na Daill in Éirinn.

Is ionadaí réigiúnach é Ronan Scully do Goal san Iarthar agus sa lár-réigiún. "Breathnaíonn sé gur bliain é 2011 nach ndéanfaidh mé dearmad air. Is dúshlán a bheidh sa rás ach tá mé ag iarraidh é a dhéanamh chun tacaíocht a thabhairt do Goal agus do charthanais eile.

Ní bheidh an rás ar siúl go dtí Aibreán 2011 ach tá mé ag traenáil go crua cheana féin don mharatón. Caithfidh rannpháirtithe i maratón an Phoil Thuaidh traenáil a dhéanamh mar a dhéanfadh siad do ghnáthmharatón tar éis nach gnáthmharatón atá i gceist. Tá an maratón 26.2 míle ar fhad agus is é an t-aon mharatón atá deimhnithe chun rith a dhéanamh ar an aigéan. Beidh na rannpháirtithe ag rith ar oighear reoite os cionn an Aigéin Artach.

Táthar ag súil go mbeidh an teocht idir -20 agus -30 céim. Tá costas taistil agus táille iontrála Ronan clúdaithe ag eagraí an ráis agus reathaí maratón Éireannach Ritchie Donavon, mar sin beidh an t-airgead ar fad a bhaileofar ag dul díreach go dtí na carthanais.

Tá Ronan ag impí ar dhaoine tacaíocht a thabhairt don mharatón trí chártaí urraíochta a líonadh amach agus tabhartais a dhéanamh ar a leathanach ar líne ag www.mycharity.ie/ronan_scully_northpole_marathon_charity_run_20/11.

Ronan Scully ag traenáil lena iníon, Mia, i gcomhair mharatón an Phoil Thuaidh i nGaillimh le déanaí. (PIC: ANDREW DOWNES)

Gaillimh le Gaeilge ar bís leis an Straitéis

Róisín Ní Éalaí

TÁ an eagraíocht Gaillimh le Gaeilge an-dearfach faoi fhoilsiú Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge. Dar leis an eagraíocht, "Is údar misnigh don eagraíocht an iliomad deiseanna atá cruthaithe ag an bplean físiúil seo. Díríonn an straitéis ar an teaghlach, ar oideachas agus ar an nGaeltacht agus is tosaíochtaí iad seo maidir le hobair Ghaillimh le Gaeilge."

Bhí Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge an-dearfach go spreagfaidh an straitéis an obair a bhíonn ar bun ag an eagraíocht.

"Is iontach an t-ugach a thabharfaidh an straitéis seo do Ghaillimh le Gaeilge mar go gcabhróidh sí linn ár n-iarrachtaí a athdhíriú ar stádas dátheangach a bhaint amach do chathair na Gaillimhe," a dúirt Iognáid Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge.

"Tá béim curtha i gcónaí againne ar an leas eacnamaíochta atá sa teanga don chathair agus tacaíonn an Rialtas anois leis an bpolasaí sin sa chur chuige seo leis an straitéis nua. Chomhoibrigh muid go dlúth le hÚdarás na Gaeltachta agus leanfaimid orainn ag comhoibriú leis an Údarás athstruchtúraithe, Údarás na Gaeilge," a deir sé.

"Tá aitheantas teanga oibre ag an nGaeilge san Eoraip agus tá tacaíocht na bpríomhpháirtíthe polaitiúla ag an straitéis. Is ag dul i líonmhaire atá na deiseanna fostaíochta atá Gaeilge-lárnaithe. Cuireann an straitéis seo bunchloch láidir ar fáil le haghaidh pleanáil teanga agus freisin éascaíonn sí na hathruithe iompair theangeolaíoch atá le déanamh agus atá de dhíth."

Ranganna Rince in Árus na nGael

Caroline Ní Chualáin

BEIDH Ranganna Rince ar an Sean-Nós Chlub Árus na nGael ag tosú Dé Luain, 17 Eanáir 2011. Is é Pádraig Ó hOibicín á beidh ag múineadh na ranganna arís i mbliana. Tá na ranganna á reáchtáil le seacht mbliana anuas. Bíonn idir shean agus óg ag glacadh páirte agus chomh maith le céimeanna snasta a fhoghlaim bíonn go leor spraoi i gceist freisin!

Beidh ranganna ar siúl do thosaitheoirí ag 7.00in agus d'fhoghlaimeoirí a bhfuil níos mó taithí acu ag 8.00in. Chomh maith leis seo tá súil le ceardlanna agus oícheanta speisialta rince ar an sean-nós a reáchtáil arís i rith na bliana. Beidh costas 90 euro i gceist do dheich seachtaine. Tá tuilleadh eolais le fáil ach glaoch ar Chonradh na Gaeilge ag 091 567824 nó ríomhphost a chur chuig conradh@bradan.iol.ie

Cló Iar-Chonnacht
Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: (091) 593307 Facs: (091) 593362
R-phost: cic@iol.ie www.cic.ie

EAGARTHÓIR CÚNTA

Tá post lánaimseartha mar **Eagarthóir Cúnta** á fhógairt ag Cló Iar-Chonnacht, foilsitheoirí leabhar Gaeilge.

Ní mór d'iarrthóirí:
- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa, a bheith acu.
- Céim onóracha B.A., Céadonóracha nó Dara Onóracha Grád I sa Ghaeilge, nó a comhionann.
- Saineolas ar ghramadach na Gaeilge agus ar mhórchanúintí na Gaeilge.
- Taithí ríomhaireachta.

Scála tuarastail idir €26,000 – €35,000.
Beidh an té a cheapfar ag obair ag an seoladh thuas.

Seoltar litir iarratais mar aon le Curriculum Vitae chuig Bainisteoir Chló Iar-Chonnacht ag an seoladh thuas

roimh 21 Eanáir 2011.

Tuilleadh eolais faoin bpost le fáil ar www.cic.ie

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 7 Eanáir, 2011

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

'An Ghig' i Loch Garman

TÁ 'Caifé Caint' an Chlub Óige Gaeilge ag rith 'gig' le meascán d'amhráin i nGaeilge agus i mBéarla an Aoine 14 Eanáir. Beidh 'An Ghig' ar siúl ón 7.30in go dtí 1rn sa Riverbank House Hotel, Loch Garman. Beidh scoth na mbannaí ceoil ó fud fad na hÉireann ag seinm ar an oíche.

Beidh 'The Dirty 9s' ag seinm, banna ceoil as Baile Átha Cliath iad agus chaith siad an samhradh seo caite ag seinm le 'The Coronas', beidh 'Hogan' ann, as Tulach Mhór iad agus tá cáil orthu mar gheall ar a n-amhrán 'Jealousy', beidh the 'Seven Days', atá ainmnithe le haghaidh duaise ag na Meteors, ag seinm agus scoth na gceoltóirí áitiúla ag casadh ar an oíche chomh maith: 'The Emergency', 'Emily O'Connor' agus 'Ourselves'.

Is í an aidhm atá leis an ngig ná an Ghaeilge a chur chun cinn i Loch Garman agus próifíl an Chlub Óige Gaeilge 'Caifé Caint' a ardú. Ní chosnaíonn an ghig ach €10 agus tá greim beag bia le fáil ar an bpraghas sin. Bíonn an Caifé Caint ar siúl gach Aoine idir a 7pm agus 9pm in Ionad Naomh Seosaimh, Loch Garman. Fáilte roimh bhaill nua agus ceannairí nua i gcónaí. Tuilleadh eolais ag www.facebook.com/caife.caint agus www.lochgarman.ie.

Tuilleadh Gárdaí do Chill Dara

Oisín Mac Donnacha

FUAIR grúpa de chomhairleoirí neamhspleácha i gCill Dara tacaíocht ón gComhairle Contae le brústocaireacht a dhéanamh ar Choimisinéir na nGardaí chun méadú de 33% a lorg d'fhórsaí na nGardaí i gCill Dara. De réir staitisticí ádhaonireamh 2006 tá 328 Garda ag freastal ar 186,335 duine i gCill Dara, b'shin Garda amháin i gcomhair gach 568 duine. Deir an Comhairleoir Pádraig McEvoy, "Dá mbreathnódh muid ar líon ard na nGardaí i mBaile Átha Cliath amháin, bheadh athimscaradh de 2.5% ar leithdháileadh, in ann feabhas de 33% a dhéanamh i gCill Dara amháin."

Ag úsáid meastachán ceaptar go bhfuil Garda amháin ann i gcomhair gach 609 duine sa chontae. De réir staitisticí an CSO, "Dealraíonn sé go maíonn go leor daoine nach dtuairiscítear beagnach 50% de na coireanna ó ionsaí, goid agus loitiméireacht chuig na Gardaí," a deir an Comhairleoir Seamie Moore.

"Eascraíonn sé seo ón aireachtáil nach bhfuil na Gardaí á bhfreagairt ar bhealach tráthúil, ná ag dul sa tóir ar dhéantóirí na coire de bharr reachtaíocht dheacair, tosaíochtaí níos tábhachtaí agus easpa acmhainní."

Tá sé soiléir nach féidir níos mó earcaíochta a dhéanamh de bharr an toirmisc ar na seirbhísí poiblí ach nach bhfuil bac ar aistriú ná ar athdháileadh.

Cuid de phobail Baile Átha Cliath ag snámh i gCladach an Daichead Troigh ar lá Nollaig. (Pic. Leon Farrell/Photocall Ireland)

Edel Fox, as Sráid na Cathrach, Co. an Chláir, a mbeidh ag seinm i Bewley's ar an 25 Eanáir 2011

Dearthaireacha Dane, 7 mbliana d'aois, ar dheis agus Sean Capper, 10 mbliana d'aois, ag líonadh malaí le huisce ó thancaer a páirceáladh ar Ascaill an Bharraigh, Fionnghlas i mBaile Átha Cliath an tseachtain seo caite tar éis roinnt laethanta faoi theorannú uisce. (PIC. MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND)

Bí ar an airdeall

TÁ Comhairle Contae Átha Cliath Theas tar éis rabhadh a fhógairt faoi dhaoine ag dul ó dhoras go doras ag maíomh go bhfuil siad ann chun an t-uisce a sheiceáil. Deir Comhairle Contae Átha Cliath Theas gur cheart aitheantas na n-oibrithe a sheiceáil sula ligtear isteach iad. Cé nach bhfuil aon tuairisc faighte acu go dtí seo, tá an Chomhairle Contae ag bunú a rabhaidh ar a gcuid taithí ón mbliain seo caite. Má bhíonn aon fhadhb agat nó má bhíonn tú in amhras faoi aon oibrí de chuid na Comhairle, ba cheart dul i dteagmháil leis na Gardaí nó teagmháil a dhéanamh leis an Chomhairle Contae.

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Múscraí

Comórtas Peile Seachtar an Taobh Bhriain Uí Thuama

Seán Ó Loingsigh

REACHTÁLADH Comórtas Seachtar an Taobh Bhriain Uí Thuama ar Pháirc Choláiste Íosagáin i mBaile Bhúirne Dé Domhnaigh seo caite.

Bhí an comórtas peile le reachtáil ag Cumann Peile Naomh Abán Bhaile Bhúirne ar Lá an Dreoilín ach caitheadh é do chur ar athló de bharr na drochaimsire.

Ba é seo an chéad bhliain den chomórtas atá aimnithe i ndílchuimhne Bhriain Uí Thuama, imreoir 19 bliain d'aois de chuid Chumann Peile Naomh Abán a cailleadh in 2009.

Ghlac sé cinn d'fhoirne páirt sa chomórtas ina raibh baill des na foirne sinsir, sóisir, faoi 21 agus mionúirí ó Chumann Naomh Abán.

Ba í an fhoireann ar a raibh Donncha Ó Cróinín mar chaptaen a bhain Corn Bhriain Uí Thuama a bhí curtha ar fáil go speisialta ag clann Bhriain don gcomórtas.

Ba é athair Bhriain Uí Thuama, Colmán, a bhronn an corn agus na boinn ag ócáid speisialta in Óstán Gobnatan tráthnóna Dé Domhnaigh.

Thug Colmán Ó Tuama ómós d'iarbhall eile de chuid Chumann Naomh Abán - athair Dhonncha Uí Chróinín, Paddy Ó Cróinín, a cailleadh i rith na bliana anuraidh, agus ghabh sé buíochas leis an bhfochoiste a d'eagraigh an comórtas - a nia Micheál Ó Críodáin, Gary Ó Loingsigh, Éamon Mac Cionnaith, Micheál Ó Scanláin agus Daire Ó Súilleabháin.

Mhol Micheál Ó Críodáin, iar-chúl báire Naomh Abán agus Chorcaí a bhí mar bhainisteoir ar fhoireann sinsir Bhaile Bhúirne anuraidh, na réiteoirí agus na maoir a bhí i bhfeighil na gcluichí - orthu san bhí Fionnbarra Ó Murchú agus fear Thír Eoghain, Stiofán Ó Caoin, a bheidh mar bhainisteoir ar an bhfoireann i mbliana.

Ba iad baill na foirne a bhuaigh an comórtas ná Ciarán Ó Críodáin, Amhlaoibh Ó Loingsigh, Niall Ó Ceallaigh, Eoin Ó Scanaill, Danny Ó Donnchú, Chris Mac Pháil, Liam Ó Luasa, Séamus Ó Luasa agus an captean Donncha Ó Cróinín.

Bronnadh T-léinte speisialta ar an bhfoireann bhainistíochta - Seán de hÍde agus deartháir Bhriain, Colmán Óg Ó Tuama - agus ar na himreoirí a ghlac páirt sa chomórtas.

Ag an ócáid chéanna in Óstán Gobnatan bronnadh boinn ar imreoirí fhoireann mhionúirí Naomh Abán a bhuaigh Craobhchomórtas Mhúscraí in 2008. Bhí Brian Ó Tuama ina bhall den fhoireann sin, agus bhronn cathaoirleach an chumainn, Seán Ó Cróinín, bonn Bhriain ar a athair Colmán.

Ghabh an Cróinineach buíochas le clann Bhriain as ucht an corn a chur ar fáil don gComórtas Seachtar an Taobh, agus bhain sé feidhm as an ócáid chun imreoirí Naomh Abán a ghríosadh don bhliain seo romhainn - is sa ghrád idirmheánach a bheidh an cumann i mbliana tar éis dóibh teacht anuas ó ghrád na sinsear inar imríodar anuraidh. Beifear ag féachaint siar agus chun cinn níos mó ag cruinniú cinn bhliana Chumann Peile Naomh Abán a reachtálfar in Óstán Gobnatan ar an nDomhnach seo, 9 Eanair.

Tascfhórsa d'Oifig Poist Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh

Seán Ó Loingsigh

BUNAÍODH tascfhórsa ag cruinniú poiblí i mBéal Átha 'n Ghaorthiadh oíche Dé Máirt seo caite mar chuid den fheachtas atá ar bun chun Oifig an Phoist a choimeád ar oscailt sa tsráidbhaile Gaeltachta.

Tá Oifig an Phoist Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh le dúnadh ag deireadh na míosa so, tráth go mbeidh an máistir poist áitiúil atá i mbun gnó ansan ag éirí as. Bhí an seomra tionóil i meánscoil Scoil Mhuire Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh lán go doras oíche Dé Máirt don chruinniú poiblí a reachtáil Coiste Forbartha Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh maidir le ceist na hOifige Poist.

Mheabhraigh cathaoirleach an Choiste Forbartha, Tadhg Ó Duinnín, don slua de 80 duine a bhí i láthair go raibh baol ann nach mbeadh aon seirbhís oifige poist i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh i gceann míosa.

Ní bhfuair An Post aon iarratas le déanaí nuair a lorgaíodar daoine chun áitreabh ar nós siopa a chur ar fáil le haghaidh gníomhaireacht poist ina mbeadh seirbhísí ciorraithe i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh.

Orthu san a bhí i láthair ag an gcruinniú bhí Teachta Dála áitiúil Fhine Gael Michael Creed, chomh maith lena chol ceathar, an comhairleoir Micheal Creed, agus comhairleoir áitiúil de chuid Fhianna Fáil, Aindrias Ó Muimhneacháin.

Dúirt an Comhairleoir Ó Muimhneacháin go raibh sé tábhachtach go mbuailfí le hionadaithe de chuid An Post gan mhoill, mar gur mheas sé go mbeadh próiseas ar bun sna seachtainí amach romhainn maidir le custaiméirí a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus pinsin in Oifig an Phoist Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh a bheith á n-aistriú go hoifigí poist eile sa cheantar máguaird.

Mar mholadh ón urlár níos déanaí, beartaíodh "tascfhórsa" a chur ar bun agus bhí lámha in airde láithreach ag daoine a bhí thar a bheith toilteanach a bheith mar bhaill den ghrúpa gnímh.

Tá sé i gceist go mbeidh an grúpa de dheichniúr mar chuid de thoscaireacht atá chun cruinniú a lorg an tseachtain seo chugainn le hionadaithe de chuid An Post agus le hairí rialtais i mBaile Átha Cliath.

Ar na cáipéisí a scaipeadh i measc an tslua ag an gcruinniú, bhí ceann ón gcomhlacht áitiúil Bárd na nGleann a chuir in iúl go mbeadh 840 beart maidir lena siopa leabhar idirlín localbooks.ie á gcur sa phost acu i mbliana agus go n-ardódh líon na bpacáistí go beagnach 2,000 beart in 2013. Ní bheadh aon áis chun bearta a sheoladh sa ghníomhaireacht poist atá i gceist ag An Post do Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh. Dúirt an Teachta Dála Michael Creed gur dhein sé ciall ó thaobh gnó de go mbeadh seirbhís iomlán Oifig Poist ag feidhmiú i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh, agus go raibh an baol ann dá ndúnfaí an ceann sin go ndúnfaí oifigí poist eile sa cheantar idir Maigh Chromtha agus Beanntraí. Leag an Comhairleoir Michael Creed béim ar an ngné Ghaeltachta agus Ghaelainne a bhaineann le hOifig an Phoist Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh maidir leis na daltaí a úsáideann na seirbhísí baincéireachta agus iad ag freastal ar chúrsaí samhraidh de chuid Choláiste na Mumhan, an coláiste Gaelainne is sine dá leithéid sa tír.

Chuir oifigeach cultúir agus teanga Údarás na Gaeltachta Rachel Ní Riada in iúl go raibh tacaíocht an Údaráis ar fáil maidir leis an bhfeachtas, agus thug bainisteoir Chomharchumann Forbartha Mhúscraí Concubhar Ó Liatháin le fios go raibh suíomh idirlín oifiganphoist.com curtha ar bun aige ina bhfuil áis chun ríomhphoist a sheoladh chuig An Post maidir leis an Oifig an Phoist atá ann faoi láthair a choimeád ar oscailt i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh.

Do chuir a thuilleadh daoine iad féin ar fáil ag an gcruinniú chun achainí a scaipeadh i measc na dteaghlach i gceantar Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh, achainí ina bhfuil deis ag daoine a chur in iúl do An Post go bhfuil éileamh ann dos na seirbhísí uile atá ar fáil faoi láthair in Oifig an Phoist Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh.

Léiríodh ana-dhíomá ag an gcruinniú nach raibh ionadaí de chuid An Post i láthair ós rud é go raibh cuireadh tugtha dóibh. Dúradh go raibh An Post ag caitheamh go holc le muintir Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh maidir le ceist na hOifige Poist ó thús.

Colmán Ó Tuama ag bronnadh Chorn Bhriain Uí Thuama in Óstán Gobnatan ar Dhonncha Ó Cróinín a bhí mar chaptaen ar an bhfoireann a bhuaigh Comórtas Seachtar an Taobh Bhriain Uí Thuama i mBaile Bhúirne Dé Domhnaigh seo caite. PIC: Ó LOINGSIGH

Corca Dhuibhne

Breandan Mac Gearailt

Dreoilíní

BHÍ dhá lá ag dreoilíní áirithe ar scáth an bheartais lá an Dreoilín sa Daingean a bheith ar an Luan seachas ar an Domhnach. Dia linn, bhí an Domhnach ina dhíle. Dá ainneoin sin bhí scataí d'ógánaigh ag seinnt, ag casadh amhrán agus cuid acu ag déanamh babhtaí rince. Na créatúirí, bhíodar ina lipíní fliucha, ach ba léir nach raibh fuacht ná báisteach ag cur aon mhairg orthu. Cinnte, ní rabhadar ró-iomadúil ach, mar a dúras, thug go leor acu fén Dreoilin arís ar an Luan. Chuir Dreoilín beag óg amháin in iúl dom go raibh €142 an duine acu de thoradh a gcuid oibre. "Agus an mó duine a bhí sa Dreoilín," a d'fhiafraíos. "Cúigear," a dúradh liom. "Mar sin bhailíobhair os cionn seacht gcéad euro?". "Ó," ar sé, "tánn tú anchliste." Ar an Luan bhí cúig dhreoilín mhóra an Daingin ar na sráideanna tar éis lóin. Is beag de lucht leanúna a bhí acu luath sa lá ach bhí scata ag gliúcaíl as na tithe tábhairne. Cinnte b'é an green and gold b'fhearr go mór a bhí feistithe gafa. Bhíodh an brat náisiúnta á iompar le leathchéad bliain ag Muiris Ó Rocáin do Dhreoilín Shráid Eoin ach i mbliana, de thoradh breoiteachta, ní raibh Muiris ar an láthair. Mura raibh, ghlac a dheirfiúr an gradam an brat a iompar ar feadh an lae.Isteach sa lá bhí an-spórt ag lucht ceoil.

Sneachta-sioc

Ó BHÍOMAR ag caint cheana bhí scata Éireann de mhuintir an cheantair sáinnithe ina dtithe féin ag sneachta trom agus sioc dá réir, ar feadh seachtaine i gcás daoine áirithe. Ní raibh lucht an phoist ábalta dul chucu ná iad ábalta dul féna dhéin. Bhí scata eile gan uisce. É sin ráite thuig gach éinne gur mheasa go mór cás ceantar eile ar fuaid na tíre. Bhí na mílte

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 7 Eanáir, 2011

Fuair Scoil Iognáid Ris (An Daingean) duais le déanaí ó Léargas (Áisíneacht Náisiúnta i gcomhair Clár Eorpach in Éirinn). Ghlac rang a 5 agus rang a 6 páirt i gcomórtas gearrthóg físeáin chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Eorpach na dTeangacha (26 Meán Fómhair). Fógra 60 soicind a bhí ag teastáil le béim ar cé chomh tábhachtach is atá sé teangacha a fhoghlaim ar scoil agus inár saol ar fad agus éagsúlacht teangacha agus cultúr na hEorpa a thaispeáint. Chuireadar scéal le chéile bunaithe ar an "Camino de Santiago". Oilithreach ab ea leanbh gléasta suas le culaith bhréige, hata traidisiúnta, féasóg agus maide siúil le sliogán muirín (siombail den tsiúlóid mheánaoiseach). Ceangal stairiúil atá ann idir an Daingean agus Santiago toisc an nós a bhí sna meánaoiseanna an tsiúlóid a thosú ó ché an Daingin mar cheann de na príomh-chéanna Éireannacha ag an am sin. Is féidir leat an físeán a fheiscint ar http://www.leargas.ie/resourcese.php

turasóir sa cheantar d'Oíche Chinn Bhliana, scata acu a bhí fé léigear le seachtainí ag drochaimsir sna cathracha agus sna bailte móra. Bhí ard-oíche ag cách. Bhain an óige sásamh as na tinte ealaíne sa Daingean agus bhain na turasóirí sólás as a bheith saor ón doineann. "Tá mo chroí chomh héadrom le druid," arsa fear ó Bhleá Cliath liom. "Bhíomar céasta ag an drochaimsir. Ó, tá sé ina sórt riviera anseo i gCorca Dhuibhne ach go bhfuil na radharcanna níos mealltaí agus an ceol níos binne." Bheadh na daoine óga a bhí ag sleamhnú ar fhearais éagsúla anuas ardáin an-sásta leis an sneachta agus leis an sioc. Ach sin scéal eile.

Amhráin

D'EAGRAIGH Óidhreacht Chorca Dhuibhne oíche amhránaíochta ar an sean-nós ar an mBuailtín tar éis Oíche an Dreoilín. Bhí slua maith i láthair agus amhráin á gcasadh go tiubh te ceolmhar i dtábhairne Uí Mhurchú. B'í Áine Uí Laoithe bean an tí agus chas sí féin agus a cara Eibhlín Ní Chearna amhráin le chéile agus ina n-aonar.

Órthu siúd a chas amhráin bhí Seán 'Ben' Ó Loinsigh, Seán Ó Guithín, Riobárd Ó hEartáin, Róisín Ní Chéileachair, Marcas Mac Congháil, Simon Ó Faoláin, Ciara Ní Mhórdha agus Irial Ó Murchú. Oíche thaitneamhach.

Comórtas

BHÍ comórtas amhránaíochta oíche Dé Domhnaigh seo caite i dTigh Bhric ar an Riasc. Comórtas amhránaíochta ar an sean-nós a bhí i gceist, a dúradh. Chasfadh gach iomaitheoir dhá amhrán Gaolainne nó ceann Gaolainne agus ceann Béarla. Tá, agus bhí, an mhionchaint fé amhráin Bhéarla a bheith san áireamh i gceantar ina bhfuil an oiread sin béime agus éilimh ar amhráin Ghaolainne.

Dúirt Máire Ní Chinnéide a d'eagraigh an ócáid, go raibh sí an- sásta ar fad agus gur lucht na n-amhrán Béarla a threorú i dtreo na n-amhrán Gaolainne a bhí i gceist. Ba í Máirín Uí Shé, múinteoir i scoil Bhaile an Mhúraigh, a bhí i mbun an tí agus bhí Máire Ní Chéileachair ó chathair Chorcaí, a ghnóthaigh an dara háit ceithre huaire go dtí seo i gcomórtas amhránaíochta sean-nóis Chorn Uí Riada ag Oireachtas na Gaeilge, i mbun breithiúnais. Is í Bernadette Nic an tSaoir ó chathair Chorcaí a ghnóthaigh an chéad áit i gcomórtas na n-amhrán Béarla agus bhí Seán Ó Siochrú ó Uíbh Ráthach sa dara háit. Seán 'Ben' Ó Loinsigh ón Riasc a bhuaigh an comórtas sean-nóis agus Simon Ó Faoláin ó Bhaile an Fheirtéaraigh a bhí sa dara háit. Ceathrar déag iomaitheoirí a bhí ar an bhfód.

Comhdháil

BEIDH comhdháil d'ainmniúcháin don olltoghchán i ndáilcheantar Chiarraí Theas ag Fianna Fáil i gCill Airne an Domhnach beag seo ar a trí a chlog. Cé gur measadh ar feadh tamaill nach mbeadh aon ainm luaite don gcomhdháil ach John O'Donoghue, deirtear go bhfuil triúr eile ainmnithe: na Comhairleoirí Fleming agus Cahill agus an Seanadóir Marcas Ó Dálaigh. Tuigtear go mbeidh an Comhairleoir Michael Cahill ó Ghleann Beithe go cinnte ag lorg ainmniúcháin chomh maith le O'Donoghue.

Baiste Daisy Belle ar son Elle san Afraic

BHÍ bainis na mílaoise ann dhá bhliain ó shin agus bhí gach éinne ag súil go mór leis an gcóisir bhaiste sa Mhuileann dá n-éireodh le Willie Looney agus a bhean Concepta Dunne leanbh a thabhairt ar an saol.

Tháinig an oíche mhór idir dhá Nollaig an tseachtain seo caite nuair a baisteadh a bpáistín Daisy Belle ag searmanas speisialta a reachtáladh i mBeár an Mhúsaeim sa Mhuileann i mBaile Bhúirne.

Bhí an sean-dream ann arís - na Looneys agus na Dunnes ó Ráth na Gaiscí go bhfuil a gcáil amuigh maidir le tábhairní a bhualadh le hord.

Ní fhacthas ócáid threasghléasta dá leithéid ó thráth na bainise úd i mí na Samhna 2008, agus bhí an mháthair bhaiste Attracta Dunune i lár an aonaigh agus í ag canadh Sometimes it's Hard to be a Woman agus Stand by Your Man.

Tháinig Tampoon Looney abhaile ó Londain chun a bheith in éineacht lena deartháir Ben Looney don ócáid, agus d'aontaigh gach éinne go raibh an t-athair baiste Mickey Dickie Looney gléasta go galánta don gcóisir bhaiste. Ba 'é an t-Athair Droopy Loopy a bhaist an leanbh Daisy Belle agus bhí cuma ar an bpáistín go raibh níos mó suim aici sa bhuidéal ná ina máthair, ní nach ionadh.

Bhí breis is 100 duine i láthair ag an gcóisir chulaith bhréige a d'eagraíodh go speisialta mar chuid d'fheachtas bailithe airgid Elle san Afraic - sin í Eleanor Ní Shúilleabháin ó Bhaile Bhúirne atá chun tigh nua dílleachtainne a thógaint i mbliana do leanaí i mbaile Thika sa Chéinia. Tá €4,000 bailithe ag Elle cheana féin de thoradh maratóin aonair inar rith sí ó Halla an Chontae i gCathair Chorcaí go dtí Baile Bhúirne, rith 30 míle a chuir sí di i gcaitheamh cúig uaire go leith ar lá i mí Dheireadh Fómhair seo caite.

Tá sé mar aidhm ag Elle €10,000 a bhailiú le haghaidh an tionscadail atá ar bun aici san Afraic faoi láthair, agus tá sí cóngarach don sprioc anois mar gur bailíodh €5,000 de thoradh chóisir na seachtaine seo caite.

D'íoc lucht na gcultacha bréige €25 an duine chun a bheith i láthair ag Baisteadh Daisy Belle, agus bailíodh €2,450 de thoradh ceant speisialta a reachtáladh i rith na cóisire, mar ar díoladh geansaí sínithe de chuid fhoireann iománaíochta Chorcaí ar €350, chomh maith le geansaí Chorcaí leis an bpeileadóir áitiúil Anthony Ó Loingsigh a ghnóthaigh €1,050.

Íocadh €1,050 chomh maith ar lámhainní dornála de chuid Willie Big Bang Casey, dornálaí a bheidh ag troid le haghaidh chraobh dhomhanda i mí an Mhárta, agus ceantálaí na hoíche agus tábhairneoir an Mhuilinn Don Ó Laoire mar bhainisteoir ag fear Luimnigh.

Tá Elle Ní Shúilleabháin ag súil le bheith sa Chéinia faoin dtráth sin mar go measann sí go gcuirfear tús leis an obair chun an tigh dílleachtainne a thógaint i mí Feabhra.

Tá an suíomh ceannaithe cheana féin i mbaile Thika, agus cinnteoidh feachtas Ellie agus a cairde go mbeidh dílleachtann ar fáil do 20 leanbh nuair a bheidh an tigh nua tógthhta sa Chéinia.

Tampoon Looney agus a deartháir Ben Looney (Teddy agus Síle Uí Chróinín) ag cóisir bhaiste Daisy Belle sa Mhuileann i mBaile Bhúirne. PIC: Ó LOINGSIGH

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Coinbhinsiún FF - Enda sa rása arís

Eoin Mac Garvey

BEIDH coinbhinsiún ag páirtí Fhianna Fáil i dtoghcheantar Dhún na nGall thiar-theas oíche Dhomhnaigh seo chugainn le hiarrthóirí a roghnú don olltoghchán.

Agus muid ag dul i gcló bhí trí ainm luaite - an Tánaiste Máire Ní Chochláinn, an Seanadóir Brian Ó Domhnaill agus an t-iar-Sheanadóir agus Comhairleoir Contae Enda Bonner.

Sheas Bonner don pháirtí san olltoghchán sa bhliain 1997 agus é ag iarraidh suíochán an Fheisire Eorpaigh Pat the Cope Ó Gallchóir a choinneáil ach níor éirigh leis. Ba sin an toghchán inar toghadh Thomas Gildea a bhí ag rith go neamhspleách ar son daoine sa chontae a bhí in éadan an chorais teilifíse MMDS a bhí beartaithe. Cuireadh Bonner as an rása sa séú cuntas agus toghadh Gildea gan an cuóta a bhaint amach.

Ar ndóigh ba é an Seanadóir Brian Ó Domhnaill a bhí mar iomaitheoir ag Fianna Fáil san fho-thoghchán i mí na Samhna, ach níor éirigh leis suíochán Uí Ghallchóir a choinneáil ach an oiread nuair a toghadh an Seanadóir Pearse Doherty.

Le hainm Bonner a bheith á chur chun tosaigh anois fágann sé comhartha ceiste faoi thodhchaí Uí Dhomhnaill. Ní rún ar bith é go raibh 'fadhbanna' taobh istigh den pháirtí sa toghcheantar seo le roinnt blianta ach bhí an chuma air go raibh sin uilig thart leis an tacaíocht a thug gach ball de pháirtí do Ó Domhnaill san fho-thoghchán.

Beirt a bheas á gcur chun tosaigh ón choinbhinsiún agus meastar go mbeidh ainmniúchán á fháil ag an Tánaiste gan fadhb ar bith ar an oíche. Muna dtarraingíonn Enda Bonner ná Brian Ó Domhnaill siar roimh an choinbhinsiún is cinnte go mbeidh teannas go leor idir na cumainn ó thaobh vótála de.

Níor éirigh go maith le Ó Domhnaill san fho-thoghchán de bharr na tacaíochta a bhí ag Pearse Doherty.

Fuair sé 21.33% de na vótaí céad rogha, agus in 1997 fuair Enda Bonner 17.7%. Ní raibh soiléiriú ar bith ón pháirtí faoi an mbeidh ar dhuine tarraingt siar nó an mbeidh an focal deireanach ag na toscairí oíche Dhomhnaigh.

Mórchláir Nollag Ghaelacha Ard Mhacha

Róisín Ní Ealaí

CUIREADH morchláir fógraíochta Ghaelacha Nollag ar taispeáint ar feadh coicíse i rith thréimhse na Nollag i gCathair Ard Mhacha.

Feictear iad ar na príomhbhealaí isteach go dtí an chathair. Is iad an fiontar sóisialta Cairde Teo a tháinig aníos leis an gcoincheap chun fograí móra Gaeilge a bheith ar taispeáint ar son phobal na Gaeilge sa cheantar. Chuidigh Foras na Gaeilge leis an tionscnamh seo a chur i gcrích.

Dar le cathaoirleach an fhiontair, Réamonn Ó Ciaráin , tá siad ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn agus a normálú sa cheantar. Chomh maith leis sin, deir sé go raibh Cairde Teo sásta leis na fógraí agus an tionchar a bhí acu ar an phobal.

"Bhí muid ag iarraidh go bhfeicfidh pobal na Gaeilge agus daltaí naíscoile, Gaelscoile agus meánscoile comharthaíocht mhór fheiceálach Ghaeilge sa chathair."

"Amharcann siad an-deas agus cuidíonn siad le normálú na Gaeilge in Ard Mhacha," ar sé.

Ní hé seo an t-aon nuacht mhaith ón fhiontar sóisialta atá ag obair ar son na Gaeilge ar feadh bliain go leith; chomh maith leis sin tá oifigeach forbartha Gaeilge nua fostaithe acu anois go ceann trí bliana.

Tá suíomh idirlín ag Cairde Teo, áit a bhfuil táirgí Gaeilge le ceannach. Is é an nasc ag Cairde Teo ar líne ná www.cairdeteo.com.

Foras na Gaeilge ag glacadh le hiarratais ar scéimeanna maoinithe

BEIDH ceardlann dhátheangach á reáchtáil ag Foras na Gaeilge chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt d'éinne a bhfuil suim acu iarratas a dhéanamh ar a scéimeanna maoinithe. Is ar an Luan seo chugainn a bheidh an cheardlann á reáchtáil idir 11rn agus 1in in Iarsmalann an Iúir agus Mhúrn, Caisleán Bagenal, Sraith an Chaisleáin, an tIúr. Tá Foras na Gaeilge anois ag glacadh le hiarratais dá scéimeanna maoinithe a dhíríonn ar cheisteanna áirithe dátheangachais agus Gaeilge. Díríonn na scéimeanna seo uile ar an Ghaeilge sa phobal, i ngnó agus sna hearnálacha oideachais le scéimeanna agus féilte an tsamhraidh ina measc chomh maith le himeachtaí drámaíochta agus eile do dhaoine óga agus an Ghaeilge labhartha i scoileanna Béarla. Is iad na scéimeanna maoinithe a bhfuiltear ag glacadh iarratas lena n-aghaidh ná: An Ghaeilge sa Phobal, an Scéim um Ábhar Dátheangach/Gaeilge, Scéim na gCampaí Samhraidh, Scéim na nImeachtaí Óige, Scéim na bhFéilte agus Scéim na gComhlachtaí Drámaíochta. Is scéimeanna iad seo uile a dhíríonn ar ghnéithe áirithe den dátheangachas agus den Ghaeilge agus a chuireann an Ghaeilge chun cinn sa phobal, i ngnó agus in earnálacha oideachais. Má tá suim agat d'áit a chur in áirithe don cheardlann téigh i dteagmháil le hAonad na Gaeilge ar 028 30313258 nó is féidir ríomhphost a sheoladh chuig Gaeilge@newryandmourne.gov.uk

Baill de choiste CLG Chloich Cheann Fhaola le linn dhinnéar bliantúil an chlub in Óstán Loch Altan le déanaí: Ó chlé: Seán Ó Ceallaigh (Uachtarán), Máire B. Nic Aoidh (Cisteoir), Carmel Ní Chuireáin (O.C.P.), Aodh Mac Gairbhe (Cathaoirleach), Eibhlín Ní Chuireáin (Rúnaí) agus ba é Séamus Mac Géidigh (Bainisteoir Réigiúnach ar RnaG, Doirí Beaga) a bhí mar aoi speisialta ar an oíche. PIC: JUDY NÍ ÓGÁIN

Droch bhliain d'Aerfort Dhún na nGall

Eoin Mc Garvey

TÁ sé tugtha le fios an tseachtain seo ag Aerfort Dhún na nGall gurb í an bhliain a chuaigh thart an bhliain trádála ba mheasa a bhí ag an aerfort riamh.

Cuireadh 32 eitilt ar ceal de bharr na droch aimsire i mí na Nollag agus chuir seo isteach go mór ar theacht isteach an t-aerfort agus ar ndóigh ar eacnamaíocht an cheantair go ginearálta.

Níor chuidigh an luaith ón bholcán i mí Aibreán agus Bealtaine ach an oiread agus le heitiltí mhí na Nollag ina chuideachta seo cuireadh 102 eitilt uilig ar ceal ag an aerfort i rith na bliana. In 2009 níor cuireadh ach cheithre eitilt déag ar ceal, mórán acu de bharr cúrsaí aimsire.

Tháinig titim de 7.8% ar líon na bpaisinéirí a d'úsáid an t-aerfort le linn 2010 chomh maith ach dúirt urlabhraí ón aerfort go raibh siad ag dréim le titim de chineál éigin de bharr an lag-trá eacnamaíochta.

Dúirt Eilis Barret ón aerfort go bhfuil siad ag dréim le bliain níos fearr i mbliana.

"De ghnáth is iad an Cháisc agus an Nollaig na hamanna is gnóthaí a bhíonn muid anseo, ach cuireadh sin bun os cionn orainn i mbliana," a dúirt sí.

Thug sí le fios go bhfuil tús curtha leis an obair ar uasghrádú an rúidbhealaigh agus na soilse ag an aerfort ar chostas de thar €2 mhilliún.

Bíonn dhá eitilt laethúla idir an t-aerfort agus Baile Átha Cliath agus beirt idir Glaschú agus an Charraig Fhinne ar an Aoine agus an Satharn.

An bhfuil scéilín agat?

Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

Alana Ní Chiaráin ó Bhunscoil Ard Mhacha ag mórchlár fógraíochta as Gaeilge in Ard Mhacha. Tá na mórchláir seo le feiceáil ar na príomhbhealaí isteach go dtí an chathair. Tháinig Cairde Teo, fiontar sóisialta in Ard Mhacha, aníos leis an choincheap leis an Ghaeilge a normálú i gCathair Ard Mhacha.

Denis Boyle, Anita Mc Connell, Danny Boyle, Seamus Ferry, William Mc Geehan agus Eugene Greene ag cur i láthair plaic nua atá ina siombail den 'turas' go dtí Loch an Iúir, Dún na nGall. Ba iad na Boyles an chéad chlann a lonnaigh ann. Tá an phlaic suite ar an N56, in aice an chrosbhóthair sa sráidbhaile. PIC. EOIN MC GARVEY

3 I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Mairead Mooney, Grainne Nic Geidigh, Mairead Nic Geidigh agus Lorcan Mc Neilis ag ceol choirm "T with the Maggies" i nDún Lúiche i nDún na nGall an Domhnach seo caite.
(PIC: EOIN MC GARVEY)

Beata Szafarkiewicz, as an Rosán Glas, Ráthún, Co na Gaillimhe, lena hiníon Gabriela, an chéad leanbh a rugadh in Ospidéal Ollscoil na Gaillimhe ag 1.06rn ar 1 Eanáir 2011.
(PIC. JOE O'SHAUGHNESSY)

Triona Giblin agus Sam Westwood as Baile Phib, Baile Átha Cliath lena iníon a rugadh ar an 1 Eanáir 2011 in Ospidéal an Rotunda ag 1.06rn.
(PIC. MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND)

An Sagart agus an Tábhairneoir - an t-Athair Droopy Loopy (PJ Ó Críodáin) ag beannú na dí do Magnum an Mhuilinn (Don Ó Laoire) ag an gcóisear culaithe bhréige Baiste Daisy Belle a reachtáladh i mBaile Bhúirne ar son fheachtas bailithe airgid Elle san Afraic. PIC: Ó LOINGSIGH

Ag cóisir bhaiste chulaith bhréige Daisy Belle sa Mhuileann i mBaile Bhúirne ar son fheachtas bailithe airgid Elle san Afraic, bhí Buster Looney (Elle Ní Shúilleabháin), an t-athair baistí Mickey Dickie Looney (Clíodhna Uí Dhuinnín), an baba Daisy Belle (Dónal Ó Ciardha) agus an mháthair bhaistí Attracta Dunne (Seán Óg Ó Duinnín). PIC: Ó LOINGSIGH

Snámhóirí crua Mide Ni Bhaoill agus Ellen Nic Fhionnghaile a bhí ag snámh sa bhfuacht ag an snámh bliantúil Lá na Bliain Nua i Machaire Gathlán, Doirí Beaga, i nDún na nGall an Satharn seo caite. (PIC: EOIN MC GARVEY)

Denise agus Michael McCann as Camaigh, Baile Átha Cliath, lena leanbh nua Abby a tháinig ar an saol ar an 1 Eanáir 2011 in Ospidéal Ollscoile an Choim.
(PIC: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND)

4 TRÁCHTAIREACHT

Ardán: Frith-Bhreatnachas

Is annamh a léirítear naimhdeas poiblí don Bhreatnais sa Bhreatain Bheag. Mar sin féin, is ann dó.

Anton Mac Cába

Is í Lorraine Barrett ón Lucht Oibre an t-aon pholaiteoir amháin a labhair in éadan na teangan le tamall maith de bhlianta. Labhair Plaid Cymru faoi fheachtas ar son na Breatnaise mar fheachtas cearta sibhialta. Chuir sin as di: "Cuireann sé alltacht orm gurb ionann streachailt na nGormach i Meiriceá agus loitiméireacht ar réadmhaoin phoiblí i gCaerdydd (Cardiff sa Bhéarla)."

Baineann Barrett le heite den Lucht Oibre atá naimhdeach don Bhreatnais. Tá sí ina feisire do Caerdydd Theas agus Penarth. Ní de shliocht na Breataine Bige go leor daoine sa toghcheantar. Mar sin féin, tá sí ciúin le tamall.

Bhí sé ina raic mar gur i mBreatnais a d'aistríodh banaltraí sealanna san ospidéal ag Bangor . Rinne mic léinn gearán gur 'cur amú ama' é.

Is trí cháineadh ar an airgead a chaitear ar S4C (an stáisiún teilifíse Breatnaise) a thagann go leor den naimhdeas don Bhreatnais amach. Bíonn sin ina chód. Tá na leathanaigh agus na leathanaigh ar an bhfóram idirlín 'Welsh Forums' ag cáineadh mhaoiniú S4C. Leis, 'scaoiltear' ábhar chuig nuachtáin faoin méid airgid a fhaigheann S4C - agus a laghad daoine a amharcann air. Ní ar S4C an locht go bhfaigheann siad maoiniú. "Scriosadh an chraoltóireacht Béarla sa Bhreatain Bheag, idir BBC agus ITV," arsa Meic Birtwistle, iriseoir. D'fhág sin gan ach S4C mar chraoltóir sa tír.

Chomh maith, níl cúrsaí teangan iomlán simplí sa Bhreatain Bheag. Níl an teorainn le Sasana soiléir. Thugtaí 'y mars' (an marche) ar an dúiche. Sa tsean-am, ní raibh sé soiléir cé acu Breatnach nó Sasanach a bhí go leor den dúiche. Agus rinneadh plandáil ann.

Mar sin, tá ceantracha sa Bhreatain Bheag nár labhraíodh Breatnais iontu leis na céadta bliain. Tá cuid den phobal den bharúil nach cuid dá ndúchas an Bhreatnais. Ar ndóigh, tá ceantar in iarthar Shropshire mar a labhraítear rud beag Breatnaise ar fad. Ní leanann an teorainn an fhéiniúlacht atá ag daoine.

Mar shampla, tá sé ina raic faoi ainm Rockfield, sráidbhaile san oirdheisceart gar do theorainn Shasana. B'ón bhFraincis Rocheville a fuair sé a ainm. Ceapadh ainm Breatnaise tamall de bhlianta ó shin. Chuir sin as do chuid den phobal. Bhí siad ann a dúirt nach raibh an t-ainm nua beacht. Ba léir, ón nuacht-litir phobail, go raibh clár polaitiúil ag daoine eile: "The deliberate selection of difficult [to pronounce] and Welsh names is a sop to Welsh nationalism and is misguided and counter-productive."

Mar sin féin, tá tacaíocht láidir ag an Bhreatnais. Nuair a ritheadh acht nua ag tabhairt cearta don Bhreatnais, ní raibh ach litir amháin dá ionsaí ar an Western Mail, nuachtán mór laethúil na tíre.

Tá ceantracha sa Bhreatain Bheag nár labhraíodh Breatnais iontu leis na céadta bliain. Tá cuid den phobal den bharúil nach cuid dá ndúchas an Bhreatnais.

Sampla ar a bhfuil ag tarlú ná go bhfuil na Coimeádaigh ag dul leis an Bhreatnais. Thug na Coimeádaigh tacaíocht do leasú ar an acht. Ba leasú é leis an acht a dhéanamh níos láidre. An Coimeádach a thacaigh leis an leasú, tá Breatnais aige.

Má tá naimhdeas don Bhreatnais ciúin sa Bhreatain Bheag, tá sé fíochmhar i Sasana. Tig le daoine measúla caitheamh anuas ar an Bhreatnais. Baineann Jon Worth leis an bhfoireann cúl-seomra atá ag an Lucht Oibre Nua. Ba eisean a stiúir feachtas Harriet Harman ar an idirlíon agus í ag seasamh do cheannaireacht an Lucht Oibre.

Bhí píosa fada ar bhlag s'aige ag caitheamh anuas ar an Bhreatnais; go háirithe ar Alun Ffred Jones, Aire Oidhreachta na Breataine Bige.

Bhí Jones ar an chéad duine a labhair Breatnais i bParlaimint na hEorpa. Thug Worth "incomprehensible language" air. Ba chuma faoi labhairt na Breatnaise nó "you can bet all the real work - the drafting of the conclusions, any detailed amendment of legislation, was all carried out in English." Níl sa Bhreatnais, dar le Worth, ach teanga bheag shuarach. Níl ach milliún a labhraíonn in aghaidh an lae é.

Bíonn iriseoirí níos measa ná é. Tá Steve Dyson ina iar-eagarthóir ar an Birmingham Mail. In alt ar an pháipéar, mhol sé deireadh a chur le hAcht na Breatnaise 1993 "because it's bloomin' annoying to be in Cardiff's main railway station trying to find one's journey home only to be faced with a screen continuously flashing from English to Cymrae."

Tá AA Gill anois ina cholúnaí leis an Sunday Times. Thug sé "dark, ugly, pugnacious little trolls" ar na Breatnaigh.

Tá ábhar leis an nimh. Tá an Bhreatain Bheag agus an Bhreatnais ar thairseach Shasana. Tá sé de cháil ar mhuintir Shasana nach bhfuil siad go maith ag déileáil le teangacha eile.

Agus tá Breatnais dá labhairt ar fad dhá uair an chloig i gcarr ó chathair Londan. Tá sin i gCwm Rhymni (Gleann Rhymni) in oirdheisceart na Breataine Bige. Leis, de bharr praghsanna tithe, tá cuid mhór Sasanach ag bogadh isteach sa tír. Faraor, tugann roinnt acu a gclaonta leo.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 7 Eanáir, 2011

Uisce faoi Thalamh

Scéal conspóideach uisce Thuaisceart Éireann faoi chaibidil

Eoghan Ó Néill

Cuir an locht ar na Sasanaigh. Níl fadhb agam leis an dearcadh sin. Le 30 bliain anuas thóg rialtas na Breataine airgead na gcáiníocóirí sa Tuaisceart agus seachas é a infheistiú san infreastruchtúr uisce ó thuaidh, chaith siad é ar fhearas cogaidh le go dtiocfadh le 'squaddie' éigin dul ag sléachtadh feirmeoirí san Afganastáin, san Iaráic nó i gCrois Mhic Lionnáin.

Mar sin, nuair a thosaigh na píopaí uisce s'againne ag triomú coicís ó shin ní raibh aon fhadhb agam lorg méire an 'Perfidious Albion' a mhothú ann.

Ach mar aon leis na Sasanaigh tá locht ar na boic ag Northern Ireland Water nach raibh d'acmhainn acu plean éigeandála a chur i bhfeidhm; ná oiread daoine a fhostú is a bheadh in ann na gutháin a fhreagairt in am na géarchéime.

Tá Príomhfheidhmeannach NIW, Laurence McKenzie, a bhí ar thuarastal £250,000 sa bhliain, le héirí as agus pacáiste scoir deas aige.

Ach cad faoin Aire?

Nach bhfuil an tAire Conor Murphy freagach, ar bhealach éigin, as an phrácás a tharla agus é i mbun na Roinne seo?

Tá sé deacair a rá go bhfuil an tAire gan locht nuair is léir go raibh daoine atá ag obair dó mífheidhmiúil.

Ach is fíor go bhfuil neamhspleáchas éigin ag Northern Ireland Water agus go bhfuil bord is príomhfheidhmeannach acu atá neamhspleách, go pointe, ar an Aire.

Cuireadh sé ladar isteach i ngnóthaí an bhoird nó ná cuireadh, bheadh Conor Murphy damnaithe.

In ainneoin an DUP, an SDLP, is an UUP a bheith ag iarraidh buille a leagan ar Aire de chuid Shinn Féin tiocfaidh sé slán.

Ach tá ceachtanna le foghlaim ón phrácás seo. An chéad cheacht ná go bhfuil gá le huastuarastal a bheith ann faoi mar atá íostuarastal againn.

Bhí Laurence McKenzie ag saothrú ceathrú milliúin punt sa bhliain - cad chuige?

Arbh fhiú ceathrú milliúin sa bhliain é?

Cad chuige nach bhfuil uastuarastal ann do dhaoine atá fostaithe ar airgead an cháiníocóra?

Glactar leis gur gá íostuarastal mar sin nach gá uastuarastal?

Cad é mar is féidir na tuarastail fantaisíochta seo atá á n-íoc le feidhmeannaigh bhoird is eagrais stáit a chosaint, go háirithe i gcomhthéacs an lae inniu?

Eagrais Ghaeilge san áireamh.

Mura n-íocfaí ardtuarastal leis na boic seo deirtear go n-imeodh siad go dtí an earnáil phríobháideach.

Bhuel, imeodh siad mar sin.

Bheadh orainn teacht gan iad.

Ach gach seans go bhfaighfeá tallann níos fearr ina n-áit, go bhfaighfeá daoine níos díograisí, go bhfaighfeá daoine a chreideann san fhís seachas iad sin atá ag iarraidh carn airgid as gnáthjab a dhéanamh.

Ceacht eile atá le foghlaim ón phrácás uilig faoi NIW ná nach bhfuil aon fhreasúra ceart sa pholaitíocht ó thuaidh. Cinnte, i gcolún ar an News Letter, dúirt Sammy Wilson gur cheart do Conor Murphy éirí as.

Ach níor bhrúigh an DUP an cheist. Agus nuair a d'oscail Peter Robinson a bhéal dhírigh sé a fhearg ar NIW seachas ar an Aire Murphy.

Bhí Sinn Féin bog le Peter Robinson an t-am seo anuraidh nuair a bhí na ceisteanna á gcur faoi Iris agus faoi shíntiúis.

Tá an DUP bog le Sinn Féin anois.

Níl fíorpholaitíocht sa Tuaisceart.

Níl aon fhreasúra ann agus ina éagmais sin níl rogha cheart ag daoine.

Agus tá frustrachas ar go leor daoine dá bharr.

Rud a mhíníonn a tharraingtí is atá na cláir raidió mhairgneacha sin nach ndéanann aon rud ach daoine a chur ag gearán agus ag cleamhsán.

Ó dheas bhí cúrsaí uisce i bhfad níos measa ná mar a bhí ó thuaidh.

Agus dúirt John Gormley linn go dtógfaidh sé deich mbliana chun uasghrádú a dhéanamh ar an chóras.

Seachas a bheith ag déanamh ruda a d'athródh an scéal thuaidh nó theas téann daoine ag gearán agus ag mairgneach ar chlár Joe Duffy nó ar chláir den sórt céanna ar an BBC.

Tá rud eile le foghlaim ón phrácás seo. Cuid dar tharla ag an Nollaig agus ag an bhlain úr, tharla sé i bhfírinne cionn is go raibh an teocht ag -19 in áiteanna.

Agus dá fheabhas an córas bíonn fadhbanna ann nuair a thiteann an teocht go -19.

I gcás cuid againn caithfimid smaoineamh faoi fhreagracht a thógáil orainn féin amach anseo.

I dteach s'againne phléasc an coire cionn is nach raibh clúdach neamhchonduchtach ar na píopaí uilig.

Ní raibh an locht ar na húdaráis ná ar dhuine ar bith ach orm féin.

Déanfaidh mé é a réiteach.

Cosnóidh sé cúpla punt, beidh sé ciotach.

Tá sé rud beag níos deacra ná bheith ag dul ar sheó Joe Duffy agus tabhairt amach faoi mhaorlathaigh is polaiteoirí is gach duine eile.

Ach uaireanta is fearr an gníomh ná an chaint.

Tar ar ais a Nollaig!

Bernie Ní Fhlatharta

Nach aisteach nuair a stopann tú ag obair agus saoire a thogáil gur b'shin é an uair a thiocfaidh slaghdán nó fliú mar a tharla dhomsa ó Lá Nollag.

Ní bhfuair mé blas ar bhia ná ar ól - go deimhin ní raibh aon suim agam i gceachtar acu - agus bhí mé leacaithe suas sa leaba ró-fhada agus gach uile dhuine eile ag casadh lena chéile, ag baint taitnimh as an Nollaig. Bhí mé ag cleamhsán roimh an Nollaig faoin bhéim a chuirtear ar an ocáid ach ag an am ceanna is maith liom sult a fháil as muid ar fad sa mbaile, ag ithe agus ag ól, ag spraoi cluichí thart ar an mbord, ag caitheamh ama leis an gclann i ndáiríre. Ach ní shin mar a bhí dhomsa i mbliana.

Dár ndóigh bhí fadhb eile i mbliana, bhí go leor daoine gan uisce, muidne freisin i rith na Nollag, agus cé go raibh cineáltas le feiceáil ó chomharsana, níl aon chraic ann nuair atá obair i gceist ag tarraingt uisce suas san áileár agus ag cinntiú go bhfuil uisce sna leithris.

Meastú an bhfuil bealach ar bith ar féidir liom an Nollaig a bheith agam aris?

Ach is mór an mhaith go raibh leictreachas ar a laghad againn. Is deacair an saol a shamhlú gan iad.

Agus mé chomh gaisciúil ag caint faoin Nollaig cúpla seachtain ó shoin agus an neamh-shuim a bhí mé ag déanamh dhó, tá aiféala orm anois nach raibh mo shláinte agam chun sult a bhaint as.

Meastú an bhfuil bealach ar bith ar féidir liom an Nollaig a bheith agam aris? Dúirt duine nó dhó liom gur cheart dhom Nollaig na mBan a cheiliúradh agus níl locht ar bith air sin i mbliana!

Ach ar an taobh eile dhó níl aon mheachán curtha suas agam ag ithe milseán, cáise ná cáca Nollag. Níor ól mé aon cheo ach oiread cé is moite de chorrfhuisce te san oíche.

Is cinnte go dtéann muid thar fóir leis an méid a itheann agus a ólann muid an séasúr seo ach is iontach go bhfuil an tsláinte againn chun é a dhéanamh.

Bhí dochtúirí agus Westdoc thar a bheith cruógach an Nollaig seo le daoine ag fulaingt slaghdán agus an fliú agus faitíos anois go bhfuil Fliú na Muc ar ais arís.

Níl mé ag súil go mbeadh aon trua dhom mar go raibh mé sách gaisciúil ag ceapadh nach raibh an Nollaig ag teastáil uaim. Nach mé a bhí mícheart. Bhí mé cosúil le Scrooge as scéal Charles Dickens, A Christmas Carol, agus cosúil leis sin tá mo cheacht foghlamtha agam.

Lemmings...

Conall Ó Móráin ar an gconspóid faoi Sheanad Éireann

Conall Ó Móráin

Níor éirigh liom teacht ar an nGaeilge ar an ainmhí beag ar a dtugtar 'lemming'. Muna bhfuil a leithéid feicthe agaibh ar chláracha teilifíse faoin nádúr caithfidh nach bhfuil sibh tar éis leath bhur saoil a chur amú os comhair an bhosca, mar atá déanta agamsa, ag breathnú ar chláracha a bhíonn an-spéisiúil ag an am, faoi thíogair, siorcanna agus nathracha nimhe.

Ach cosúil le ceacht scoile, dá gcuirfeá ceist orm céard faoi é cúpla uair an chloig ina dhiaidh, bheadh dearmad déanta agam air. Ach ní dhearna mé dearmad riamh ar an lemming. Ainmhí beag, gan eireaball is dóigh liom (an bhfeiceann tú nár thug mé faoi deara cé go bhfuil na cláracha seo feicthe agam breis agus céad uair!) atá thart ar an méid céanna le francach ach tá an lemming eisceachtúil mar, uair gach ceithre bliana, méadaíonn líon na lemmings go dtí pointe nuair nach féidir leis an éicea-chóras thart orthu dóthain bia a sholáthar chun iad a choimeád beo agus dúradh go ndearna siad iad fhéin a fhéinmharú, na mílte míle acu dá gcaitheamh féin isteach sa bhfarraige.

Anois le breis taighde déanta deirtear nach bfhuil an méid sin iomlán fíor ach bhí sé an-tarraingteach do dhéantóirí cláir theilifíse faoin nádúr mar gur b'shin an 'fhíric' go mbeadh lucht féachana an chláir ag déanamh tráchta air an lá dár gcionn, ag an obair, agus iad ag plé pé rud a bhí feicthe acu an oíche roimh ré ar an dteilifís.

D'oibrigh mé in RTÉ fada go leor gur ghlac mé leis an fhírinne sa sean-nath 'ná lig dos na fíricí teacht salach ar scéal maith.'

Tá ár gcuid lemmings fhéin againn sa tír seo ach tugann muid polaiteoirí orthu. Tharais briseadh na Nollag dúirt páirtí an Lucht Oibre go raibh siad i bhfabhar deireadh a chur leis an Seanad.

Dúirt Fine Gael ar an bpointe gurb iad a dúirt i dtosach é, scread na Glasaigh go raibh siad siúd i bhfabhar an €25 milliún a chosnaíonn ár Seanadóirí uaisle orainn. Ansin, i gceann des na strócanna polaitiúla ab fhearr sa bhliain, dúirt Fianna Fáil go raibh fonn orthu siúd freisin stop a chur leis an Seanad.

Deir mé gur stróc é seo mar gurb iad muintir Fhine Gael agus an Lucht Oibre, a bheidh i gcumhacht laistigh de ráithe, a chaillfidh na bronntanais pholaitiúla a bhíodh ag na páirtithe i gcumhacht le tabhairt dá muintir gur theip orthu san olltoghchán mar nár thug an pobal dóthain tacaíochta dóibh.

Tá ár gcuid lemmings fhéin againn sa tír seo ach tugann muid polaiteoirí orthu.

Is é sin, níor theastaigh siad ón bpobal. Ná bac le mian na ndaoine, seo an daonlathas de réir ár rialaitheoirí. Ós rud é nach mbeidh Fianna Fáil i gcumhacht arís go ceann glúin eile is cuma leo siúd céard a tharlaíonn an fhaid go lagaíonn sé Fine Gael agus go mbeidh baill Fhine Gael mí-shásta nach féidir leo seans d'fháil a ngobanna a shá isteach sa bhféasta is fearr sa tír.

Ach creid nó ná creid é nílim i bhfabhar an deireadh a chur leis an Seanad. Tá Seanadóirí maithe, éirimiúla againn, Seanadóirí ar nós Shane Ross agus Joe O'Toole (atá ag éirí as, is trua). Do luaigh mé an bheirt acu mar gur eiseamláirí iontacha an bheirt, ón dá eite pholaitiúla, den sórt dea-oibre gur féidir le Seanadóirí a dhéanamh de bharr a ngairmoiliúna.

Mar shampla, rinne Shane Ross tréanobair ag cur ceisteanna deacra ar ár mbaincéirí agus, más buan mo chuimhne, dob é Joe O'Toole a chuir ar an eolas muid faoina laghad a bhí faighte againn as Comhaontú Pháirc an Chrócaigh mar, mar iar-cheannasaí ceardchumainn, thuig seisean go díreach cé mar a oibríonn na cúrsaí seo.

Scríobh mé colún roinnt ama ó shin ag míniú cé chomh glic agus atá rialaitheoirí na Breataine maidir leis an méid sárobair saor in aisce a fhaigheann muintir na tíre sin ó dhaoine nach lorgann airgead dá gcuid allais ach atá sásta a ndroim a bhriseadh ar thóir stádais.

Dhá uair sa bhliain sa tír sin, an dá uair nuair a fhoilsítear liosta na n-onóracha a thugann baraíon Shasna dá 'géillsinigh' (mar a thugtar ar mhuintir na tíre sin), cuirtear glaonna ar chlár Joe Duffy agus a leithéid ag lorg an sórt céanna onóra sa tír seo (bheadh sé deacair cosúlacht a bheith againn ár ndóigh leis an MBE nó CBE mar nach raibh impireacht againn riamh!). Ach cad faoi seo?

Tá craos ag an bhformhór againn ar stádas sóisialta. Cén fáth nach féidir an Seanad a úsáid chun stádas a thabhairt dóibh siúd go bhfuil sé taispeánta acu go bhfuil leas na tíre ina gcroíthe?

Thabharfaí stádas nua don téarma 'Seanadóir' agus aon duine a dtabharfaí Seanadóir uirthi nó air, bheadh a fhios againn gur daoine maithe iad.

Ach chun séala a chur ar an stádas sin ní dhíolfaí ach costaisí leis na Seanadóirí chun freastal ar an Seanad.

Daoine maithe, saor in aisce, buntáiste don Stát agus gan rian d'Ivor Callely agus a shórt. Agus bheadh siad ag coimeád súil ghéar ar an méid a bheadh ag tarlú sa Dáil - rud atá fíor-riachtanach chun an daonlathas againn a chosaint.

Tá an ath-bhliain níos gile cheana féin agus gan Féile Bhríde sroichte againn fós.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 7 Eanáir, 2011

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Ról dearmadta an tSeanaid

IS léir go bhfuil dearmad déanta ag ár gcuid polaiteoirí ar an bhfís a bhí ag bunaitheoirí an Stáit don Seanad. Ní cosúil go bhfuil bá ar bith ag ár bpolaiteoirí leis an bhforas Parlaiminteach seo againne, seachas iad siúd as Fianna Fáil atá i mbaol an 'jab compordach' agus gach a ngabhann leis ar Shráid Chill Dara, a chailleadh.

Tá na páirtithe polaitiúla ag titim thar a chéile faoi láthair ag iarraidh fáil réidh leis an 'Teach Uachtair', ach má tá sé chomh míéifeachtach sin cén fáth nach raibh siad ag béicíl roimhe seo chun fáil réidh leis? Nach raibh sé chomh dona céanna a bheith ag cur €25m sa bhliain amú roimhe seo, is atá sé inniu? Agus, má tá an Seanad chomh dona sin, nach fada gur thosaigh siad ag clabhsán faoi? Nó, an é go bhfuil míthuiscint ar ár gcuid ceannairí faoin bhfís a bhí ag bunaitheoirí an Stáit don Oireachtas agus a chuid institiúidí. Mheas siadsan go mbeadh an Dáil ann, le hionadaithe tofa go díreach, chun reachtaíocht a fheidhmiú agus an Seanad le baill le saineolas faoi leith le comhairle a chur faoi rialú na tíre.

Sa Bhunreacht luaitear gur chóir ionadaithe a thoghadh don Seanad le heolas faoi leith ar na réimsí seo a leanas: An Ghaeilge agus an tSaíocht Náisiúnta, Talmhaíocht agus Iascaireacht, Oibreachas, Tionscal is Tráchtáil ar a n-áirítear baincéireacht, airgeadas, cuntasaíocht, innealtóireacht agus foirgníocht; Riarachán Poiblí agus seirbhísí comhdhaonnacha. Má bhí daoine oilte, tofa sa Seanad do na réimsí seo agus iad ag tabhairt comhairle chuí agus má bhí na Teachtaí Dála ag tabhairt aird ar an gcomhairle sin nár mhaith ann iad?

Muna raibh siad cumasach go leor, cé a chuir ann iad ar an gcéad dul síos? An é gur ar an gcineál ionadaí atá tofa, nó roghnaithe, atá an locht, seachas ar an institiúid féin? Nach n-ardaíonn sin an cheist faoi chumas ár bpolaiteoirí le cinntí den chineál seo a ghlacadh chomh maith mar gurb iad a roghnaigh cuid mhaith acu? Bíodh an Seanad ann nó as, is fiú plé a dhéanamh ar an gceist seo. Ach, má dhéantar sin, is dóigh go gcaithfeadh duine éigin freagracht a ghlacadh as an teip agus seans gurbh fhearr lenár bpolaiteoirí nach mbeifí ag síneadh na méire ar an gcaoi sin orthu.

Freagracht

BHÍ deacrachtaí ag Ivan Yates lena ghnó agus b'fhéidir gur air féin cuid mhaith den locht. Ach, ar a laghad ar bith, tháinig sé amach lom díreach agus ghlac sé freagracht go poiblí as.

D'admhaigh Laurence MacKenzie, ó chomhlacht Uisce Thuaisceart Éireann, go bhféadfadh an ghéarchéim uisce ó thuaidh a bheith láimhseáilte ar bhealach níos fearr aige féin agus ag an gcomhlacht agus d'éirigh sé as, in achar ama réasúnta tapa. Tar éis gur drochscéalta ba chúis le staid na beirte seo, bhí dóchas áirithe le brath as an bhfreagracht a ghlac siad as an méid a rinne siad. Cuir é sin i gcomparáid le David Drumm, iar-cheannasaí leis an mBanc Angla Éireannach, a d'aistrigh maoin chuig a bhean chéile sular briseadh as a phost é, agus an tógálaí Seán Dunne, a bhfuil a bhean i ndiaidh comhlacht forbraíochta nua a bhunú agus eisean i ngreim ag NAMA. Gan trácht ar an Iar-Thaoiseach, Bertie Ahern, a thug le fios in agallamh an tseachtain seo caite go raibh cuid mhaith den locht ar Bhrian Cowen maidir leis an staid ina bhfuil an tír agus nach mbeadh seisean tar éis rudaí a láimhseáil ar an tslí chéanna. Is beag freagracht atá glactha acu siúd, ná cuid mhaith eile cosúil leo, as an bpáirt a bhí acu féin i ngníomhartha a d'fhág an tír sa riocht ina bhfuil muid.

Tá súil againn go mbéarfaidh 'bó eicint, lao eicint, lá eicint' dóibh.

Dóchas & Duairceas

TÁ idir dheá scéalta agus drochscéalta eacnamaíochta againn an tseachtain seo. Ar láimh amháin, tá poist dhá gcailleadh in Britvic, Celtic Bookmakers, Tony & Guy agus Aerfort Chiarraí. Ar an láimh eile, tá dóchas ann go dtiocfaidh leithéid Twitter go Baile Átha Cliath agus go mbeidh fostaíocht mhaith mar thoradh air sin.

Ní dochar ar bith an phoiblíocht a thabharfadh fógra den chineál sin do Ireland Inc. (más ann dó sin a thuilleadh!) ach an oiread.

Léiríonn figiúirí a d'eisigh an Roinn Airgeadais an tseachtain seo freisin, gur tháinig ardú ar easpórtálacha agus tá an méid a tháinig isteach ar cháin chorparáideach níos fearr ná mar a bhíothas ag tuar. Ní ionann na scéalta, áfach, agus pátrún leanúnach airgeadais go fóill, ach is fearr iad ná na drochscéalta síoraí. Tá caint ar NAMA 2 chun déileáil leis an chéad sruth eile d'iasachtaí forbróirí agus eacnamaithe ag trácht anois ar fhadhb na morgáistí príobháideacha atá chun géarchéim eile a chruthú in earnáil na baincéireachta. Ní féidir linn ach a bheith cinnte, mar a deir siad, go mbeidh rudaí fós iontach neamhchinnte ó thaobh an gheilleagair de, in 2011.

Gaeilgeoir Facebook na seachtaine seo: Seán Ó HAdhmaill

AN tseachtain seo roghnaigh Gaelscéal usáideoir Facebook, atá ina chara linn ar an suíomh agus úsáideoir Twitter a mbíonn Gaeilge á labhairt acu ar líne, chun a mbarúil a fháil ar úsáid na Gaeilge ar líne...Labhair Róisín Ní Éalaí leo..

Gaeilgeoir Facebook na seachtaine seo: Seán Ó HAdhmaill

Cén chaoi a bhfuil Gaeilge agat?

Rugadh agus tógadh le Gaeilge mé i mBéal Feirste agus úsáidim é go laethúil go gairmiúil agus sa bhaile.

Cén fáth a roghnaíonn tú Gaeilge a úsáid ar líne?

Is í mo theanga í, agus mura n-úsáideann muidne atá cumas againn sa Ghaeilge í go feiceálach ní spreagfar éinne ón mórphobal chun tiontadh i dtreo na Gaeilge a úsáid, a fhoghlaim nó a chleachtadh.

An mothaíonn tú go bhfuil go leor Gaeilgeoirí ar líne?

Cad a chiallaíonn "go leor"? Tá fás ollmhór ar líon na ndaoine atá ag léamh agus ag scríobh as Gaeilge ar líne ach is gá duit iarracht pearsanta éigin a dhéanamh chun teacht orthu sin go minic. De réir mar a chothaíonn agus a fhorbraíonn pobal na Gaeilge ár gcuid líonraí sóisialta Gaeilge sea is éasca a bhíonn sé teacht orthu siúd atá cumas agus bród acu as a gcuid Gaeilge a úsáid.

Dá mbeadh áis amháin Gaeilge ar fáil ar líne...Céard a bheadh ag teastáil uaitse?

Ceapaim go bhfuil easnamh mór ann dóibh siúd atá ag súil le leanbh (a thógáil trí Ghaeilge). Níl aon suíomh Gaeilge le heolas do mháithreacha nua, mná atá ag iompar clainne nó d'athracha nua. Is bearna ollmhór é seo má tá sé mar sprioc againn an t-aistriú teanga ó ghlúin go glúin a mhéadú go dtí go bhfuil pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta inmharthana.

Céard é an suíomh Gaeilge is fearr leatsa?

Cé go mbeidh daoine ann nach n-aontaíonn gur suíomh Gaeilge í Facebook. Go pearsanta, táim tar éis níos mó eolais trí Ghaeilge a roinnt, cairdis nua a chothú le Gaeil ó fud fad na cruinne, feachtasaíocht a dhéanamh ar son na Gaeilge agus teacht ar eolas trí Ghaeilge agus faoin nGaeilge trí Facebook ná aon suíomh eile. Is deis é don té atá spéis aige/aici sa teanga. Ní gá ach an deis sin a thapú.

Gaeilgeoir Twitter na seachtaine seo: @crosbhealai nó www.twitter.com/crosbhealai

Cén chaoi a bhfuil Gaeilge agat?

Bhí mo scolaíocht ar fad trí Ghaeilge i gCorcaigh agus táim ag obair trí mheán na teanga.

Cén fath a roghnaíonn tú Gaeilge a úsáid ar líne?

Is cuid lárnach dem' fhéiniúlacht mar Éireannach í an Ghaeilge agus táim an-bhródúil aisti. Is breá liom í a úsáid sna meáin shóisialta.

An mbíonn mórán daoine ag deanamh 'Tweets' as Gaeilge?

Sílim go mbíonn, agus tuilleadh ag teacht chun cinn i gcónaí. Cuirim an haischlib #gaeilge le gach 'tweet' a scríobhaim i nGaeilge, agus bíonn idirghabháil agam le Gaeilgeoirí eile trí Twitter, agus le 'Twitteoirí' eile a bhaineann triail aisti nuair a fheiceann siad ann í.

An dóigh leat go mbeadh sé go maith leagan Gaeilge Twitter a bheith ann ar nós atá ag Facebook?

Ní fheicim gá ar leith leis sin. Bím féin ag 'Tweetáil' i nGaeilge agus i mBéarla araon, agus níor mhaith liom deighilt a chruthú idireatarthu. Tá sé nios dinimiciúil domsa iad a mheascadh, fite fuaite lena chéile. Ní thaitníonn coincheap an "Gaelic Reservation" liom!

Céard é an suíomh Gaeilge is fearr leatsa?

Is maith liom iGaeilge (blag Choncubhair Uí Liatháin), Smaointe Fánacha Aonghusa (blag Aonghus Uí Almhain) agus Dialann Scott (blag Scott de Buitléir)- agus suíomh Gaelscéal ar ndóigh!

Bí linn ar www.gaelsceal.ie , www.facebook.com/Gaelsceal agus www.twitter.com/gaelsceal chun do bharúil a thabhairt dúinn!

Bliain nua agus táimse dóchasach di

Páidí Ó Lionáird

Buíochas le Dia, ní mhaireann bliain ach 365 lá agus tá áthas orm go bhfuil 2010 imithe. Annus horribilis a bhí inti gan aon agó ach ní mór dúinn a bheith dóchasach nach mbeidh an ceann seo, 2011, mar an gcéanna.

An chéad deichniúr den mhílaois nua thart agus más ea, nár thaispeánamar chomh tiubh, anaibí agus amaideach is atáimíd? Ní hamháin dúinn féin ach don ndomhan mór! Agus beimíd ag íoc go daor as go ceann i bhfad. Mar sin, cad iad mo mhianta don bhliain seo amach romhainn?

Ní mór dom iad a leagan amach ceann ar cheann ionas gur féidir linn iad a mheas agus iad a thomhas de réir mar is gá.

Ach cá dtosnóidh mé? An leor é a bheith ag díriú ar Éirinn? Ar chóir dom an t-eangach a scaipeadh níos faide leis na ceithre hairde a áireamh nó ar chóir dom an fócas a chúngú níos gaire do bhaile, díriú orainn féin? Nach ann a thosnaíonn an charthanacht, más fíor do lucht an Bhéarla?

An mbeadh sé mí-réalaíoch a bheith ag lorg síocháin dhomhanda nó leigheas ar gach aicíd, gach ailse? Cad mar gheall ar shaol agus mianta sibhse, gnáth-léitheoirí an cholúin Ghaeilge seo? Ar chóir dom mo mhianta a dhíriú oraibhse, ar shaol na Gaeilge?

Fan go bhfeicfimíd cad a thagann as an bpota.

Ar an gcéad dul síos le teacht an ollthoghcháin sa chéad ráithe den bhliain, bímís dóchasach go dtiocfaidh rath ar chúrsaí polaitíochta agus go bhfeicfimíd an rialtas nua, cuma cé a bheidh ina bhun, ag déanamh birt de réir briathra agus ag cur gach a bhfuil geallta leis an straitéis 20 bliain don Ghaeilge. Ní haon rún e go bhfuil amhras orm faoi dháiríreacht chur chuige na straitéise.

N'fheadar d'éinne fós cé a bheidh i gceannas nó, níos tabhachtaí fós, cad air a mbeidh siad i gceannas mar tá go leor dár n-ábhar flaithiúnais tugtha uainn againn go ceann cúpla bliain. Ach pé rud a tharlaíonn, táim den tuairim go mbeidh rath ar obair iad siúd a thiocfaidh chun cinn.

Má thagann téarnamh a dhóthain i ngeilleagar na tíre, ba bhreá an rud é stop a chur leis an tsruth ógánaigh oilte atá ag fágaint na tíre seachtain i ndiaidh seachtaine. Nar bhreá an scéal é dá mbeimís in ann iad a mhealladh le fanacht agus cúnamh a thabhairt le rothaí móra na tíre a dheisiú agus a chur ar ais ar a seanchasadh arís.

Bunaítear binse na fírinne a thabharfaidh le fios dúinn ar fad, go simplí, cad a tharla le sinn a chur sa riocht seo ina bhfuilimíd. As san, is féidir linn tosnú ar muid féin a tharrac as an bpoll doimhin seo agus teas na gréine a thabhairt faoi ndeara ar ár gcraiceann fáiscithe.

Ba mhaith liom a shamhlú go mbeimíd mór agus macánta ár ndóthain le milleán agus freagracht a dháileadh dá réir agus iadsan atá ciontach as coireanna sainnte na linne a ainmniú agus déileáil leo dá réir.

Má táimíd chun a bheith thíos an oiread sin leis an bpacáiste téarnaimh airgid seo atá ar fáil dúinn, ba mhaith liom a fheiceáil go mbeadh meicníocht éigin curtha i bhfearas a thabharfadh cosaint iomlán do ghnáth-theaghlaigh agus iad ag iarraidh dul i ngleic lena gcuid fiacha mí i ndiaidh míosa, seachtain i ndiaidh seachtaine. Conas? N'fheadar ach tá daoine níos cliste ná mise a bheadh in ann teacht ar chleas éigin táim cinnte.

N'fheadar d'éinne fós cé a bheidh i gceannas nó, níos tabhachtaí fós, cad air a mbeidh siad i gceannas mar tá go leor dár n-ábhar flaithiúnais tugtha uainn againn go ceann cúpla bliain.

Fós ar phointe an airgid, an bhfuil aon tslí ann le deimhniú go mbeadh a dhóthain ann le dul i ngleic leis na mílte printíseach nár eirigh leo a gcuid dintiúr a bhaint amach de bharr an chreimeadh eacnamaíochta. Ba cheart go gcríochnófaí na forbairtí pobail ar fad a tosnaíodh agus atá fós le críochnú - ag tabhairt deise do phrintísigh a gcuid traenála a chríochnú.

Agus arís eile ar phointe an airgid - ar ndóigh braitheann formhór na bpointí atá luaite agam ar mhaoin agus airgead - cé a dúirt nach mbraitheann sonas ar airgead? Ach ar aon nós, "Cad mar gheall ar an nGaoluinn?", ceist a cuireadh roinnt blianta ó shin i nDáil Éireann. Cad mar gheall uirthi go díreach? Tá an plean fógartha, foilsithe agus seolta ach más plean gan mhaoiniú agus gan cur chuige gairmiúil atá ann, bheimís níos fearr as gan é ar an gcéad dul síos. Tá achar an cholúin seo tugtha cheana féin agam ag nochtadh mo thuairimí ina leith. Ba dheas dá bhféadfaí teacht ar fhoinse airgid iomlán neamhspleách, Chuck Feeney agus Atlantic Philanthropies mar shampla.

Ar deireadh, guím go mbíonn rath ar iarrachtaí fhoireann rugbaí na hÉireann a thabharfaidh faoi Chraobhchomórtas an Domhain sa Nua-Shéalainn an samhradh seo. Chuirfeadh sé clabhsúr oiriúnach le saol imeartha cuid de mhór-laochra na hÉireann.

Athbhliain faoi shéan is faoi mhaise daoibh ar fad.

5 LÉARGAS

Impleachtaí oscailt iomlán

Pléann Maebh Ní Fhallúin na himpleachtaí a bhaineann le saoradh an mhargaidh do sheirbhísí poist ar fud an Aontais, caighdeán na seirbhísí a bheidh le fáil agus na hathruithe sa soláthar a bhféadfadh muid a bheith ag súil leo.

Tráth dá raibh, dhéanfaí praghas litreach a ríomh bunaithe ar an bhfad a thaisteal sé agus líon na leathanach a bhí ann. Seo mar a d'fheidhmigh an chéad chóras poist sa Bhreatain agus in Éirinn ag tús an 16ú aois. Lucht an rachmais agus an Stáit, nó daoine a raibh oideachas orthu, amháin a bhain leas as an tseirbhís toisc an costas ard a bhí ag dul léi. Diaidh ar ndiaidh, de réir mar a tháinig feabhas ar leibhéal litearthachta na ndaoine agus ar an gcóras iarnróid, leathnaíodh an tseirbhís chun freastal ar an ghnáthphobal.

Sa lá atá inniu ann, de réir an dlí, tá gach saoránach agus eagraíocht sa tír i dteideal post a fháil (agus a sheoladh) cúig lá in aghaidh na seachtaine ag praghas comhsheasmhach.

Ag an bpointe seo, agus sinn sa dorchadas fós maidir le hábhar an bhille, ardaíonn léirscaoileadh na seirbhíse poist níos mó ceisteanna ná mar atá freagraí ann dóibh.

Titeann an cúram seo ar An Post, an t-aon soláthraí seirbhíse uilíoch sa tír. Éiríonn le An Post seirbhís a sholáthar do mhuintir uile na hÉireann gan cúnamh airgid ón Stát, tríd an mbrabús a thuilleann siad ó oibríochtaí i gceantair le dlús daonra ard a úsáid chun an caillteanas a thabhaítear i gceantair iargúlta a chlúdach. Ar an dóigh seo, is féidir le An Post an tseirbhís chéanna nach mór a sholáthar do gach aon duine. Faoi threoir nua ón Aontas Eorpach, áfach, ón 1 Eanáir, 2011, osclaíodh margaí poist na mballstát go hiomlán agus cuirfear deireadh le monaplachtaí ar nós An Post. (Tá go dtí 2013 ag na tíortha a tháinig isteach san AE tar éis 2004, chomh maith leis an nGréig agus Lucsamburg.)

Thosaigh an caint faoi léirscaoileadh na seirbhísí poist siar sna 1990í, mar chuid den ghluaiseacht i dtreo Margadh Eorpach Aonair. Creideadh ag an am go bhféadfaí seirbhísí poist a sholáthar ar bhonn níos saoire, níos tapúla agus níos éifeachtaí dá n-osclófaí an margadh d'iomaitheoirí. Le blianta beaga anuas, tá reachtaíocht curtha i bhfeidhm in Éirinn a cheadaíonn d'iomaitheoirí beartáin os cionn 50 gram a sheachadadh, ach go dtí seo, bhí cearta seachadadh litreacha teoranta do An Post amháin. Cé go bhfuil méadú mór ar mhargadh na mbeartán de bharr nósanna nua ríomhthráchtála, fós féin, is ionann seachadadh litreacha agus sciar suntasach den mhargadh.

Ba é iar-Choimisinéir an Mhargaidh Inmheánaigh, Charlie McCreevy, a mhol an Tríú Treoir maidir leis na Seirbhísí Poist chun fáil réidh leis na codanna coimeádta deireanacha i margadh na hEorpa. Cé go raibh na rialacha nua le teacht i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2011, tá an treoir sa phróiseas reachtaíochta fós anseo in Éirinn. I mí Mheán Fómhair seo caite, d'éiligh na FPE Marian Harkin agus Pat 'the Cope' Gallagher moratorium ar Choimisinéir an Mhargaidh Inmheánaigh, Michel Barnier, chun deis a thabhairt dóibh measúnacht tionchair a dhéanamh ar an earnáil. Tá siad buartha anois, ní hamháin go gcaillfear líon mór postanna luachmhara, ach go rachaidh coinníollacha na n-oibrithe poist chun donachta agus go gcaillfear an tseirbhís poist uilíoch.

I mí Dheireadh Fómhair 2010, bhuail toscaireacht ó Cheardchumann na n-Oibrithe Cumarsáide (CWU) le comhchoiste an Oireachtais chun plé a dhéanamh faoi bhuarthaí an cheardchumainn maidir le léirscaoileadh an mhargaidh phoist agus an Bille um Sheirbhísí Poist atá le foilsiú go luath. Is iad na clocha is mó ar phaidrín an CWU ná go gcosnófar an Oibleagáid Seirbhíse Uilíche (OSU), go mbeidh rialúchán agus reachtaíocht láidir ann agus go ndéanfar íoslaghdú ar chailleadh postanna. Tuigeann lucht an cheardchumainn gur am cinniúnach é do An Post idir an laghdú mór ar an líon post atá á seachadadh agus na droch-chúinsí eacnamaíochta ar fud na hEorpa. Ach táthar ag meabhrú do pholaiteoirí go bhfuil an eagraíocht ag feidhmiú sna coinníollacha seo faoi láthair gan tacaíocht ar bith ón stát. Le léirscaoileadh na seirbhíse, tá an baol ann go n-athróidh sé sin agus go mbeidh air brath ar fhóirdheontas ón gcáiníocóir amach anseo. Ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair, sheol an CWU feachtas Cosain do Phost ag éileamh ar bhaill stocaireacht a dhéanamh ar a gComhairleoirí Contae agus Teachtaí Dála faoi cheist an léirscaoilte. Deir siad gurb é an bhagairt is mó é do choinníollacha agus saol oibre a gcuid ball timpeall na tíre. Úsáideann siad an Ghearmáin agus an Ísiltír mar shamplaí de thíortha inar gearradh na mílte post mar thoradh ar léirscaoileadh an mhargaidh phoist.

Eamon Ryan

I mí na Samhna 2010 chuir an tAire Cumarsáide, Eamon Ryan, an Bille um Rialú Cumarsáide do Sheirbhísí Poist faoi bhráid an tSeanaid don dara léamh. Dúirt sé gurb í an aidhm atá aige leis an mbille seo ná go mbainfidh custaiméirí, an earnáil ghnó agus an eacnamaíocht leas as iomaíocht níos géire agus réimse níos leithne seirbhísí. Chomh maith le himlíne rialúcháin le haghaidh margadh post léirscaoilte, tá foráil sa Bhille chun córas postchód náisiúnta a bhunú.

Ag an bpointe seo, agus sinn sa dorchadas fós maidir le hábhar an

an mhargaidh phoist in 2011

An Bhliain is Measa don Fhear Poist

Bhí geimhreadh chrua ag lucht seachadadh poist go dtí seo agus tuilleadh aimsir sheaca geallta. Labhair Caroline Ní Chualáin le Tony McSherry, Fear Poist sa Spidéal, faoin chaoi ar láimhseáil seisean na deacrachtaí:

" Bhí an aimsir uafásach roimh an Nollaig. Bhí áiteanna nach raibh muid in ann litreacha agus pacáistí a sheachadadh ann. Dúirt an bhainistíocht linn gan aon seans a thógáil. Tháinig mé trasna ar theaghlaigh nach raibh in ann teacht amach as a dtithe ar feadh seachtaine de bharr na droch aimsire, ach bhí mé in ann cúnamh a thabhairt dóibh. Tá mé i m' fhear poist le 29 bliain agus is é seo an aimsir is measa atá feicthe agam go dtí seo. Ní raibh aon ghrean curtha ar bhóithre beaga. Ní dóigh liom go mbeidh an aimsir atá geallta an mhí seo chomh dona leis an aimsir a chonaic muid roimh an Nollaig."

bhille, ardaíonn léirscaoileadh na seirbhíse poist níos mó ceisteanna ná mar atá freagraí ann dóibh. An bhfuil gá le tuilleadh comhlachtaí chun litreacha a sheachadadh in Éirinn? Cad iad na buntáistí agus míbhuntáistí a bhraithfidh custaiméirí faoin gcóras nua? An mbeidh ar an gcáiníocóir díol as fóirdheontas do An Post chun an OSU a chinntiú do dhaoine ar fud na tíre? Agus más ea, an bhfuil an t-airgead ag an stát dó seo?

An ndúnfar tuilleadh Oifigí Poist? An ndíolfar cuid de An Post nó fiú an eagraíocht ar fad? Conas a oibreoidh an córas nua - an mbeidh a bhosca litreacha agus fear an phoist féin ag gach oibritheoir, agus iad ag clúdach na gceantar céanna?

Tá fadhbanna ag An Post go deimhin. Tá nua-theicneolaíochtaí ar nós an idirlín agus ríomhphoist tar éis dúshláin mhóra a chruthú don earnáil. Rinne an comhlacht caillteanas roimh cháin de €25.6m in 2009 i gcomparáid le brabús de €33.2m in 2008. I measc na gcúiseanna leis an laghdú mór seo tá an titim 10% ar an méid poist atá á sheoladh.

Ainneoin an drochthoraidh in 2009, d'ardaigh An Post tuarastal a phríomhfheidhmeannaigh go €500,000, rud nach bhfuil cóir ná inbhuanaithe.

Tuigeann An Post go gcaithfidh sé a mhodhanna oibre a athrú chun maireachtáil. Tá €20m gearrtha acu óna gcostais laethúla, tá siad tar éis fáil réidh le cothrom is 400 post lánaimseartha i gcomhar leis na ceardchumainn agus tá infheistíocht déanta acu in innill sórtála uathoibrithe chun spriocanna seachadta lá dar gcionn a bhaint amach. Ag cuimhniú ar na lochtanna seo, áfach, an é léirscaoileadh na hearnála an réiteach is fearr do mhuintir na tíre seo? Feictear dúinn arís agus arís eile, áit go mbíonn brabús mar an bhunlíne, gurb iad na daoine is mó a bhraitheann ar na seirbhísí straitéiseacha céanna is mó a bhíonn thíos leis - daoine scothaosta, lucht ísealioncaim, daoine atá faoi mhíchumas agus daoine atá scoite amach go tíreolaíoch. Anuas air sin, ní gá dúinn ach breathnú ar chás Eircom (a bhí faoi chúram na Roinne Stáit céanna le An Post go dtí 1983) chun léargas a fháil ar an mbaol go ndíolfar sócmhainní luachmhara An Post sa todhchaí.

Is cuid thábhachtach de ghréasán sóisialta na tíre seo é an córas poist atá againn. An bhfuilimid ag iarraidh filleadh ar chóras atá ann ar mhaithe le lucht an tsaibhris amháin?

Tá tuilleadh eolais faoi fheachtas an CWU ar www.protectyourpost.ie.

6 TEIC & GNÓ

Bliain na nIontas Teicneolaíochta

Diarmuid Ó Muirgheasa

Ní dócha go bhfeicfear bliain ar nós na bliana atá díreach imithe tharainn go ceann i bhfad. Ní hamháin an geilleagar, an aimsir, na léirsithe agus na hagóidí uile atá i gceist, ach ó thaobh na teicneolaíochta de, bhí bliain de na trí fichead againn, gan dabht ar bith.

Mar is gnách, bhí gach uile rud a d'eisigh Apple mar ábhar ag na ceannlínte, go háirithe an iPad i mí Aibreáin agus an iPhone 4 i mí an Mheithimh. Ag seasamh an fód i gcoinne fhorlámhas Apple bhí Google agus a réimse fón Android. Cé gur eisíodh Android den chéad uair cúpla bliain ó shin, ba in 2010 a tháinig sé in aibíocht agus a chuaigh i ngleic ar bhonn cothrom leis an iPhone den chéad uair. Agus ní hamháin sin, ach ag brath ar do mhodh comhairimh d'fhéadfá a áitiú gur ag Android a bhí an lámh in uachtar le 12 mhí anuas chomh maith.

Ó thaobh an iPad de, is fada uainn an lá a bheidh an cruth atá ar ríomhairí socraithe, buan; chuile bhliain bíonn dul chun cinn éigin sa réimse seo. Mar is dual do 2010, áfach, bhí an dul chun cinn rud beag níos suntasaí ná mar a bhí le blianta anuas. In iomaíocht le Apple sheol Samsung an Galaxy Tab, ríomhaire táibléid ar éirigh leis, in éineacht leis an iPad, paraidím úsáide ríomhairí a athrú go hiomlán laistigh de chúpla mí. Labhraíonn foilsitheoirí leabhar agus nuachtán, iriseán agus greannán ar na táibléid seo mar shlánaitheoirí na n-earnálacha éagsúla.

Ar an ábhar céanna, tharla ócáid mhór i stair na hearnála nuachta i mí Iúil nuair a thosaigh The Times Londan ag gearradh táille ar léitheoirí le hábhar an nuachtáin a léamh ar líne. Dar le húinéir The Times, Rupert Murdoch, níl cúis ar bith nach n-íocfadh daoine as an ábhar a léann siad, is cuma cé acu leagan clóite nó digiteach atá ann.

Seans go bhfuil an ceart aige, ach idir an dá linn tá 87% de léitheoirí an tsuímh i ndiaidh a bheartú gurbh fhearr leo gan íoc. Anois tá timpeall 2.7 milliún léitheoir ag an suíomh - 21 milliún a bhí ann roimh an athrú.

Níl faic socraithe i mbliana, áfach. Leis an iPad agus Galaxy Tab ag mealladh tomhaltóirí ag ráta iontach scioptha ar fad tá gach seans ann go n-athróidh patrúin díolacháin nuachtán go mór sa bhliain atá amach romhainn, agus n'fheadar éinne conas go díreach a thitfidh sé sin amach. Cé go bhféadfá a rá gur bliain mhór a bhí i ngach bliain ó thús na 1990idí ar aghaidh i dtaca leis an idirlíon ar chúis amháin nó ar chúis eile, ba bhliain eisceachtúil a bhí in 2010 ó thaobh an dul chun cinn atá déanta ag suímh ar nós Facebook agus Twitter. Tóg Facebook mar shampla: ag tús na bliana bhí beagán os cionn 300 milliún duine cláraithe ar an suíomh. Faoi dheireadh na bliana bhí os cionn 500 milliún ann, agus ioncam bliantúil de níos mó ná $1 billiún acu den chéad uair.

Tá iomaíocht níos géire sa domhan teicneolaíochta anois ná mar a bhí riamh, idir Google, Apple agus Microsoft go háirithe. Ní raibh in 2010 ach téamh suas.

Níos mó ná sin, áfach, tá Facebook agus Twitter anois mar chuid lárnach den phopchultúr, agus sa tslí chéanna go n-úsáidtear "googláil" nó "google" mar bhriathar anois, tá "facebook" agus "twitter" ag dul sa treo sin chomh maith, sa Bhéarla pé scéal é.

Seoladh Microsoft Kinect i mí na Samhna, agus é ag tógáil ar an gcoincheap bunúsach a bhí ag an Wii - grúpaí "neamhthradisiúnta" a mhealladh le bheith ag spraoi le chéile ar chonsóil. Cé nach raibh ach léirmheasanna measartha aige, den chuid is mó, d'éirigh le Microsoft timpeall ar 100,000 aonad a dhíol in aghaidh an lae ar feadh beagnach míosa i ndiaidh na lainseála, rud a chiallaíonn gurb é an Kinect an ghiuirléid teicneolaíochta is scioptha díola riamh. Ní raibh Apple ach díreach i ndiaidh an choróin sin a shealbhú dóibh féin leis an iPad, ar éirigh leis 50,000 aonad a dhíol in aghaidh an lae i ndiaidh dó a bheith seolta.

Cé nach bhfuil an oiread sin cluichí ann go fóill a bhaineann úsáid as an teicneolaíocht nua, a úsáideann gluaiseachtaí coirp an úsáideora mar ionchur, is cinnte gur fiú bheith spreagtha faoin teicneolaíocht ann féin, mar is é an rud is cosúla é leis an scannán Minority Report atá tagtha ar an margadh go dtí seo.

Agus níl sna giotaí sin ach príomhphointí na bliana, bliain a bhí eisceachtúil ar bheagnach gach aon bhealach ar féidir bheith eisceachtúil. Ach é sin ar fad ráite, ná bímis ag súil go dtiocfaidh moill ar chúrsaí i mbliana.

Tá iomaíocht níos géire sa domhan teicneolaíochta anois ná mar a bhí riamh, idir Google, Apple agus Microsoft go háirithe, ach tá fathaigh eile ar nós Samsung, HP, Nokia agus mórán eile páirteach ann chomh maith. Ó thaobh na hiomaíochta sin de, ní raibh in 2010 ach téamh suas.

Blúiríní

Aláram Apple Briste

TÁ clú Apple á chur faoi brú tar éis gur chlis ar aláram ar an iPhone ar fud an domhain sa bhliain nua. Chaill daoine a chuid eitiltí agus traenacha agus bhí daoine déanach le haghaidh na hoibre an chéad chúpla lá sa bhliain nua. Ní bhaineann an cliseadh leis an iPhone amháin; tá an fhadhb chéanna leis an iTouch agus le táirgí eile de chuid Apple. Ina ainneoin seo tá luach na scaireanna ardaithe go $330.20, rud a fhágann gur $300bn luach iomlán an chomhlachta.

1075 post caillte in aghaidh na seachtaine in 2010

DEIR Stiúrthóir Gníomhach an SFA, Avine McNally, gur "cailleadh 1075 post in aghaidh na seachtaine in 2010." Cailleadh an méid is mó post i réimse na Seirbhísí Eile, 21,287 post, 38% do na poist ar fad a cailleadh. Cailleadh 11,607 post san earnáil déantúsaíochta agus deir Avine McNally nach bhfuil mórán dóchais ann go dtiocfaidh athrú ar an scéal. Deir sí "go gcaithfear na polasaithe cearta a leanúint chun poist nua a chothú nuair a chuirfear an eacnamaíocht chun cinn."

Beagnach 11,000 post nua cruthaithe ag gnóthaí ilnáisiúnta

DEIR an IDA gur tháinig 10,897 post nua ó infheistiú ó ghnólachtaí ilnáisiúnta in 2010, méadú suntasach ó 4,615 in 2009, cé gur chaill 9,545 duine a bhí fostaithe ag na gnólachtaí ilnáisiúnta a bpost an bhliain seo caite. Deir siad go bhfuil 126 gnólacht ilnáisiúnta ag déanamh infheistiú sa tír ina iomláine agus go bhfuil 47 comhlacht nua ag déanamh infheistiú sa tír, sin méadú 20% ó 2009. Tá cliaint de chuid an IDA cosúil le Google, Facebook agus HP ag earcú faoi láthair.

$50bn luach Facebook

D'ARDAIGH luach Facebook go $50bn i rith na seachtaine. Fuair Facebook $500 milliún d'infheistíocht in idirbheart le Goldman Sachs agus ó infheisteoir ón Rúis, idirbheart a thabharfaidh deis do Facebook iomaíocht níos géire a dhéanamh le Google. Tá tuairimíocht ann go bhfuil an comhlacht ag bogadh i dtreo an stocmhargaidh, cé nach bhfuil bunaitheoir Facebook, Mark Zuckerberg, ag iarraidh go dtarlódh sé sin.

De dhíth
Oifigeach Forbartha Gaeilge

Post lánaimseartha
Scéim Phobail Gaeilge
Eanáir 2011 –Nollaig 2013

Croí Éanna

Critéir Riachtanacha:
- ardchumas sa Ghaeilge, idir labhairt agus scríobh.
- taithí ar chumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine
- taithí ar chláir agus thionscnaimh theanga a fhorbairt.
- taithí in earnáil na Gaeilge

Critéir Inmhianaithe:
- taithí ar mhaoiniú a fháil.
- freagrach as buiséad agus as tuairisciú airgeadais
- taithí ar dhul i gcion ar dhaoine.

Tuarastal: Ag tosú ar £24,089 sa bhliain. **Fad:** Trí bliana ar chonradh.

Faightear foirm iarratas ó
http://www.eoinsoft.com/foirmIarratais.doc
Seoltear foirmeacha líonta go **dmaccoille820@c2kni.net**

Spriocdháta iarratais: 14 Eanáir 2011. Agallaimh 18 Eanáir 2011.

Tá an post seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge.
Is fostóir comhdheiseanna é Croí Éanna.

Foras na Gaeilge

An bhfuil folúntas agat?

Tóg fógra le Gaelscéal, lascaine le fáil ar leathanach folúntais.

Déan teagmháil le Patricia ag 086-0234251 nó fograi@gaelsceal.ie

Stiúrthóir Naíonra

Iarratais á lorg do Stiúrthóir Naíonra ag Áras Chrónáin Ionad Cultúrtha, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22

Muintir Chrónáin
Gaeilge Lenár Linn

Cáilíochtaí: Ar a laghad Teastas FETAC Leibhéal 5 (Mórdhámhachtain), cáilíocht choibhéiseach, nó níos airde i gcúram leanaí, le taithí agus le líofacht i nGaeilge labhartha agus scríofa.

Post Lánaimseartha atá i gceist

Tuarastal: Pá iomaíoch ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí

Litir Iarratais agus CV chuig:
An Cathaoirleach, Muintir Chrónáin Teo,
Áras Chrónáin Ionad Cultúrtha,
Bóthar an Úlloird, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22
eolas@araschronain.ie

Dáta Deireadh Iontrála: **Aoine 14/01/2011**

NDP National Development Plan 2007 - 2013 | Office of the Minister for Children Oifig an Aire do Leanaí | pobal supporting communities

Is mian le Foras na Gaeilge, an comhlacht forfheidhmithe atá freagrach as an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud oileán na hÉireann, na ceapacháin a leanas a dhéanamh. Beidh na poist lonnaithe in oifigí éagsúla an Fhorais.

Foras na Gaeilge

LEAS-PHRÍOMHFHEIDHMEANNACH / STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ OIDEACHAIS

(BÉAL FEIRSTE) TAGAIRT: LPF/0111

Is mian le Foras na Gaeilge Leas-Phríomhfheidhmeannach / Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais a cheapadh. Beidh an té a cheapfar ar Ghrúpa Ardbhainistíochta Fhoras na Gaeilge agus déanfaidh sé/sí freastal ar chruinnithe an Bhoird de réir mar is gá. Beidh dhá shaindualgas ar an iarrthóir rathúil.

Sa chéad áit, bheith i gceannas ar Sheirbhísí Oideachais Fhoras na Gaeilge agus bheith freagrach don Phríomhfheidhmeannach agus don Bhord as cúraimí an phoist a chomhlíonadh go héifeachtach ar bhonn uile-oileánda.

Sa dara háit, bheith i gceannas ar Oifig Bhéal Feirste agus, sa chomh-théacs sin, bheith freagrach cuid mhór as an idirphlé idir Foras na Gaeilge agus a pháirtithe leasmhara. Chomh maith le gníomhú ar son an Phríomhfheidhmeannaigh nuair is gá beidh an té a cheapfar freagrach as cibé cúraimí bainisteoireachta nó riaracháin a leagfaidh an Príomhfheidhmeannach air/uirthi.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis na cáilíochtaí bunriachtanacha seo a leanas:

> Ardchaighdeán Gaeilge idir labhartha agus scríofa mar aon le tiomantas di.
> Taithí sna seacht mbliana atá thart ar bheith ag plé le ceisteanna a bhaineann le cur chun cinn na teanga.
> Taithí chuí ar feadh trí bliana ar a laghad mar fheidhmeannach sinsearach.
> Taithí phraiticiúil sna cúig bliana atá thart ar bheith ag plé le ceisteanna a bhaineann le cur chun cinn agus le sealbhú teanga.
> Eolas ar na córais oideachais in Éirinn.
> Taithí cúig bliana ar a laghad mar cheannaire éifeachtach ar fhoireann daoine, á gcur le chéile, á mbainistiú agus á spreagadh.
> Taithí ar bheith freagrach as airgeadas eagraíochta nó aonaid neamhspleách.
> Taithí ar chaidreamh éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara.
> Cáilíocht tríú leibhéal.

Is é an raon tuarastail don phost thuas ná: £42,611 - £54,352.

OIFIGEACH SEIRBHÍSÍ

(AN CEANNÁRAS) TAGAIRT: OS/0211

Is mian le Foras na Gaeilge Oifigeach Seirbhísí a cheapadh chun seirbhísí a sholáthar d'Fhoras na Gaeilge.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis na cáilíochtaí bunriachtanacha seo a leanas:

> Ardchumas sa Ghaeilge, idir labhartha agus scríofa mar aon le tiomantas don teanga.
> Ardscileanna cumarsáide, idir labhartha agus scríofa, mar aon le hardscileanna idirphearsanta.
> Taithí ar chumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine ag gach leibhéal.
> Ceadúnas glan tiomána reatha.

Is é an raon tuarastail don phost thuas ná:
€20,806–€27,739 (01/01/2010)

(Faoin bPlean Téarnaimh Náisiúnta is féidir go ngearrfar 10% den phá seo ó thús 2011 agus sa chás sin cuirfear an ciorrú sin i bhfeidhm ar an ráta pá seo.)

Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise agus cuirimid fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu beag beann ar chreideamh, ar inscne, ar mhíchumas, ar chine, ar dhearcadh polaitíochta, ar aois, ar stádas pósta, ar chlaonadh gnéis nó cé acu atá nó nach bhfuil cleithiúnaithe acu. De réir fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas. ***Proficiency in the Irish language, both written and verbal, is an essential requirement for the above posts.***

FOIRM IARRATAIS & DEASCÁN EOLAIS

T: (003531) 639 8434 R: poist@forasnagaeilge.ie
Nó is féidir scríobh chuig an seoladh thíosluaite agus an uimhir thagartha chuí a lua.

SPRIOCDHÁTA

Ba chóir foirmeacha comhlánaithe a bheith faighte ag an seoladh thíosluaite roimh **1.00 p.m. Dé hAoine 28 Eanáir 2011.**

Poist, Foras na Gaeilge, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Údarás na Gaeltachta

NDP Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn Teo.
Oifigeach Forbartha

Tá Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn Teo. ag lorg Oifigeach Forbartha chun clár forbartha pobail agus teanga a fheidhmiú i Maigh Cuilinn.

Is post trí lá sa tseachtain, ar chonradh bliana, atá i gceist, ach d'fhéadfaí síneadh a chur leis seo i gcúinsí áirithe agus maoiniú a bheith ar fáil. Bheadh sé ina bhuntáiste go mbeadh na scileanna/cáilíochtaí seo leanas ag iarratasóirí:

- ábalta oibriú as a stuaim féin
- taithí ar fhorbairt pobail tuaithe
- forbairt tograí cultúir agus teanga
- sárscileanna idirphearsanta, cumarsáide agus scileanna bainistíochta ar thograí a bheith aige/aici
- scileanna ríomhaireachta agus cruinneas i scríobh agus i labhairt na Gaeilge

Seol iarratas, mar aon le CV, roimh 5.00 i.n.
Dé hAoine 21 Eanáir 2011 chuig:

Oifigeach Forbartha,
Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn Teo.
Árus Uilinn,
Maigh Cuilinn,
Co. na Gaillimhe

Is féidir eolas breise a fháil trí ríomhphost a sheoladh chuig:
peadarconradhnagaeilge@eircom.net

7 COMHSHAOL

Tabhair aire do na peataí

An t-am seo den bhliain is iomaí duine a fuair ainmhí mar pheata don Nollaig. Más é seo an chéad pheata ag an gclann bíonn a lán ceisteanna acu, go háirithe más peata óg atá ann. Tugann ár dtréidlia, **Sinéad Ní Mháille** comhairle anseo ar conas déileáil le peata nua.

1. Cén aois ag ar féidir coileán nó puisín a bhaint den mháthair?

Is iondúil gur féidir iad a bhaint tar éis ocht seachtaine; ag an aois sin bíonn siad in ann greim beag a ithe iad féin agus is féidir leo déanamh gan bainne na máthar.

Aireoidh an coileán nó an puisín uaigneach an chéad chúpla lá i dteaghlach nua, agus mar sin ba cheart leaba dheas theolaí a chur ar fáil dóibh.

2. Cén sórt bia a theastaíonn uathu?

Tá an bia a thugtar do na peataí óga seo thar a bheith tábhachtach. Tá sé riachtanach go bhfaigheann siad bia leis an méid ceart cailciam agus fosfair, cothaithigh atá riachtanach i gcomhair fáis. Ba cheart labhairt le do thréidlia mura bhfuil tú cinnte cén bia is oiriúnaí. Molaimse bia tirim iomlán (complete) a thabhairt dóibh agus ba cheart uisce a bheith ar fáil dóibh i gcónaí. Nuair atá siad óg is fearr bia a thabhairt dóibh ceithre huaire sa lá. Má tá siad an-óg nó lag, b'fhéidir go mbeadh bainne púdraithe ag teastáil uathu ar feadh cúpla seachtain.

3. An mbeadh aon ghalar orthu atá dainséarach do pháistí?

Má thógann tú do pheata óg go dtí an tréidlia beidh sé nó sí in ann scrúdú sláinte a dhéanamh air agus cóir leighis a chur air mas gá.

1) galar craicinn, m.sh. borrphéist nó claimhe (mange)

2) péisteanna

Is í an chruinnphéist (roundworm) an phéist is dainséaraí do pháistí. Ba cheart táibléid a thabhairt don pheata ag 6, 9 agus 12 seachtain chun na péisteanna a mharú agus chuile trí mhí uaidh sin amach, go háirithe má bhíonn páistí i dteagmháil leo. Tá sé riachtanach go níonn páistí a lámha tar éis dóibh a bheith ag spraoi le peataí. Ní ceart babhlaí na bpeataí a ní in éineacht le gréithe an tí.

4. An bhfuil sé riachtanach vacsaín a thabhairt don pheata?

Tá! Mar a phléigh mé cúpla seachtain ó shin tá a lán galar dainséarach is féidir leo a tholgadh agus is féidir leat iad sin a sheachaint le vacsaín.

5. Cé chomh minic is ceart do pheata a ní?

Níor cheart coileán a ní rómhinic mar triomaíonn an craiceann air. Ba cheart seampú linbh a úsáid chun an fionnadh a ní. Má tá fionnadh fada ar mhadra nó ar chat caithfidh tú é a scuabadh cúpla uair sa tseachtain.

6. Cén tslí is fearr iad a thraenáil don leithreas?

Tá sé níos éasca cat a thraenáil, ar ndóigh. Is féidir tráidire easrach a úsáid nó ligean dó dul amach tríd an gcomhla cait (cat flap).

Bíonn sé níos deacra coileán a thraenáil. Caithfidh tú a bheith foighneach leo agus iad a mholadh go minic má dhéanann siad i gceart é.

Tá sé tábhachtach go háirithe gan ligean do mhadraí móra an iomarca aclaíochta a dhéanamh go dtí go mbeidh siad fásta suas.

Lig an coileán amach go rialta, go háirithe tar éis ithe agus roimh am codlata.

7. Cé mhéad aclaíochta a theastaíonn uathu?

Chomh luath is atá an cúrsa vacsaíní críochnaithe ba cheart duit an peata a thabhairt go rialta ar shiúlóid ghearr. Tá sé tábhachtach go háirithe gan ligean do mhadraí móra an iomarca aclaíochta a dhéanamh go dtí go mbeidh siad fásta suas. Baineann sé seo le forbairt na gcnámh agus na n-alt.

Ba cheart a lán bréagán a bheith ar fáil do phuisíní óga mar is breá leo bheith ag spraoi.

Tá sé tábhachtach fios a bheith ag daoine go bhfuil a lán oibre agus airgid i gceist le peata nua. Ach tá a lán spraoi agus sonais ag baint leo ag gach duine sa teaghlach ach aire mar is ceart a thabhairt don pheata nua chomh maith.

Blúiríní Chomhshaoil

Oibrithe deonacha ag teastáil ó Chairde Éanlaith Éireann

Tá Cairde Éanlaith Éireann ag cuardach oibrithe deonacha a rachaidh i mbun oibre i mí Feabhra 2011. Tá obair chothabhála le déanamh ar sconsa timpeall ar thalamh pórúcháin i gContae Uíbh Fhailí. Táthar ag iarraidh go mbeadh daoine ar fáil le seachtain oibre ar a laghad a dhéanamh. Cuirfear lóistín ar fáil duit don tréimhse a bheidh tú ar fáil chomh maith leis na huirlisí ar fad a bheidh ag teastáil. Níl aon taithí ag teastáil ach bheadh sé cabhrach dá mbeadh scileanna bádóireachta agat ós rud é gur timpeall ar chalaí na Sionainne a bheidh tú. Gach eolas le fáil ó kfinney@birdwatchireland.ie.

Ganntanas Uisce ag ainmhithe an Tuaiscirt

De dheasca ganntanas uisce i dTuaisceart Éireann tá fadhbanna ag feirmeoirí a chinntiú go bhfuil go leor acu dá gcuid ainmhithe. Deir Aontas Feirmeoirí Uladh go bhfuil sé seo ag cruthú 'cuid mhór deacrachtaí' d'fheirmeoirí atá freagrach as na céadta ainmhithe. Féach www.niwater.com leis an eolas is deireanaí a fháil ar sholáthar uisce sa Tuaisceart. Má tá cuidiú ar bith de dhíth ort tá líne chabhrach bunaithe ag Aontas Feirmeoirí Uladh (028) 9052 4999.

Laoithe róin á scaoileadh i Loch Garman

Beidh sé cinn de laoithe róin á scaoileadh saor ag Tearmann Rónta na hÉireann amárach. Is iad na rónta Dustin, Phoenix agus Seán a bheidh á scaoileadh saor ón trá theas i gCuan Bhaile na Cúirte, Loch Garman ag 2in amárach. I gcónaidhm le Tearmann Rónta na hÉireann a bheidh Tearmann fiadhúlra agus rónta an Daingean ag scaoileadh saor, Buddy Holly, Cookie agus Louise ag Trá Bhéal Bán, Baile an Fheirtéaraigh ag a trí a chloig.

Louise

Tá fáilte roimh chách teacht chun an scaoileadh saor a fheiceáil, ach beidh sé ag brath ar an aimsir agus ar scrúdú sláinte deiridh leighis. www.irishsealsanctuary.ie

Easpórtáil beithíoch beo

Rinneadh 334,000 beithíoch beo a easpórtáil faoi lár mhí na Nollag anuraidh, méadú de 17% ar an méid ainmhithe beo a easpórtáladh in 2009. Ní fhacthas an leibhéal céanna easpórtála ó 2003 i leith agus ciallaíonn sé, leis an laghdú ar líon na laoithe a tháinig ar an saol in Éirinn le linn na tréimhse céanna go mbeidh idir 12% agus 14% níos lú beithíoch ar fáil in Éirinn as seo go ceann dhá bhliain.

Féilire 'Puppy Love'

Tá conspóid cruthaithe ag an ngrúpa Ash Animal i gContae Chill Mhantáin lena bhféilire chun airgead a bhailiú don eagraíocht Puppy Love. Tá íomhánnna éagsúla san fhéilire de mhainicíní le madraí. Sa phictiúr is conspóidí acu tá mainicín le feiceáil agus an chuma air go bhfuil sí ag beathú coileáin le bainne cíche. Tá an grúpa dóchasach go ndíolfaidh siad 1,000 cóip den fhéilire ar luach €10 an ceann agus gur chun sochair Puppy Love a rachaidh an brabús.

Fáilte go 2011 - bliain an chairr leictrigh!

Faigheann **Conn Ó Muíneacháin** deis an gluaisteán iomlán leictreach an Nissan LEAF, carr nua na bliana 2011, a thástáil dúinn

'SEA, a deir tú, chualamar an ceann sin cheana. Bhuel, ní fhaca tú carr leictreach mar seo cheana. Is é an moladh is mó is féidir liom a thabhairt don Nissan Leaf ná seo: ní bhraitheann tú go bhfuil sé 'difriúil' in aon chor. Go deimhin, deineann tú dearmad, agus tú á thiomáint, gur carr 'glas' é. Ansin, tugann tú faoi ndeara go bhfuil daoine ag féachaint ort.

Ní hé go bhfeiceann siadsan aon rud as an ngnáth ach an oiread. Nó ní fheicfeadh mura mbeadh an mana suaithinseach sin ar chliathán an chairr a fuair tú ón ngaráiste: "Zero Emission".

Má fhéachann tú go géar air, feicfidh tú nach bhfuil aon pholl peitril air (tá an soicéad leictreach sa tsrón, taobh thiar de shuaitheantas an déantóra), ach níl aon chomhartha eile ón dtaobh amuigh a thabharfadh le fios gur carr réabhlóideach é seo.

Ar an dtaobh istigh, is é an scéal céanna é. Iompraíonn sé ceathrar duine fásta ar a gcompord. Tá scáileán os do chomhair le loingseoireacht GPS, sonraí faoin gcóras téite agus aerchóirithe, agus, dar ndóigh, an méid fuinnimh atá stóráilte sna cadhnraí.

Níl ach an dá throitheán faoi do chois, agus 'giarluamhán' ar nós mar a d'fheicfeá ar ghnáthcharr le giaranna uathoibríocha. Ach ní aireoidh tú na giaranna ag athrú as a stuaim féin mar a bhíonn le 'automatic'. Níl giaranna ar bith ag an gcarr seo.

Tá bua mór ag mótar leictreach go gcuireann sé an torc (torque) céanna ar fáil is cuma cén luas atá aige. Mar sin, nuair a bhrúnn tú an troitheán, faigheann tú géarú láidir socair réidh, a bhrúnn siar tú go bog sa suíochán, gan aon athrú giaranna le cur isteach air.

Agus níl aon chaill ar an luas céanna. Shroicheamar 120 km/uair gan stró ar an M7. Ní thógann sé i bhfad ort dul i dtaithí ar an easpa giaranna, agus tuigeann tú gur mór an buntáiste é go bhfuil an chumhacht ar fad ar fáil ach do chos a chur síos. Caithfear a rá gur mór an sásamh agus an pléisiúr é mar thiomáint.

Sásamh? Pléisiúr? Ní focail iad seo a thuigimíd le caomhnú timpeallachta de ghnáth. Nach iad an staonadh agus an séanadh comharthaí na gluaiseachta glaise? Nach fíor go bhfuil cosc ar 'shásamh' ach amháin go mbeadh a fhios agat go bhfuil tú ag déanamh an rud ceart "ar son na timpeallachta"?

Má scaipeann an scéal gur féidir leis an saol glas a bheith taitneamhach (chomh maith le faiseanta), tá baol mór ann go mbeidh éileamh mór ar an Nissan Leaf, agus ar an mbuíon carranna atá ag teacht sna sála orthu ó Nissan, Renault, Mitsubishi agus ó dhéantóirí eile.

Ach is baolach go bhfuil an rún scaoilte. Tá an Leaf ainmnithe mar Charr Eorpach na Bliana 2011.

Níl ach bua amháin fágtha ag an inneall dócháin inmheánach: is é sin an raon taistil agus éascacht an athbhreoslaithe. Ní thógann sé ach 2 nóiméad an dabhach pheitril a líonadh agus tabharfaidh sé 300 km tú gan stró.

Tógann sé ocht n-uaire an chloig cadhnraí an Nissan Leaf a luchtú go hiomlán ar ghnáth-cheangal leictreach. Tá córas mear-luchtaithe ann chomh maith, atá in ann luchtú 80% a thabhairt dó taobh istigh de leathuair a' chloig. Tá sé beartaithe

Ní thógann sé ach 2 nóiméad an dabhach pheitril a líonadh agus tabharfaidh sé 300 km tú gan stró.

ag Bord Soláthair an Leictreachais (BSL) 30 pointe mear-luchtaithe a chur ar fáil ar na mótarbhealaí móra, chomh maith le 1500 pointe luchtaithe poiblí eile, roimh dheireadh na bliana seo.

Nuair atá an Leaf luchtaithe go hiomlán, tabharfaidh sé 160 km tú gan ath-luchtú. Tá go leor daoine a bheidh an-sásta leis sin i gcomhair a gcuid riachtanaisí laethúla.

Coinníonn an scáileán ar an eolas tú faoi úsáid fuinnimh. Nuair a mhoillíonn tú an carr, athraítear cuid den bhfuinneamh luais a bhí ag an gcarr ar ais ina leictreachas agus cuirtear ar ais sna cadhnraí é. Má tá an fhána leat, tarlaíonn an rud céanna. Má chuireann tú an teas ar siúl, insítear duit cén tionchar a bheidh aige sin ar na cadhnraí. Insítear duit cé mhéad ciliméadar ar féidir leat dul leis an bhfuinneamh atá fágtha agat. Agus - rud atá fíor-thabhachtach agus an infreastruchtúr fós

á fhorbairt - coinníonn an GPS súil amach dos na pointí luchtaithe.

Níl ach dornán carranna mar seo in Éirinn go fóill, ach is réabhlóid fhíorthapa í seo. Tá fochomhlacht bunaithe ag BSL ar a dtugtar ecars agus é ina sprioc acu go mbeidh 2000 córas luchtaithe príobháideach curtha i bhfearas acu roimh dheireadh 2011.

Deir ecars go gcuirfear an trealamh isteach gan táille don gcéad 2000 seo, ach cad faoi na costaisí eile? Níl praghas an Nissan Leaf socraithe go fóill ach meastar go mbeidh sé thart ar €35,000 nuair a rachaidh sé ar díol i mí an Mhárta. Tá fordheontas €5000 le fáil ón rialtas, rud a thugann an praghas síos go dtí €30000, ach tá sé fós thart ar €10000 níos daoire ná carr peitrila bheadh ar comhchéim leis.

Ní foláir na costaisí reatha a thógaint san áireamh. Deir Nissan go sábhálfar 82% ar na costaisí breosla, i gcomparáid leis an gcostas a bheadh ar charr peitril. Mar sin, má chaitheann tú €100 gach seachtain ar pheitreal, shábhálfá €82 gach seachtain leis an Leaf.

Is ionann sin agus €4264 in aghaidh na bliana agus bheadh an difríocht curtha ar neamhní taobh istigh de dhá bhliain.

8 BEATHA

Nollaig na mBan in Vancouver

Labhraíonn **Treasa Bhreathnach** le hEilis Courtney, Uachtarán Líonra na mBan (Irish Women's Network) in British Columbia, Ceanada a bunaíodh in 1998 chun deiseanna comhrá, tacaíocht agus cairdeas a chur ar fáil do mhná Éireannacha sa cheantar. Is ar 8 Eanáir a bheidh an Líonra ag ceiliúradh Nollaig na mBan in Vancouver.

Tá an Nollaig thart go hoifigiúil ó bhí an lá inné ann le teacht agus imeacht Nollaig na mBan. Is traidisiún iomlán Éireannach é seo a ndéantar ceiliúradh air fud fad na hÉireann agus i measc mhná Éireannacha ar fud an domhain agus é mar bhealach chun lá saor óna gcuid cúraimí a thabhairt do mhná na tíre tar éis na Nollag.

Ní bhíodh sé coitianta na fir a bheith i mbun obair tí (agus in áiteanna áirithe níl fós) agus dá bharr sin bhí lá saoire tuillte agus ag teastáil go mór ó mhná na tíre tar éis obair na Nollag. Ar an lá seo is iad na fir a dhéanadh an obair tí uile agus bhíodh seans ag na mná dul go dtí an teach ósta chun bheith ar a suaimhneas le chéile, droim a thabhairt le fadhbanna agus buaireamh an tsaoil agus aghaidh a thabhairt ar an mbliain úr. Cé go bhfuil an nósmhaireacht seo imithe i léig le blianta beaga anuas, tá sé fós á cheiliúradh in áiteanna éagsúla ar fud an domhain, mar Vancouver i gCeanada.

D'imigh Eilis Courtney óna baile dúchas i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath go Vancouver 22 bliain ó shin ar saoire bliana agus is ann atá sí ó shin. "Bhunaigh timpeall cúigear ban an líonra," a deir Eilis, "chun deis a thabhairt do mhná Éireannacha sa cheantar athcheangal le mná Éireannacha eile agus chun deis cainte, comhrá agus beagán craice a bheith acu. Is é an pobal Éireannach in British Columbia an ceann is mó i gCeanada agus i láthair na huaire tá os cionn 350 bean a mbíonn teagmháil acu lena chéile tríd an líonra. Ní thagann gach duine go dtí na himeachtaí uile ach is é ár gceiliúradh ar Nollaig na mBan an ceiliúradh bliantúil is mó a bhíonn againn."

Níl aon ionad lárnach Éireannach in British Columbia, rud a chiallaíonn go mbíonn níos mó tábhachta arís ag baint leis an líonra ban, dar le hEilis. Tá clubanna éagsúla Éireannacha acu, clubanna damhsa, cultúrtha agus eile agus i láthair na huaire tá an Cumann Oidhreachta Éireannaí ag obair i dtreo Ionad Éireannach a bhunú. Deir Eilis go bhfuil an pobal Éireannach ag fás gach uile lá. "Leis an athrú san eacnamaíocht tá i bhfad níos mó daoine ag teacht ó Éirinn go Ceanada ná mar a bhí, agus tá teagmháil á déanamh ag i bhfad níos mó daoine linn ná mar a bhí cheana. Is líonra muid a chuireann tacaíocht ar fáil dá chéile in aon bhealach gur féidir linn, ó chabhair le CV nó teagmháil a dhéanamh le mná eile sna hearnálacha céanna nó díreach deis cainte."

Pobal ban Éireannach 'Líonra na mBan' in British Columbia ag baint súp as céiliúradh 'Nollaig na mBan' in 2009. Eilis Courtney thuas ar dheis.

Ní hamháin go bhfuil tionchar ag an eacnamaíocht ar an méid daoine atá ag teacht go Ceanada, tá tionchar diúltach aige ar an méid daoine atá ag ceiliúradh Nollaig na mBan leis an líonra. "Tríd an nuachtán Celtic Connections anseo cuireann rialtas na hÉireann lón ar fáil d'Éireannaigh shinsearacha sa cheantar saor in aisce. Tá costas $65 ar thicéad do cheiliúradh Nollaig na mBan, agus cé nach ndéanann muid brabach ar bith as, is costas é nach bhfuil ag gach uile dhuine sa lá atá inniu ann."

Cuirtear dinnéar ar fáil dóibh siúd a ghlacann páirt sa cheiliúradh chomh maith le comórtais agus siamsaíocht don lucht freastail agus beifear ag fógairt 'Bean na Bliana' ann freisin. Is duine í seo a bhfuil obair dheonach déanta aici sa phobal Éireannach sa cheantar agus a sheasann amach dá bharr.

"Leis an athrú san eacnamaíocht tá i bhfad níos mó daoine ag teacht ó Éirinn go Ceanada ná mar a bhí, agus tá teagmháil á déanamh ag i bhfad níos mó daoine linn ná mar a bhí cheana"

Cuireann an líonra ban fáilte roimh chách agus eagraíonn siad lón agus eile do mhná tábhachtacha Éireannacha. Le blianta beaga anuas chuir siad fáilte roimh an Uachtarán Máire Mhic Róibín agus roimh an Uachtarán Máire Mhic Giolla Íosa.

"An fáth go bhfuil muid ag déanamh ceiliúrtha ar an bhféile úd ar 8 Eanáir ná go bhfuil tugtha faoi deara againn má thiteann Nollaig thraidisiúnta na mBan (6 Eanáir) i lár na seachtaine go mbeidh i bhfad níos lú daoine ag freastal ná ar an deireadh seachtaine. Cé go raibh roinnt daoine arbh fhearr leo cloí leis an dáta traidisiúnta, 6 Eanáir, ní fhéadfadh muid neamhaird a dhéanamh ar an líon daoine a bhí ag iarraidh freastal dá mbeadh sé againn ar an deireadh seachtaine," a deir Eilis.

Is í Nollaig na mBan deireadh oifigiúil fhéile na Nollag a mhaireann 12 lá, agus ar an lá céanna tógtar síos na maisiúcháin uile. Déantar ceiliúradh air ar bhealaigh dhifriúla ar fud an domhain. Mar shampla san Ísiltír, sa Ghearmáin agus sa Bheilg téann grúpa de thriúr páistí ó theach go teach ag canadh amhrán ag iarraidh airgead nó milseáin a bhailiú. Nós atá coitianta sa Fhrainc agus sa Danmhairg ná arán áirithe a dhéanamh, 'arán an rí', a gcuirtear airgead i bhfolach ann. Cibé duine a thagann ar an airgead, tá sé de cheart acu a bheith mar rí ar feadh an lae. Tagann na nósanna uile seo ó fhéile Chríostaí na hEipeafáine, ceiliúradh ar chuairt an Triúr Saoithe ar Íosa. San Eaglais Cheartchreidmheach (Orthodox) Chríostaíochta san Oirthear, díríonn siad níos mó ar cheiliúradh a dhéanamh ar bhaisteadh Íosa agus dá bharr sin, díríonn an ceiliúradh ar thraidisiúin a bhaineann le huisce agus leis an bhfarraige agus beannaítear na farraigí.

Déantar ceiliúradh de chineálacha éagsúla ar an lá seo ar fud an domhain ach is in Éirinn amháin atá Nollaig na mBan, nó an Nollaig Bheag, dírithe ar mhná amháin.

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

Sinéad Moriarty – Máthair, Iníon & Údar Aitheanta

Is údar aitheanta as Baile Átha Cliath í Sinead Moriarty. Tá a céad leabhar, The Baby Trail, aistrithe go 20 teanga éagsúil, agus tá ag éirí go hiontach lena cuid leabhair eile, A Perfect Match (The Right Fit sna Stáit Aontaithe), From Here to Maternity, In My Sister's Shoes, agus Whose Life Is It Anyway? (Keeping it in the Family sa Bhreatain). Bhí an leabhar is déanaí óna peann, Pieces of my Heart, ar an ngearrliosta do Dhuaiseanna Leabhair Éireannacha na Bliana 2010. Labhair **Meadhbh Ní Eadhra** léi faoina cuid scríbhneoireachta.

"Is post aisteach í an scríbhneoireacht; caitheann tú an oiread sin ama i d'aonar go n-éiríonn tú saghas paranóideach. Bíonn aitheantas de chineál ar bith go hiontach," a deir Sinead agus í ag caint faoin ngearrliosta do leabhar Éireannach na bliana.

Is faoi neamhord itheacháin atá a leabhar nua, Pieces of my Heart.

"Rinne mé go leor leor taighde dó," a deir Sinead. "Tá an-áthas orm go ndearna mé sin, mar fuair mé freagairt iontach air agus bhí sé ansuimiúil an taighde a dhéanamh. Tá neamhoird itheacháin ag éirí níos coitianta i measc cailíní agus buachaillí, agus ceapaim go bhfuil íomhá an choirp agus mná chun tosaigh i gcónaí ag saol mná agus tá sé suimiúil aghaidh a thabhairt air seo."

Scríobh sí an leabhar thart ar dhá bhliain ó shin agus tá ceann eile scríofa aici ó shin.

"Beidh leabhar nua liom ag teacht amach an samhradh seo chugainn, faoi pháistí a bheith agat agus an tslí a dtagann athrú ar do shaol nuair a tharlaíonn sin," ar sí.

Cá bhfaigheann sí an inspioráid le bheith ag scríobh?

"Domsa, caithfidh mé a bheith anphaiseanta faoin rud a bhfuilim ag scríobh faoi. Smaoiním faoi na rudaí a mothaím go láidir fúthu, agus roghnaím ábhar, agus téama uilíoch, ionas go dtuigeann gach duine é. Ansin déanaim roinnt taighde agus tosaím ag scríobh an leabhair," arsa Sinead. "De ghnáth, tosaím amach le téama nó le ceist ar leith, agus ansin scríobhaim an scéal thart air sin."

Ní thosaíonn sí leis na carachtair, mar sin?

"Ní thosaíonn. Déanann a lán daoine é sin ach ní dhéanaimse é. Tá sé níos éasca dom na carachtair a fhorbairt de réir mar a fhorbraíonn an scéal i m'aigne."

Is scríbhneoir í máthair Sinead. Bhíodh sí ag scríobh leabhar do pháistí nuair a bhí Sinead féin ina páiste.

"Chonaic mé gur rud iontach é a bheith ag scríobh agus gurbh fhéidir é a dhéanamh," a deir Sinead.

Ba é Béarla an t-ábhar ab fhearr léi

"An chéad uair ar thriail mé leabhar de mo chuid a fhoilsiú, diúltaíodh ar cheithre ilchríoch mé."

ar scoil, "cé gur saghas cliché é sin", a deir Sinead, ag gáire.

"Thaitin sé liom a bheith ag scríobh aistí agus mar sin de ar scoil. Bhí mé i gcónaí ag iarraidh a bheith ag scríobh ach ní dhearna mé é go dtí go raibh mé 30. Is as Baile Átha Cliath dom ach chaith mé deich mbliana sa Fhrainc agus i Londain. Scríobh mé mo chéad leabhar agus mé i mo chónaí i Londain. Rinne mé cúrsa sa scríbhneoireacht chruthaitheach i Londain agus sin nuair a d'éirigh mé dáiríre faoin scríbhneoireacht. Gnáthchúrsa a bhí ann san ollscoil áitiúil ach d'athraigh sé mo shaol. An rud ba thábhachtaí ná go raibh mé féin ag éirí dáiríre faoin scríbhneoireacht. Freisin, bhí an teagascóir cosúil le comhairleoir dom," ar sí.

Deir Sinead go bhfuair sí "an chomhairle is fearr a tugadh riamh dom", agus í ar an gcúrsa sin.

"Dúradh liom clár scéil, storyboard, a dhéanamh, caibidil ar chaibidil, roimh an leabhar a thosú, mar go stopann sé sin tú ag dul ar strae, agus bíonn ort smaoineamh i ndáiríre faoi cá bhfuil an leabhar ag dul, céard ba mhaith leat a rá, céard é an scéal agus an turas. Úsáidim sin le gach uile leabhar agus domsa, sin an chéim is tábhachtaí sula dtosaím ag scríobh. Tá aithne agam ar scríbhneoirí eile a shuíonn síos agus a thosaíonn ag scríobh agus gan tuairim acu cá bhfuil an scéal ag dul. Ar bhealach, tá éad orm gur féidir leo sin a dhéanamh, ach tuigim go bhfuil struchtúr ag teastáil uaimse le bheith ag scríobh. Ní bhím ag léamh mórán ficsean móréilimh, d'aon ghnó. Sin cinneadh a dhéanaim. Bím buartha faoi ghuth duine éigin eile a thógáil go fo-chomhfhiosach, agus mo ghuth féin a chailleadh. Má léann tú go leor leabhar atá cosúil le do chinn féin, is féidir a bheith beagán caillte. Táim mar chuid de chlub leabhar ach bíonn muid ag léamh ficsean liteartha den chuid is mó, le bheith fírinneach faoi."

Cathain a bhíonn Sinead ag scríobh?

"Tá triúr páiste óg agam agus déanaim mo chuid scríbhneoireachta is fearr ar maidin, bím níos úire ag an am sin. Déanaim cinnte go mbíonn am ar leith agam don scríbhneoireacht. Sin an t-aon bhealach le cinntiú go mbím ag scríobh. Sular thosaigh mé ag scríobh, d'oibrigh mé san iriseoireacht, ach ní raibh sé galánta ar chor ar bith! Is scríbhneoir lánaimseartha mé anois agus tá sé go hiontach. Tá an t-ádh liom nach gá dom post eile a bheith agam agus is mór an phribhléid é."

An raibh sé éasca foilsitheoir a aimsiú dá leabhair?

"An chéad uair ar thriail mé leabhar de mo chuid a fhoilsiú, diúltaíodh ar cheithre ilchríoch mé. Sheol mé chuig gach foilsitheoir in Éirinn é, ansin Meiriceá, ansin an Astráil, ansin an Afraic.

Thuig mé ar deireadh nach raibh sé maith go leor! Cheap mé go nglacfadh duine éigin leis ach ní mar sin a bhí. Spreag sé sin dom leabhar níos fearr a scríobh, agus nuair a rinne mé sin, glacadh leis go díreach, nach mór. Nuair a bhreathnaím ar mo thuras féin, dhiúltaigh an oiread sin daoine mé, ach níor stop sé sin mé. Chuidigh sé liom an leabhar áirithe sin a fhágáil ar leataobh mar nach raibh sé maith go leor," a deir Sinead, ag gáire.

Tá tuilleadh eolais faoi Shinead ar fáil ag www.sineadmoriarty.com.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 7 Eanáir, 2011

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Treasa Bhreathnach

Lonnú Táirgí ar chainéil Éireannacha

TÁ Údarás Craolacháin na hÉireann ag féachaint ar na féidearthachtaí a bhaineann le táirgí a lonnú (product placement) mar sheift fógraíochta i gcláir theilifíse a léirítear in Éirinn.

I láthair na huaire níl cead táirgí a lonnú in aon chláir léirithe in Éirinn ach pléifear an cheist ag cruinniú de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann ar 21 Feabhra. Táthar ag lorg aighneachtaí ón bpobal faoi láthair ar an 'Dréachtchód' atá réitithe acu agus is é an spriocdháta i leith na n-aighneachtaí sin 21 Eanáir.

Faoin dréacht mar atá sé faoi láthair tá an tÚdarás Craolacháin ag iarraidh lonnú táirgí a cheadú i sraitheanna drámaíochta, i gcláir siamsaíochta éadroime, i sobaldrámaí, i sraitheanna grinn, i seónna réalaíocha agus i gcláir cineál saoil. Breathnaítear ar lonnú táirgí mar bhealach chun dul i ngleic le córais taifeadta mar Sky+ agus a leithéid, a thugann

deis don lucht féachana gan féachaint ar fhógraí ag an mbriseadh i gcláir.

Den chéad uair riamh beidh táirgí á lonnú i gcláir agus ar chainéil na Breataine ó 28 Feabhra ar aghaidh. Beidh orthu lógó a thaispeáint ar an scáileán ar feadh 3 shoicind ag tús agus ag deireadh na gclár ina mbeidh táirgí le feiceáil.

Ní bheidh táirgí le feiceáil i gcláir theilifíse do dhaoine óga, i gcláir nuachta agus cúrsaí reatha,i gcláir chreidimh ná i gcláir chúrsaí tomhaltacha. Is ionann é seo agus a bhfuil i gceist ar scáileáin na hÉireann. Ní bheidh cead táirgí a chur i gcláir fhaisnéise ná i gcraolacháin spóirt anseo ach an oiread. Ní bheidh cead táirgí a chur in aon chlár atá maoinithe ag an gceadúnas teilifíse ar an BBC.

Deir príomhfheidhmeannach Údarás Craolacháin na hÉireann go gcaithfidh siad glacadh leis go gcaithfidh craoltóirí a n-ioncam a mhéadú agus go mbíonn táirgí lonnaithe i gcláir a fheiceann lucht féachana na hÉireann cheana féin ar chainéil dhigiteach

2010: Bliain den scoth ag an earnáil scannán agus teilifíse in Éirinn

BLIAIN den scoth a bhí in 2010 ag an earnáil scannán agus teilifíse in Éirinn dar leis an Audiovisual Federation, grúpa atá faoi scath Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), a dhéanann ionadaíocht ar na hearnálacha teilifíse, scannán agus beochana in Éirinn. I dtuarascáil a d'fhoilsigh siad ag deireadh na bliana seo caite meastar go raibh luach léiriúcháin de €367 milliún ar na hearnálacha scannán agus léirithe neamhspleáigh theilifíse. B'iad na léirithe is mó in 2010 ná Camelot, Primeval 4, The Last Furlong agus Knockout.

Ba é an caiteachas measta san earnáil in 2010 ná €225 milliún. Dar le stiúrthóir an 'Audiovisual Federation', Tommy McCabe, "Meallann an earnáil an-chuid maoinithe idirnáisiúnta, rud a chruthaíonn fostaíocht agus a chuireann le luach eacnamaíochta na hÉireann. B'fhiú €127.7 milliún an maoiniú neamh-Éireannach san earnáil in 2009, rud a thaispeánann go bhfuil ag éirí go maith linn in Éirinn agus muid ag iarraidh maoiniú ón taobh amuigh a mhealladh. Tá an treocht seo le feiceáil arís i meastacháin 2010."

Féach ar

TG4: 'Bóithre Iarainn', Cuirtear síos sa tsraith seo ar stair an iarnróid in Éirinn ó osclaíodh an chéad iarnród i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1834. Cuirtear síos chomh maith ar scéalta faoi thraenacha cáiliúla ar nós na traenach aonráille i Lios Tuathail. Féachann an tsraith ar an tslí a bhfuil stair na mbóithre iarainn fite fuaite i stair shóisialta agus pholaitiúil na tíre. Dé Domhnaigh @ 8.15in

TG4: 'Ó Bhearna go Carna 2' Sraith bhreathnaitheach faisnéise ina léirítear paisean, diongbháilteacht agus cruatan seisear daoine a dhéanann obair dheonach i gConamara. Tugann an tsraith seo léargas dúinn ar shaol a bhíonn brónach in amanna agus greannmhar amanna eile, ach é fíor i gcónaí. Dé Domhnaigh @ 9.30in

BBC1 TÉ: 'Quitting Crime' Taobh istigh de dhá bhliain bíonn 75% de choirpigh óga ar ais sa phríosún. Sa tsraith seo leantar grúpa coirpeach óg atá páirteach i scéim in ionad ógchiontóirí Hydebank i mBéal Feirste a dhéanann iarracht an scéal seo a athrú. Dé Máirt @ 10.45in.

Éist le

RTÉ Raidió na Gaeltachta: 'Iris Aniar', Beidh an saineolaí ar chúrsaí leasa shóisialaigh, Seosamh Ó Curraoin, MFG, le cloisteáil ar an gclár inniu agus é ag freagairt ceisteanna na n-éisteoirí. Seol do cheist isteach chuig irisaniar@rte.ie. Dé Luain @ 9.08rn.

RTÉ Raidió na Gaeltachta: 'An Taobh Tuathail', Chéadeisiúintí na bliana faoi chaibidil ar ATT anocht, le singil ó Sepalcure (Hotflush) agus Vector Lovers (Soma) chomh maith le rianta ó albaim úra Jürgen Paape (Kompakt) agus Mark Fell (Editons Mego). Dé Céadaoin @ 11in.

Lyric FM: 'Opera Night' Beidh deis agaibh éisteacht leis an Metropolitan Opera i Nua Eabhrac san oíche amárach agus iad ag déanamh léiriú ar cheoldráma Puccini, La Fanciulla del West. Is í Nicola Luisotti stiúrthóir na ceolfhoirne agus an chóir. Amárach @ 7in.

Cuireadh chun ceoil

Comórtas ceoil idirghníomhach ag Peadar Ó Riada ar RnaG

Treasa Bhreathnach

ANOCHT a chraolfar an clár 'Cuireadh chun Ceoil' beo ar RTÉ Raidió na Gaeltachta óna 7in ar aghaidh ó Óstán an Rochestown Park i gCorcaigh agus iomaitheoirí chraobh an chomórtais 'Cuireadh chun Ceoil' ag casadh ceolchoirm bheo .

Is comórtas ceoil é seo ar chuir Peadar Ó Riada tús leis níos luaithe sa bhliain agus as an 60 fidléir a chuir isteach ar an gcomórtas tá 15 acu sin anois fágtha san iomaíocht do Bhonn Óir Sheáin Uí Riada, deartha ag an ngabha óir Pádraig Ó Mathúna, agus seic do €5,000.

Bhíodh clár ceoil ag athair Pheadair, Seán, 'Fleadh Cheoil an Raidió', a bhíodh á chraoladh ar Raidió Éireann agus comórtas leis. Deir Peadar, "Bhí muid ag iarraidh comórtas ceoil traidisiúnta a bhunú gur féidir le haon duine, aon aois, aon dath nó aon chinneadh cur isteach air agus leas a bhaint as gréasán na meáin sóisialta chun é sin a dhéanamh.

Bhí iomaitheoirí againn ón Rúis, an Eilbhéis, Sasana, Ceanada, Meiriceá, an Astráil agus Éire Theas agus Thuaidh. Bhí ar na hiomaitheoirí chúig fhuaimrian dóibh féin a thaifeadadh agus iad ag casadh gan tionlacan agus rinne cuid acu taifeadadh ar ghuthán póca agus cuid eile ar ríomhaire.

Bhí bogearraí ar an suíomh le cabhrú leo, an rud a bhí i gceist ná nach mbeadh aon chostas orthu mar níor theastaigh uainn go mbeadh sé bainteach le daoine le hairgead amháin ach go mbeadh sé oscailte do gach éinne."

Bhí na ceoltóirí uile d'ardchaighdeán agus deis acu uile a bheith craolta ar an raidió mar go roghnófaí fuaimrian ceoil trí sheans agus go gcraoltar iad gach seachtain ar chlár Pheadair ar RTÉ Raidió na Gaeltachta gach Aoine, rud a chiallaigh nach raibh gach duine den 15 iomaitheoir deireanach craolta in aon chor ar an gclár. "Bhí tuiscint ag na hiomaitheoirí, ní hamháin ó thaobh teicníce de ach ó thaobh an cheoil de chomh maith. Taispeánann sé go bhfuil ceol Gaelach ar fud an domhain.

Ní hamháin go raibh ardchaighdeán ceoil i gceist, sa 15 iomaitheoir deireanach go mór mór, ach bhí ardchaighdeán taifeadadta i gceist chomh maith

Ní hamháin go raibh ardchaighdeán ceoil i gceist, sa 15 iomaitheoir deireanach go mór mór, ach bhí ardchaighdeán taifeadadta i gceist chomh maith. Roghnaíodh na taifeadtaí le craoladh trí sheans agus bhí muid in ann gach aon cheann acu a dhéanamh oiriúnach do chraoladh.

Seán Ó Riaida

Tá taifeadadh anois ar ghuthán póca ar aon dul le caighdeán na n-inneall beag 20 bliain ó shin," a deir sé.

Is iad moltóirí na bliana seo ná Martin Hayes, Seán Keane agus Liam O'Connor agus dar le Peadar bhí an triúr acu ar aon fhocal faoi 14 duine as an 15 iomaitheoir deireanach le beirt acu ar aon fhocal faoin 15ú duine.

Cé nach bhfuil na moltóirí roghnaithe don bhliain seo chugainn fós beidh deis ag iomaitheoirí cur isteach ar an gcomórtas ón Luan seo chugainn.

Déanfar babhtáil ar na huirlisí ceoil gach uile bhliain agus é i gceist acu gurb iad an fheadóg mhór agus an fheadóg stáin a bheidh i gceist don bhliain seo chugainn, an bosca ceoil agus an consairtín an bhliain ina dhiaidh sin, agus an chláirseach agus na píoba uilinn sa mbliain dheireanach. Is ansin a chuirfear tús le rithim na n-uirlisí arís agus beidh muid ar ais ag an bhfidil. Beidh athchóiriú a dhéanamh go luath ar an suíomh idirlín agus é i gceist acu an suíomh fidle a choinneáil beo sa chaoi is gur féidir le ceoltóirí píosaí ceoil a mhalartú nó díreach píosa cainte a dhéanamh faoin gceol. Is iad na ceoltóirí a bheidh san iomaíocht agus iad ag seinm os comhair lucht féachana beo ná: Ivan Roberts, Sydney na hAstráile; Micheál Cherry, BÁC; Claire Egan, Londain; Devin Shepherd, Chicago Mheiriceá; Aoife Ní Bhriain, BÁC; Rebecca McCarthy-Keny, Port Láirge; Armand Aromin, West Warwick, Meiriceá; Tara Breen, Co. an Chláir; Aidan Connolly , BÁC; Heather Mullen, Chicago Mheiriceá; Mairead Hickey, Corcaigh; Melanie Houton, Dún na nGall; David Doocey, Maigh Eo; Martin Dowling, Béal Feirste; Maedhbh Boyd, Inis, Co. an Chláir.

Tá costas €10 ar thicéid don cheolchoirm agus iad ar fáil ó Óstán an Rochestownpark.com agus dóibh siúd a bhfuil seomra don oíche ag teastáil uathu tá lascaine speisialta ar lóistín - €35 don oíche sin.

Is féidir féachaint ar www.cuireadhchunceoil.ie chun tuilleadh eolais a fháil ar an gcomórtas agus ar an gceolchoirm.

An tsraith dheireanach de 'Seacht'

Treasa Bhreathnach

CUIREADH tús leis an tsraith dheireanach de 'Seacht' ag tús na bliana seo ar TG4 agus ar BBC2 TÉ. Is é seo an ceathrú bliain den tsraith agus tá siad ag díriú ar thopaicí móra mar HIV, féinmharú agus dúnmharú sa tsraith. Dar le léiritheoir na sraithe Colin O'Donnell tá brón air go bhfuil ceann scríbe bainte amach ag an tsraith ach dar leis tá ardchaighdeán bainte amach acu sna cláracha deiridh seo. "Is é mo thuairim gur éirigh linn dul ó neart go neart le linn na gceithre bliana, ní hamháin i dtaobh scéalaíochta de, ach in achan ábhar. Bhí dul chun cinn le feiceáil sna haisteoirí ó bhliain go bliain agus tá lúcháir orm go bhfuil muid ag cur críche le ceithre bliana den dráma le sraith an-láidir."

Is iad Stirling Film & Television le maoiniú ó Chiste Craoltóireachta na Gaeilge a rinne léiriú ar an tsraith seo agus níorbh ann ach gur cuireadh tús lena léiriúchán drámaíochta. Táthar ag forbairt na chéad sraithe drámaíochta eile dá gcuid darb ainm 'Scúp' a bheidh lonnaithe in oifigí nuachtáin Ghaeilge agus a bheidh le feiceáil ar na scáileáin ó 2012 ar aghaidh. Beidh 'Seacht' le feiceáil ar TG4 gach Luan @ 9.30in agus ag 10in ar BBC2 TÉ.

9 OIDEACHAS

Gàidhlig gan Leabhair

Múnla nua, radacach tumoideachais

Trevor Ó Clochartaigh

GAEILGE na hAlban a mhúineadh do dhaoine gan aon leabhar ná scríobh, ar dhi-anchúrsa 25 lá - sin é an sprioc atá ag Finlay Macleoid leis an gcúrsa nua TIP atá á fhorbairt aige.

Tá cur chuige spéisiúil i gceist leis an gcúrsa TIP (Total Immersion Plus) a bheidh á eagrú aige i mí Iúil seo chugainn. "Sular féidir le daoine gramadach a thuiscint, caithfidh siad a bheith ábalta teanga a labhairt," a deir Finlay. "Tá bunús iontach tábhachtach á fháil ag daoine sna scoileanna ach ní leor an teanga a fhoghlaimítear ansin don suíomh baile ná teaghlaigh. Caithfidh daoine focail gheanúla a fhoghlaim agus a úsáid chomh maith. Deirtear go bhfuil sé riachtanach naoi gcinn déag de réimsí bunúsacha foghlamtha a chlúdach le teanga a bhreith leat agus mar chuid de sin tá tuairim is 1540 téama éagsúil cumarsáide ann. Ní chlúdaíonn foghlaim na scoile ach cuid bheag acu sin. Ní teanga shóisialta a bhíonn á teagasc sa chomhthéacs scoile," dar le Finlay, "agus is laige bhunúsach atá ann."

Tá tuiscint Finlay bunaithe ar an obair a rinne sé thar na blianta le réimse na réamh-scolaíochta trí mheán na Gaeilge in Albain. Tá sé riachtanach, dar leis, go mbeadh tuismitheoirí óga ag labhairt na teanga eatarthu féin má tá sí le cur ar aghaidh ó ghlúin go glúin go héifeachtach. "Bhínn ag labhairt le tuismitheoirí óga a déarfadh nach mbíodh na scileanna acu le Gaeilge a labhairt lena bpáistí, fiú tar éis dóibh bunchúrsaí sa teanga a dhéanamh," a deir sé.

"Caithfidh duine fásta deich n-oiread d'fhoclóir a bheith acu le teanga a mhúineadh do pháiste ná mar is gá do dhuine fásta. Smaoinigh, mar shampla, má tá tú chun míniú do pháiste faoi chupán, ní mór go mbeifeá ábalta na focail faoin lámh, bun, íochtar, imeall agus mar sin de a mhíniú dóibh.

Dá labhrófá mar sin le duine fásta bheadh siad ag ceapadh go raibh tú as do mheabhair."

Tá an cúrsa TIP, a bheidh á reáchtáil in Albain aige den chéad uair i mí Iúil, bunaithe ar dhaoine a bheith tumtha sa teanga ó naoi a chlog ar maidin go dtí naoi a chlog tráthnóna, sé lá sa tseachtain ar feadh tuairim is ocht seachtaine. Bíonn an fhoghlaim bunaithe ar shuímh réalaíocha a chumadh, athrá agus forbairt scileanna labhartha agus tuisceana a chur chun cinn. "Oibríonn muid ar radhairc - ar nós réiteach na leapa. Déanann gach duine é, téann gach duine sa leaba ag pointe éigin agus bíonn cuid mhaith spóirt ag baint leis an bhfoghlaim dá bharr."

Buntáiste eile leis an gcur chuige seo, dar leis, ná gur fearr má tá leibhéil éagsúla cumais Ghaeilge sa ghrúpa. "Is fearr má bhíonn meascán daoine ann ag leibhéil éagsúla. Tá sé riachtanach go mbeadh ar a laghad beirt teagascóirí ann chomh maith atá líofa le go gcloisfear an teanga á labhairt mar a bheadh i ngnáthchomhrá agus i gcomhthéacs nádúrtha."

Rinneadh tástáil ar an leagan amach seo cheana féin in Albain Nua agus d'éirigh thar cionn leis, a mhíníonn Finlay. "Bíonn thart ar sé dhuine dhéag ar gach cúrsa agus tá sé dian go leor, ach iontach taitneamhach," dar leis. "Ag tús an chúrsa bíonn thart ar cheithre huaire an chloig i mBéarla le gach rud a mhíniú. Insíonn muid dóibh nach mbeidh muid ag aistriú agus nach mbeidh Béarla á labhairt leo.

Míníonn muid dóibh go mbeidh siad iontach tuirseach sa dara seachtain ach go gcaithfidh siad scíth a ligean chun dul i bhfeidhm ar an bhfo-chomhfhios agus ligean don fhoghlaim tarlú go nádúrtha. Measann muid, tar éis tuairim is cúig déag lá, go dtagann sruth comhrá go nádúrtha le daoine mar thoradh ar an bpróiseas seo."

"Dá mbeadh córas agaibhse in Éirinn chun cabhrú leis na daoine seo an Ghaeilge a fhorbairt mar theanga shóisialta agus theaghlaigh bheadh sibh ábalta suas le 100,000 duine a chur ag labhairt Gaeilge taobh istigh d'fhiche bliain gan stró."

Bheadh cur chuige dá leithéid iontach úsáideach in Éirinn chomh maith, ceapann Finlay, ina thuairim siúd, tá bunús i bhfad níos láidre againn ná in Albain cheana féin.

"Tá thart ar 3,000 dalta ag fáil scolaíochta trí mheán na Gaeilge in Éirinn gach bliain, ach tar éis deich mbliana tá thart ar 90% acu sin nach bhfuil ag úsáid na teanga go rialta. Ní bhíonn siad ag fáil deise an teanga a úsáid ar bhonn sóisialta tar éis na scoile.

Tá sé sin ar nós ranganna snámha a thabhairt do dhuine agus ansin gan iad a thabhairt chuig an linn snámha ar feadh deich mbliana. Caillfidh siad an cumas.

Dá mbeadh córas agaibhse in Éirinn chun cabhrú leis na daoine seo an Ghaeilge a fhorbairt mar theanga shóisialta agus theaghlaigh bheadh sibh ábalta suas le 100,000 duine a chur ag labhairt Gaeilge taobh istigh d'fhiche bliain gan stró," ceapann sé.

Is cinnte go bhfuil cur chuige Macleoid radacach agus dian. Ní bhíonn cúrsa mar seo saor ach oiread. Gan trácht ar an infheistíocht ama atá i gceist, £2000 an duine an costas atá ar an gcúrsa. Ach dar leis, is fiú é, mar má tá tú ag déanamh cúrsa go leanúnach go páirtaimseartha, cuireann tú go leor ama amú ag taisteal agus ní bhíonn toradh chomh rathúil céanna air.

Má bhíonn duine ábalta an teanga a thabhairt leo mar mheán cumarsáide ar chúrsa mar seo, is féidir leo dul ar aghaidh ina dhiaidh sin chun staidéar a dhéanamh ar chúrsaí gramadaí, litriú agus araile, dar leis. Teastaíonn uaidh go mbeadh daoine ábalta teanga an gheana, an ghrá agus réimsí eile saoil a thabhairt leo - rudaí nach gcloisfidís sa chomhthéacs scoile - agus ansin é sin a labhairt i measc an aosa óig a thiocfaidh ina ndiaidh.

"Ní úsáidtear ach tuairim is 10% den fhoclóir a fhoghlaimítear ar scoil amuigh sa ghnáthshaol," a deir Macleoid. Caithfidh muid an chuid eile a mhúineadh do dhaoine agus deis a thabhairt dóibh cleachtadh praiticiúil a dhéanamh leis. Caithfear na bearnaí idir an t-oideachas scoile agus an saol baile a líonadh agus is chuige sin atá an cúrsa seo forbartha againn."

Is cinnte, má éiríonn leis, go mbeadh spéis ann a leithéid a thriail in Éirinn chomh maith agus bheadh fáilte ag Finlay roimhe sin.

Más suim leat freastal ar an dianchúrsa, nó tuilleadh eolais a fháil faoi, téigh chuig www.ti-plus.co.uk.

EUROPUS

M.Sc / Dioplóma Iarchéime / Teastas i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán

Europus Teo i gcomhar le Údarás na Gaeltachta agus GMIT.

Tá mórdheiseanna nua fostaíochta anois san earnáil aistriúcháin Ghaeilge anseo in Éirinn agus san Aontas Eorpach.

Tá an cúrsa ardghairmiúil seo dírithe ar dhaoine ar mian leo a bheith ina n-aistritheoirí gairmiúla agus beidh modúil ar leith sa chúrsa dírithe ar ghnéithe eile de thionscal na teanga.

Tá cuid mhaith daoine tar éis ardphostanna a bhaint amach anseo agus san Eoraip tar éis freastal ar an gcúrsa seo.

Reáchtálfar an cúrsa i gCarna i gConamara ag tosú ag tús Feabhra. Mairfidh an cúrsa Dioplóma Iarchéime /Teastas 24 seachtain agus leanfaidh an oiliúint don MSc. ina dhiaidh sin. Ní bheidh aon táille i gceist.

Glacfar le hiarratais ó chéimithe i nGaeilge, ó chainteoirí dúchais Gaeilge a bhfuil céim in ábhar eile acu agus ó dhaoine lánfhásta gan na cáilíochtaí thuasluaite a léireoidh go bhfuil ardchaighdeán i scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla acu.

Is ar bhonn agallaimh agus scrúdú scríofa a roghnófar daoine. Ní ghlacfar ach le líon teoranta daoine ar an gcúrsa agus déanfar roghnú randamach ar na daoine a cháileoidh má bhíonn an iomarca iarrthóirí ann.

Seol iarratas mar aon le CV roimh Déardaoin an 3ú lá de mhí Feabhra 2011 chuig:-
Áine Ní Chonghaile, EUROPUS
An Comhlacht Teanga
An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe

Teil: 091/572 082 **Faics: 091/572 335**
Gach eolas: www.europus.ie **Ríomhphost eolas@europus.ie**

Faisnéis do Shaoránaigh

LOGÁIL ISTEACH
www.citizensinformation.ie

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: Costais scoile

Ceist: Tá triúr leanaí agam agus feictear dom go bhfuil iarratais ag teacht go seasta óna scoil ar airgead le haghaidh gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus le haghaidh ábhar scoile. An gá dom na híocaíochtaí seo uile a dhéanamh?

Freagra

Is féidir le scoileanna cineálacha áirithe íocaíochtaí a iarradh ar dhaltaí. Ní féidir le scoileanna táillí a bheith i bhfeidhm, áfach, ar táillí éigeantacha iad i ndáiríre. Bheadh sé sin in aghaidh an phrionsabail gan táillí a ghearradh.

Is féidir le scoileanna na nithe seo a leanas a iarradh go dlisteanach:

- Íocaíocht as leabhair scoile nó ábhar fótachóipeáilte a sholáthraíonn an scoil nuair is táille réasúnach í agus táille a léiríonn na fíorchostais atá i gceist. (Tá Scéim Deontais na Leabhar Scoile ann a d'fhéadfadh a chabhrú le costas na leabhar agus oibríonn scoileanna áirithe scéimeanna um leabhair ar cíos.)

- Táillí as béilí agus sólaistí, sa chás nach gcuirtear iallach ar dhaltaí iad seo a cheannach agus go bhfuil siad in ann a gcuid sólaistí féin a thabhairt chun na scoile (mar shampla, i mbosca lóin).

- Seirbhísí agus gníomhaíochtaí a chuireann an scoil ar fáil sa bhreis orthu sin atá san áireamh sa chlár ginearálta scoile, sa chás nach gá do na daltaí páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí seo (mar shampla, staidéar faoi mhaoirseacht tar éis na scoile, turais scoile, nó cuairteanna ar amharclanna nó ar imeachtaí spóirt).

Is féidir le scoileanna ranníocaíochtaí deonacha a iarradh ar thuismitheoirí, sa chás go mbíonn sé soiléir do na tuismitheoirí nach gá dóibh iad a íoc agus nach bhfuil áit linbh sa scoil ná rollú leanúnach an linbh ag brath ar a bheith toilteanach ranníocaíocht a dhéanamh.

Tá tuilleadh faisnéise le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Cuireann an tIonad seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Íosghlao 1890 777 121.

LOGÁIL ISTEACH
www.citizensinformation.ie

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

BUAIL ISTEACH
260 ionad ar fud na tíre

Faisnéis sothuigthe!

Daltaí Ghaelcholáiste Luimnigh buacach faoi dhó

BHUAIGH daltaí as Gaelcholáiste Luimnigh dhá ghradam le déanaí, ceann as grianghrafadóireacht dhigiteach agus ceann eile as scileanna ceannaireachta.

Bhuaigh Aisling Sargent ó Bhliain 2 sa Ghaelcholáiste ceann den 12 phríomhdhuais sa chomórtas 'Love Limerick Don't Litter' agus tá a pictiúr i gcló anois i bhféilire atá seolta mar chuid den chomórtas. Duirt Donncha Ó Treasaigh, Príomhoide an Ghaelcholáiste, 'Is éacht é seo d'Aisling féin agus tá muid uile iontach bródúil aisti.'

Sheol an Comhairleoir Maria Byrne, Méara Luimnigh, an comórtas i mí na Samhna seo caite. An aidhm a bhí leis ná dhá cheann déag d'íomhánna dearfacha 'gan bhruscar' a tharraingt, a bheadh mar chuid d'fhéilire 2011, 'Love Limerick Don't Litter'. Is é an sprioc mórtas pobail a chothú i measc mhuintir Luimnigh agus a mheabhrú dóibh úsáid a bhaint as a gcuid seirbhísí bruscair seachas dramhaíl a chaitheamh amach go mídhleathach.

Iarradh ar ghrianghrafadóirí agus ar dhaoine eile le scil agus suim sa cheird sin íomhánna a chur isteach chun áilleacht Luimnigh a léiriú don phobal. Fuair na buaiteoirí ar fad duais airgid de €200 agus cuireadh pictiúr leo san fhéilire. Tá an féilire ar fáil go forleathan ar fud an chontae anois.

Is í Aoife Broderick, dalta sa chúigiú bliain i nGaelcholáiste Luimnigh, a chroch léi an chraobh i gComórtas Ceannaireachta Óige Rothlach Luimnigh (Limerick Rotary Youth Leadership). Déanfaidh sí ionadaíocht ar an scoil agus ar Chúige Mumhan ar chúrsa ceannaireachta seachtaine a reáchtálfar i mí an Mhárta. Beidh sí féin agus ionadaithe óga eile ag taisteal go Baile Átha Cliath, Béal Feirste agus Parlaimint na hEorpa i Strasbourg mar chuid den chúrsa seo.

Deir Donncha Ó Treasaigh gur ambasadóir iontach do Luimneach í Aoife, rud a léirigh sí go sármhaith do na moltóirí sa chomórtas seo. Thréaslaigh an Méara Byrne a bua léi.

'Luimneach is tú an Spéirbhean' Seolta

SHEOL grúpa d'fhoghlaimeoirí aosaigh Gaeilge i Luimneach leabhar dá saothar scríbhneoireachta le déanaí Luimneach is tú an Spéirbhean. 'Tír gan teanga, tír gan anam' an mana atá ag an rang Gaeilge a thagann le chéile gach seachtain faoi scáth Sheirbhís Oideachais Aosaigh Choiste Gairmoideachais Chathair Luimnigh. Is mar thoradh ar an obair sa rang a cuireadh an leabhar i dtoll a chéile.

Is bailiúchán de scéalta pearsanta, chomh maith le rogha de na hamhráin, dánta agus scéalta i nGaeilge is ansa leis an rang, atá san fhoilseachán a seoladh le déanaí san Ionad Seirbhísí Sóisialta sa chathair. Tá míreanna faoi leith ann chomh maith a dhíríonn ar sheanfhocail agus ar leaganacha cainte atá imithe as gnáthchaint laethúil na ndaoine.

Tá an leabhar ar díol ó bhaill d'Ionad Seirbhísí Sóisialta Luimnigh ag Sráid Uí Chonaill Uachtair ar phraghas €5.

Crosfhocal 07.01.2011



NODANNA

TRASNA

3 Dochar, scrios (8)
6 Bíonn tú i do chodladh ar seo san oíche (5)
9 Déantar crosanna Bhríde astu seo (8)
11 Cime, duine atá a choinneáil ina aghaidh a thola (5)
13 Deirtear go mbeidh lá eile ag an duine seo... (7)
14 Brúigh scian isteach (2)
15 Créacht, gortú (4)
17 Bímid dá análú i gcónaí (3)
18 Cur i bhfolach, as radharc (5)
20 Cearnógach agus le sé thaobh nó aghaidh (3)
24 Bíonn sé ag fás ar an bportach le bláthanna corcra nó bána (6)
25 Eolach, mar scoláire ollscoile (7)
26 Luath sa saol (2)
27 Comhlacht dháileadh leabhar Gaeilge (3)
29 Ag insint scéalta agus tuairimí maithe faoi dhuine éigin (6)
30 Gruaige ag fás os cionn do shúl (5)
31 Scéal nár chóir a insint do dhaoine eile (3)

SÍOS

1 Buailtear é roimh sheirbhísí eaglasta (4)
2 Duine atá dílis leat (4)
4 Seomra ar bharr an tí (6)
5 Polaiteoir atá tofa do Dháil Éireann (7)
7 Cloch as a ndéantar péint bhán do bhallaí bothóga faoin tuath (3)
8 A bhfuil an t-údarás, nó an focal deireanach aige nó aici (9)
10 Fada, i bhfad ó (4)
12 ..... dubh, faoi ghruaim, díomách (5)
14 Clúdach bán, reoite ar an talamh céad rud ar maidin (4)
16 Teocht ard (2)
18 Focal ciúin i do chluas (5)
19 Rian, bealach (4)
21 Teanga oifigiúil eile sa tír seo (6)
22 Tús, as seo a thagann gach rud (6)
23 Riachtanach, ní ------ (6)
24 Póstaer ag nochtadh scéil nó imeacht éigin (5)
25 Tá péire acu agat, le méara agus ordóga orthu (4)
28 Tarraing amach níos faide (3)

Crosfhocal
24.12.2010

Buaiteoir na Seachtaine seo:
Máire Uí Dhubhgáin
"Dover", Boithrín na Manach
Chathair Chorcaí

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh chuig:
Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

Seoladh Ghradaim Fiontraíochta na Mac Léinn i bhFine Gall

Eve Butler (16), ar clé, agus Elle Anderson (17) ó Mheánscoil Loreto i Sord, Baile Átha Cliath.

BHAILIGH slua d'fhiontraithe óga scoile le chéile i Sord i mBaile Átha Cliath an mhí seo caite. Daltaí iad a raibh an bua acu i gclár fiontraíochta 2010. Tháinig siad le chéile chun seoladh oifigiúil a dhéanamh ar Ghradaim Fiontraíochta na Mac Léinn 2011 a bheidh ar siúl i mí an Mhárta. Ghlac 800 dalta ó Fhine Gall, a bhí idir aon bhliain déag agus ocht mbliana déag d'aois, páirt sa chlár.

Tá an clár dírithe ar fhiontraithe óga i mbunscoileanna agus i meánscoileanna. Bíonn an clár ar siúl idir Meán Fómhair agus mí na Bealtaine gach bliain. Is í aidhm an chláir daltaí a spreagadh chun fiontair a bhunú agus a reáchtáil. Faigheann na fiontraithe óga tacaíocht ó mheantóirí gnó. Is iad Bord Fiontair Chontae Fhine Gall a eagraíonn an clár agus faigheann siad tacaíocht ó Choiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath agus ó Chomhairle Contae Fhine Gall. Beidh buaiteoirí chomórtas 2011 ag teacht le chéile ag bronnadh Ghradaim Náisiúnta Fiontraíochta na Mac Léinn i bPáirc an Chrócaigh i mí Aibreáin.

Gluais

Fiontraithe: entrepreneurs
Clár: Programme
Meantóirí gnó: business mentors
Páirc an Chrócaigh: Croke Park

Ceisteanna

1. Cén fáth ar bhailigh na fiontraithe óga scoile le chéile?
2. Cé mhéad dalta as Fine Gall a ghlac páirt sa chlár fiontraíochta?
3. Céard í aidhm an chlár fiontraíochta?

Plé sa rang

Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach fiontraithe óga a spreagadh?

Saoire scoile gearrtha mar chúiteamh ar laethanta sneachta

D'IARR an Roinn Oideachais ar scoileanna a machnamh a dhéanamh ar a gcuid laethanta saoire a ghearradh mar chúiteamh ar laethanta a chaill siad de dheasca na drochaimsire.

Chuir an Roinn Oideachais comhairle ar scoileanna breathnú ar an bhféidearthacht filleadh ar ais ar scoil go luath tar éis na Nollag, nó an briseadh lárthéarma i mí Feabhra nó saoire na Cásca a dhéanamh níos giorra. Tá an Roinn ag lorg aiseolais faoi na féidearthachtaí atá ann. Tá imní ar na húdaráis oideachais faoin tionchar atá ag na laethanta caillte ar ranganna an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta. Bhí na céadta scoileanna dúnta ar feadh idir 12 agus 15 lá sa scoilbhliain seo de dheasca na drochaimsire. Is daltaí a chónaíonn i gceantair thuaithe is mó a chaill laethanta ar scoil mar nach raibh siad ábalta taisteal ar bhóithre tánaisteacha agus ar mhionbhóithre nach raibh grean á scaipeadh orthu. Bhí áiteanna cosúil le Dún na nGall, Liatroim, Sligeach agus Maigh Eo gan seirbhís bus scoile roimh an Nollaig. Tá sé d'fhreagracht ar scoileanna iarracht réasúnta a dhéanamh am scoile a chúiteamh, ach tá sé deacair é sin a dhéanamh mar gheall ar an mbliain scoile a bheith caighdeánta agus teoranta do dhátaí ar leith. De réir na scoilbhliana caighdeánta, tá dátaí shaoire na Nollag agus na Cásca agus na sosanna lárthéarma socraithe. Cuireadh comhairle ar scoileanna a bheith solúbtha faoi thréimhse shaoire na Nollag.

Plé sa rang

In bhur dtuairimse, an bhfuil sé cothrom gearradh siar ar laethanta saoire na scoile mar chúiteamh ar laethanta sneachta?

Gluais

An Roinn Oideachais: The Department of Education
Aiseolas: Feedback
Údaráis oideachais: Education authorities
Bóithre tánaisteacha: Secondary roads
Mionbhóithre: minor roads
Grean: grit
Caighdeánta: Standardised
Solúbtha: Flexible

Ceisteanna

1. Cén chomhairle a chuir an Roinn Oideachais ar scoileanna?

2. Cén fáth a bhfuil imní ar na húdaráis oideachais?

3. Cén fáth gurb iad daltaí a chónaíonn i gceantair thuaithe is mó atá ag fulaingt de dheasca na drochaimsire?

Nuacht na nÓg

Scéalta na Réalta

LE TACAÍOCHT
Conradh na Gaeilge
An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
Department of Community, Equality and Gaeltacht Affairs
RAIDIÓ RÍ-RÁ
DO CHAIRTSTÁISIÚN GAEILGE!

Colin ar thóir Keira!

Seachain tú féin a Keira - tá buachaill Bhaile Átha Cliath ar do thóir! Tá sé ráite ag an aisteoir Éireannach Colin Farrell gur bhreá leis dul i mbun oibre le Keira Knightley arís go luath, toisc gur cailín chomh deas, álainn sin atá inti. Is cosúil gur réitigh Colin go han-mhaith le Keira nuair a bhí siad ag obair ar London Boulevard le chéile le déanaí, agus ní raibh srian leis an moladh a bhí aige don bhean chumasach, ildánach. D'admhaigh Farrell go raibh sé iontach éasca comhoibriú léi agus go bhfuil ardmheas aige ar Knightley mar aisteoir.

Tá Farrell ag súil nach raibh in London Boulevard ach an chéad seal comhoibrithe léi agus go mbeidh deis ag an mbeirt acu tuilleadh scannán a dhéanamh le chéile amach anseo. Ní fada ó bhris Colin amach lena chailín Alicja, ach an bhfuil an buachaill báire faoi gheasa ag Keira cheana féin? Beidh le feiceáil san athbhliain!

Aistear Black mar Gulliver

Tá Jack Black ar ais ar an scáileán mór. Tá an fear grinn le feiceáil in Gulliver's Travels, saothar atá sa phictiúrlann faoi láthair, agus beidh páirt aige sa scannán nua de chuid na Muppets a eiseofar i mí na Samhna 2011 freisin. Léargas iomlán úr ar na puipéid iomráiteacha a bheidh ann, dar le Jack, agus tosóidh sé ag taifead ag deireadh mhí Eanáir. Beidh sé féin agus na puipéid i gcuideachta aisteoirí den scoth - tá leithéidí Amy Adams, Ricky Gervais agus Billy Crystal ag obair ar an saothar chomh maith de réir dealraimh. Is é Jason Segel - comhghleacaí Black sa scannán is déanaí dá chuid - a scríobh an script don scannán nua. Is cosúil gur thairg Jason páirt do Jack sna Muppets sna sála ar Black páirt a thabhairt do Segel in Gulliver's Travels - is fearr cara sa chúirt ná punt sa sparán mar a déarfá! Ní gá dúinn ach cara cáiliúil a aimsiú dúinn féin in Hollywood agus tá linn...

Rúndacht Coldplay

Tá sé cloiste againn anseo i bPopNuacht go bhfuil muintir Coldplay i Londain faoi láthair agus iad ag déanamh taifid ar albam nua. Thug Chris Martin, príomhamhránaí an bhanna, le fios gur spreag graifítí ó na 1970idí i Nua Eabhrac é, i measc rudaí eile, le liricí na n-amhrán ar an albam úr a scríobh. Níl duine ar bith ag scaoileadh le hainm an albaim nua go fóill ach tá Martin tar éis leid a thabhairt do lucht leanúna an bhanna, ag rá go gceapann sé go mbeidh dhá fhocal i gceist sa teideal agus go dtosóidh sé le M. Hmmm...agus ar eagla nach raibh sé gnóthach a dhóthain leis an gcúigiú albam de chuid Coldplay, tá Chris ainmnithe do ghradam Oscar sa bhliain úr freisin. Tá sé ainmnithe as an amhrán Me and Tennessee a chas a bhean chéile, Gwyneth Paltrow, agus Tim McGraw don scannán is déanaí dá gcuid, Country Strong. Comhghairdeas a Chris!

Elton imithe GaGa

Tá sceitimíní orainn anseo i bPopNuacht a chloisteáil go ndeachaigh Elton John i mbun ceoil le Lady Gaga le déanaí agus go mbeidh díséad dar teideal Hello, Hello á eisiúint acu go luath san athbhliain! Chas rí agus banríon an phopcheoil le chéile go speisialta chun amhrán a thaifead don fhuaimrian a ghabhann leis an scannán nua, Gnomeo & Juliet, a bheidh sa phictiúrlann i mí Feabhra. Tá an scannán bunaithe ar dhráma clúiteach William Shakespeare Romeo & Juliet, ach le casadh úr CGI sa scéal!

Beidh guthanna na réaltaí móra ar fad le cloisteáil sa scannán féin freisin, ina measc na haisteoirí James McAvoy, Jason Statham, Maggie Smith, Michael Caine agus Matt Lucas, fear grinn. Agus munar leor sin daoibh, beidh Ozzy Osbourne féin, Dolly Parton agus Hulk Hogan ag glacadh páirte sa saothar. Ní féidir linn fanacht lena fheiceáil!



Éist leis an bpopnuacht seo mar Audio MP3 nó íoschóipeáil é ag www.rrr.ie

Comórtas Nuacht na nÓg

I gcomhair le Gael Linn

TÁ Gaelscéal i gcomhair le Screenway ag tabhairt seans duitse iPod Shuffle a bhuachan. Tá muid ag iarraidh scéalta nuachta ó do cheantar. Is féidir iad a chur chugainn mar alt nuachta, podchraoladh nó físeán. Piocfaidh muid an chuid is fearr le foilsiú ar an nuachtán agus le cur ar ár suíomh gréasán gach seachtain. Buafaidh an ceann is fearr duais gach seachtain agus beidh na buaiteoirí seachtainiúil san áireamh le haghaidh duais mhór a bhuachan ag deireadh na scoilbhliana, scoláireacht do cheann do Choláistí Samhraidh Gael Linn. D'fhéadfá scéal a dhéanamh faoi rud éigin atá ag tarlú i do scoil, i do cheantar, sna clubanna nó cumainn go háitiúil. B'fhéidir go bhfuil nuacht shuimiúil agat faoi imeacht nó ócáid atá ar siúl nó duine a bhfuil rud faoi leith bainte amach, nó ar siúl acu. Cibé ceann acu é, teastaíonn bhur scéalta uainn! Ní mór ailt nuachta a bheith idir 200-300 focal agus físeáin nó podchraoltaí a bheith idir 3-7 nóiméad.

Screenway
Galway's authorised Apple Reseller, Support and Training Centre

Seol iarratas chuig: eolas@gaelsceal.ie agus cur 'Comórtas Nuacht na nÓg ' mar cheannt eideal air. Is féidir iarratais a chur sa phost chomh maith chuig: 'Comórtas Nuacht na nÓg', Gaelscéal, Baile Ard, An Spidéal, Co, na Gaillimhe.

Cúltaca

Ceannlínte Nuacht na nÓg Tá Nuacht na nÓg le fáil i bhfoirm podchraoladh gur féidir úsáid ó thaobh cluastuisceana de nó do dhaoine le riachtanais speisialta. Íoslódáil é ag **www.gaelsceal.ie/oideachas**

Nuacht na nÓg

OSSP-Cearta agus leas ainmhithe

Ba cheart meas a bheith ag daoine ar chearta agus ar leas ainmhithe. An mothaíonn ainmhithe pian agus anacair?

Cruálacht ar ainmhithe
Is iomaí dóigh atá ann lena bheith cruálach d'ainmhithe:

- Faillí a dhéanamh ar ainmhithe sa bhaile
- Ainmhithe a úsáid i spórt fola
- Ainmhithe a mharú le haghaidh a gcraicinn nó a bhfionnaidh
- Ainmhithe a úsáid i dturgnaimh i saotharlanna.
- Feirmeoireacht a dhéanamh ar ainmhithe i monarchana
- Ainmhithe a aistriú ó áit go háit ar bhealach cruálach.

Is ceist chonspóideach é ceart agus leas ainmhithe.
Baineann an trí cheist seo a leanas go háirithe le conspóidí faoi leith - feirmeoireacht i monarchana, beodhioscadh agus spórt fola.
Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.gaelsceal.ie/oideachas

OSSP, Cúram Craicinn

Braitheann riocht do chraicinn ar chuid mhór rudaí - géinte, an aimsir, strus, hormóin, sláinte, aois agus nósanna maireachtála.
Go minic ní bhíonn neart ag duine ar riocht a gcraicinn ach tugann muid leideanna úsáideacha duit agus tú ag déileáil leis an tseanfhad-hb seo.
Tá tuilleadh eolais i bhfoirm pictiúr le fáil i seó sleamhnán ag www.gaelsceal.ie/oideachas

Éist leis i nGaeilge

Ar líne an tseachtain seo tá tús curtha againn le hábhar cluastuisceana don Ardteistiméireacht agus don Teastas Sóisearach. Tá cuid de na cluastuiscintí bunaithe ar an bPopNuacht, ar na hailt nuachta agus spóirt in Nuacht na nÓg, agus ar ghnáthchomhrá. Is áis iontach iad seo chun cleachtadh a dhéanamh do na scrúduithe cluastuisceana.
Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.gaelsceal.ie/oideachas

Nuacht na nÓg

Do scéal féin Ba bhreá linn bhur scéalta a chloisteáil. Má tá ócáidí, imeachtaí nó aon rud mar sin ar siúl agaibh, bí i dteagmháil linn.
Cur nuacht , pictiúir agus ábhar eile chugainn ag **nuacht@gaelsceal.ie**

Spórt

Dóchas sa Chamógaíocht

Tá réaltaí camógaíochta agus craoltóirí clúiteacha ag comhoibriú le tacaíocht a thabhairt don charthanas Éireannach The Hope Foundation chun airgead a bhailiú do pháistí atá ar na sráideanna agus i slumaí in Kolkata na hIndia. Is í aidhm an Hope Foundation tacaíocht a thabhairt do leanaí agus dá muintir chun todhchaí níos fearr a chruthú dóibh féin, saor ón mbochtaineacht.

Tá an chomhpháirtíocht Camogie for Hope ag obair chun daoine a chur ar an eolas faoin obair a dhéanann siad.

Beidh an carthanas ag obair chun ócáidí tiomsaithe airgid a reáchtáil, mar shampla cluichí camógaíochta idir na Réaltaí. Beidh rás urraithe ar siúl i gcathair Kolkata, Kolkata 10k, i mí an Mhárta.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.hopefoundation.ie.

Gluais

craoltóirí clúiteacha - famous broadcasters
Slumaí - slums

Ceisteanna

1. Céard é aidhm an Hope Foundation?
2. Cá mbeidh an rás urraithe ar siúl?

Berbatov ag fanacht ag Manchain Aontaithe

Níl Dimitar Berbatov ag imeacht ó Mhanchain Aontaithe tar éis dó a mhaíomh gurbh fhearr leis éirí as an imirt ar fad ná an fhoireann a fhágáil. Tá éagsúlacht tuairimí in Old Trafford faoi Berbatov ó d'aistrigh sé ó Tottenham i mí Mheán Fómhair 2008 ar luach £30.7 milliún.

Ainmníodh Berbatov mar pheileadóir na bliana sa Bhulgáir den seachtú huair i mbliana. Tá suim léirithe ag Juventus, Bayern Munich agus Fenerbahce in Berbatov le gairid, ach tá sé ráite ag bainisteoir Mhanchain Aontaithe, Alex Ferguson, nach mbeidh Berbatov ag imeacht an mhí seo chugainn.

Deir Michael Edelson, stiúrthóir na foirne go bhfuil pleananna mhuintir Glazer leis an gclub a dhíol i bhfad uainn go fóill.



Gluais

Éirí as - Give up / Retire
Luach - Value
Stiúrthóir - Director

€6,000 bronnta ag Lifestyle Sports ar Chluichí Oilimpeacha Speisialta na hÉireann

Bhronn Lifestyle Sports seic de luach €6,000 ar lúthchleasaithe Oilimpeacha Speisialta roimh an Nollaig. Bailíodh an t-airgead mar chuid de Mharatón Adidas Bhaile Átha Cliath. Ba iad Cluichí Oilimpeacha Speisialta na hÉireann ceann den dá charthanas a fuair airgead de bharr mharatón na bliana seo.

Matt English, ar clé ar chúl, Príomhfheidhmeannach Chluichí Oilimpeacha Speisialta na hÉireann, agus Paul Ahearne, ar dheis ar chúl, ó choiste Chluichí Oilimpeacha Speisialta Réigiún an Oirthir.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 7 Eanáir, 2011

Todhchaí Mhanchain Aontaithe ina Lámha Féin

Gráinne McElwain

DEIR na tráchtairí nach bhfuil taispeántaisí Mhanchain Aontaithe thar mholadh beirte go dtí seo ach ní dóigh liom go mbeidh sé sin ag cur isteach ar bhainisteoir na foirne Alex Ferguson agus United ar bharr thábla na Príomhroinne i Sasana faoi láthair. Cé nár imir Manchain Aontaithe go hiontach in aghaidh Stoke i rith na seachtaine, fuair siad na pointí leis an bhua a dó in aghaidh a haon leis na cúil ag teacht ón ógánach as Meicsiceo, Javier Hernandez, agus ó Nani. Fiche cluiche as a chéile atá buaite ag Manchain Aontaithe anois. Is iad Arsenal an fhoireann dheireanach a rinne é sin, in 2003/04, agus bhuaigh siad an tsraith.

Ar an Domhnach casfaidh Manchain Aontaithe agus Learpholl ar a chéile i mBabhta a Trí de Chorn an FA in Old Trafford. Leis na cianta, tá stair agus nimh láidir fiú idir na foirne seo ach níl Learpholl chomh cumasach agus a bhíodh siad. Tá siad fós ag brath an iomarca ar Steven Gerrard agus Fernando Torres, cé go bhfuil an gortú a bhí ag Torres le linn na Craoibhe Domhanda fós ag cur as dó. Go dtí seo, tá splancanna de chumas Torres feicthe againn ach iad i bhfad ó chéile. Níl sé ar ais ar a sheanléim agus ní féidir leis iad a thabhairt as an tsáinn i gcónaí.

Mar bharr ar an donas, tá go leor cainte á dhéanamh faoi thodchaí bhainisteoir na foirne Roy Hodgson. Cinnte bhí deacrachtaí aige nuair a tháinig sé isteach, ach níl a fhios agam an mbeidh sé fós in Anfield ag deireadh an tséasúir. Tá sé faoi bhrú, agus más fíor do na tuairisicí tá úinéirí nua an chlub ag tabhairt go dtí deireadh an tseasúir dó ach tá siad ag lorg fear nua cheana féin le teacht i gcomharbacht air.

Bunaíodh comórtas an FA in 1871 agus tá sé buaite ag Manchain Aontaithe aon uair déag, níos mó ná aon chlub eile. Faoi stiúir Alex Ferguson tá sé buaite cúig uaire acu, ach ní raibh an corn ina seilbh acu ó 2004. Díbríodh as an chomórtas iad anuraidh sa tríú babhta in aghaidh Leeds. D'admhaigh Ferguson gur chuir sé foireann lag amach an uair sin ach mhaígh sé nach ndéanfaidh sé an botún céanna arís i mbliana.

Níor imir Edwin Van Der Sar, Rio Ferdinand ná Wayne Rooney i rith na seachtaine mar gheall ar ghortuithe ach beidh siad ar fáil don Domhnach. Beidh lucht tacaíochta Learpholl ag cuimhniú go bhfuil deacrachtaí acu, chaill siad sa bhaile in aghaidh Wolves agus bhí an t-ádh leo in aghaidh Bolton Lá Caille. Le cluiche Blackburn san áireamh ó Dé Céadaoin, ceithre chluiche in aon lá dhéag a bheas ag Liverpool, tréimhse chinniúnach do Hodgson.

Domhnach 9ú Eanáir
Manchain Aontaithe v Learpholl
ITV 1 @ 1.30in

Foireann Liathróid láimhe na hÉireann a d'éirigh thar barr leo i San Diego, Meiriceá thar an Nollaig.

Éacht Mór Déanta ag Lucht Liathróid Láimhe

Gráinne McElwain

COMHGHAIRDEAS leis na himreoirí liathróid láimhe uilig a raibh an-rath orthu i San Diego, Meiriceá thar an Nollaig. Ghlac seisear imreoirí óga páirt sna cluichí náisiúnta faoi aois agus d'éirigh thar barr leo sna grádanna f-19, f-17 agus f-15 i gcomórtaisí na gcailíní agus na mbuachaillí.

Sna comórtais singil f-19, bhuaigh Lorraine Havern as an Dún agus Caolan Daly ó Thír Eoghain agus d'éirigh le Havern agus Caitríona Casey ó Chorcaigh an comórtas dúbailte f-19 a bhuachan chomh maith. Bhuaigh Caitríona an comórtas singil f-17 den tríú huair agus i gcomórtas f-17 na bhfear, chroch Corcaíoch eile, Killian Carroll, an chraobh leis.

Cé gurbh é seo an chéad uair ag Darren Doherty ó Mhuineachán ag glacadh páirte sa chomórtas f-15, níor chuir an ócáid isteach air agus bhuaigh sé go maith ina ghrád féin agus chríochnaigh Lauren O'Riordan as Ros Comáin le bonn óir chomh maith nuair a bhuaigh sí comórtas na gcailíní san aoisghrúpa céanna.

Dúirt na bainisteoirí atá ar an fhoireann, Joe McCann as Maigh Eo agus Ashley Prendiville as Ciarraí, go raibh siad "an-bhródúil as na himreoirí ar fad agus go raibh sé iontach gur éirigh chomh maith sin leo tar éis an obair chrua a déanadh. Níl dabht ar bith orainn ach go mbeidh Seaimpíní Sinsir na hÉireann amach anseo i measc an ghrúpa seo."

Súil ar an Rugbaí

An tSraith Magners

Cúige Laighean v Ospreys

Dé hAoine, RDS @ 7.35in
Tá an dá chluiche dheireanacha buaite ag na hOspreys in aghaidh Chúige Laighean, sin iad cluiche ceannais na Sraithe Magners anuraidh a bhí san RDS agus cluiche sa chomórtas céanna i mí na Samhna seo caite i Liberty Stadium. Ar bhealach tá an RDS ar nós dúin ag Cúige Laighean mar níl ach cluiche amháin caillte acu ann ó mhí Mheán Fómhair 2008. B'shin é an cluiche ceannais a luaigh mé níos luaithe agus bí cinnte nach mbeidh na Laighnigh ag iarraidh go dtarlóidh sé sin arís in aghaidh na hOspreys.

Ní raibh mórán de na himreoirí idirnáisiúnta ar fáil do Laighin in aghaidh Chonnacht ná Uladh le coicís anuas.

Is é an fhadhb is mó atá ag Joe Schmidt an tseachtain seo ná a fhoireann a roghnú le himreoirí ar nós: Brian O'Driscoll, Gordan D'Arcy, Jamie Heaslip, Leo Cullen, Cian Healy agus Jonathan Sexton ar fáil don chluiche seo.

Seans maith go bhfeicfidh muid Luke Fitzgearld ar ais ag imirt am éigin sa chluiche tar éis dó teacht ar ais chuige féin ó ghortú glúine a fuair sé sna cluichí idirnáisiúnta i mí na Samhna agus beidh Seán O'Brien ar fáil, cé gurbh éigean dó an pháirc a fhágail sa chéad leath in aghaidh Chonnacht le gortú súile.

Chaill na hOspreys in aghaidh Cardiff an tseachtain seo caite nuair a bhí siad ar an bhóthar (27-25) agus seans maith go mbeidh siad ag iarraidh rudaí a cheartú agus iad ag déanamh ar Chorn na hEorpa an tseachtain seo chugainn.

Beidh imreoirí idirnáisiúnta ar ais acu chomh maith agus beidh fonn díoltais ar imreoirí Chúige Laighean.

Bua: Cúige Laighean.

Gordon D'Arcy ar fáil do Chúige Laighean anocht. Pic: Brendan Moran / SPORTSFILE

Ronan O'Gara, Cúige Mumhan. Pic: Stephen McCarthy / SPORTSFILE



Bua ag teastáil go géar ag Cúige Uladh in aghaidh Treviso. Pic: Diarmuid Greene / SPORTSFILE

Cúige Uladh v Benetton Treviso

Dé hAoine, Ravenhill @ 7.05in
Seo cluiche tábhachtach do Chúige Uladh agus iad ag iarraidh dreapadh suas sa chéad cheithre áit ar an tábla má tá siad le háit a bhaint amach sna babhtaí leathcheannais. Ní raibh Nollaig ró-mhaith acu mar chaill siad sa bhaile 13-30 in aghaidh Chúige Laighean agus 35-10 as baile in aghaidh Chúige Mumhan. Is sa séú háit atá siad ar thábla na bpointí agus ceithre phointe chun cinn ar Treviso atá san ochtú háit.

Beidh siad ag cuimhniú chomh maith go bhfuil taispeántas mór ag teastáil go háirithe agus Biarritz ag teacht go Ravenhill do bhabhta a cúig den Chorn Heineken an tseachtain seo chugainn. Bhí imní faoi Stephen Ferris mar gheall ar ghortú coise ach ba chóir go mbeadh sé in ann imirt anocht.

Bhí bua cuimsitheach ag Ulaidh in aghaidh Treviso ag deireadh mhí na Samhna, 19-9 as baile, agus ba chóir go mbeadh siad ró-láidir dóibh sa bhaile. Ach muna dtugann siad taispeántas an-mhaith anseo, beidh na sceana amuigh ag Biarritz dóibh an tseachtain seo chugainn.

Bua: Cúige Uladh.

Cúige Mumhan v Glasgow Warriors

Dé Sathairn, Musgrave Park @ 7.30in
Is ar bharr an tábla atá Cúige Mumhan le 45 pointe agus níor scaoil siad uathu ach trí phointe sa bhaile go dtí seo. Beidh Mumha gan Jerry Flannery arís a tháinig isteach sa dara leath in aghaidh Uladh ach bhí air imeacht ón pháirc le gortú calpa eile agus ní bheidh sé ar fáil anois ar feadh trí seachtaine ar a laghad.

Níor chaill Cúige Mumhan in aghaidh aon cheann d'fhoirne na hAlban le ceithre chluiche anuas agus bhí bua éasca acu as baile ar Glasgow Warriors 43-29 nuair a bhuail na foirne seo in aghaidh a chéile i mí Mheán Fómhair anuraidh.

Níl cuntas maith ag Glasgow Warriors imirt as baile, gan aon chluiche buaite acu ó thosaigh an comórtas ag tús mhí Mheán Fómhair anuraidh. Le linn na Nollag, bhuaigh siad in aghaidh Edinburgh Rugby 30-18 sa bhaile ach chaill siad 28-17 nuair a thaistil siad go Murrayfield.

Tá Cúige Mumhan ag smaoineamh agus ag réiteach do Toulon sa Chorn Heineken agus beidh an bharraíocht cumhachta acu do Glasgow.

Bua: Cúige Mumhan.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 7 Eanáir, 2011

Glúin úr tagtha chun cinn i gcaitheamh dairteanna

Tugann Páidí Ó Lionáird a léirmheas féin ar Chraobhacha an Domhain i Londain

Páidí Ó Lionáird

Tá laochra nua ag teacht in uachtar i gcluiche an ghnáth-dhuine. Tar éis os cionn dhá sheachtain d'fhíor-iomaíocht ar chaighdean ní b'airde ná mar a facthas cheana, d'éirigh le Adrian Lewis, fear óg as Stoke On Trent, an ceann is fearr a fháil ar Albanach darb ainm Gary Anderson, i ndiaidh dóibh beirt scoth na himeartha a léiriú ina mbabhtaí leath-cheannais in aghaidh Terry Jenkins agus Mark Webster fá seach.

Bhí an chraobh féin spleodrach agus ar chaighdeán den chéad scoth. Sa chéad seit, d'éirigh le Lewis éacht a dhéanamh nár deineadh ar theilifís ach faoi dhó cheana, cluiche 501 a bhuachaint ó thús go deireadh le naoi saighead - sin trí chuaird ar an gclár le scóranna 180, 180 agus críoch de 3x20, 3x19 agus 2x12. Foirfeacht a bhí ann agus thug sé misneach dó leanúint ar aghaidh agus a chéad chraobh dhomhanda a bhaint amach.

Tá lucht leanta caite dairteanna (darts) tar éis an ghlúin seo caite a chaitheamh ag faire ar Phil Taylor, Raymond van Barneveld, Dennis Priestly agus John Part ag iomaíocht ag barr dhréimire imirt idirnáisiúnta an PDC.

Bhíothas ag súil gurbh amhlaidh a bheadh an scéal i mbliana nuair a tionóladh an craobh-chomórtas domhanda san Alexandra Palace (Ally Pally) i Londain sa tréimhse iar-Nollag go dtí an chraobh féin Dé Luain seo caite.

Ní mar a síltear a bítear áfach agus ba léir ón tús go mbeadh corr-chor le tabhairt faoi ndeara i mbliana. I measc an 72 iomaitheoir, bheadh móramh as an Ríocht Aontaithe, Albain agus an Bhreatain Bheag ina measc, ach bhí Éireannaigh, Meiriceánaigh, imreoirí as Críoch Lochlann, an tSeapáin agus an Nua-Shéalainn ann freisin. Ar ndóigh, bhí dornán imreoirí as an Ísiltír ann, tír a aithnítear le scoth na n-imreoirí, buaiteoir cúig chraobh dhomhanda, Raymond van Barneveld, ina measc.

Gary Anderson as Albain a tháinig sa dara háit

Thosaigh Phil Taylor mar rogha na coitiantachta. Ní haon ábhar iontais é toisc an gradam a bheith buaite cúig uaire déag cheana féin aige. Go luath sa chomórtas a thosaigh i lár na míosa seo caite, bhí ainmneacha móra an spóirt seo á gcur as an áireamh áfach go háirithe cuid de laochra móra na hEorpa.

Ina measc siúd a bhí ag baint geite as an mórshlua, bhí Mensur Suljovic as Vín san Ostair. I ndiaidh dó an dara babhta a bhaint amach, bhí sé ag imirt in aghaidh an dara rogha coitiantachta, James Wade as Sasana.

Ba é iar-bhuaiteoir an chomórtais mhóir dairteanna eile, an WPDC, Mark Webster, a bhuafadh ar Taylor sa bhabhta ceathrú ceannais, áit a mbuailfeadh Gary Anderson van Barneveld. Amach leis an sean agus isteach leis an nua mar sin.

Beidh an chéad bhabhta saighead eile le feiceáil ar an 10ú Feabhra ón O2 i Londain, ann a thosóidh an chead bhabhta de Phríomh-Shraith na Saighead.

Is gaire dúinne in Éirinn a bheidh an tríú babhta a thionólfar san Odyssey i mBéal Feirste ar an 24ú Feabhra. Beifear ag súil go dtiocfaidh feabhas ar Taylor et al roimhe sin.

Aicsean go leor i saol an sacar

Cillian Ó Conchúir

NÍ minic a labhraítear faoi pheil idirnáisiúnta ag tús mhí Eanáir. Ach le himreoirí ar imeall fhoireann tosaigh Giovanni Trapattoni (nach fios cén fáth?) ar nós Ciaran Clarke, Seamus Coleman agus Leon Best ag scóráil le seachtain anuas, tá ár n-aigne dírithe i dtreo Corn na Náisiún atá ag teacht gan mhoill.

An tseachtain seo dúirt Trapattoni nach raibh aon fhírinne sna scéalta gur bhain stróc de. Bíodh sin mar atá, níl aon amhras ach go mbeidh brú air deis a thabhairt dóibh siúd atá ag imirt go maith seachtain i ndiaidh seachtaine.

Tá Coleman agus Clarke tar éis áit tosaigh a dhaingniú le hEverton agus Aston Villa faoi seach i mbliana. Tá áit lárnach ag Marc Wilson, cosantóir eile, i bhfoireann Stoke City chomh maith agus níl aon dul as ach go mbeidh ar Trapattoni géilleadh d'imreoirí nach raibh lárnach dó go fóill. D'aimsigh Leon Best trí chúl in aghaidh West Ham sa chéad cluiche ar thosaigh sé do Newcastle an séasúr seo.

Giovanni Trapattoni. (PIC: DAVID MAHER / SPORTSFILE)

Leis an taispeántas sin is cinnte go mbeidh sé sa scuad nuair a ainmníonn Trapattoni a fhoireann don chluiche in aghaidh na Breataine Bige ar an ochtú lá d'Fheabhra. Agus Birmingham City in ainm is Robbie Keane a shíniú tá cuma ar chúrsaí go bhfuil peil leanúnach i ndán dó.

Ach, mar bhainisteoir ar fhoireann idirnáisiúnta, caithfidh Trapattoni sracfhéachaint a chaitheamh i dtreo ní amháin an Corn Eorpach, ach an Corn Domhanda a bheidh ag teacht i gceann trí bliana.

Tá sé mar dhualgas air foireann a thógáil, a bhfuil sé de chumas iontu cáiliú do chomórtas mór, rud nach bhfuil déanta acu ó 2002. Muna éiríonn le Shay Given bata agus bóthar a thabhairt do Roberto Mancini agus Manchester City, agus roinnt cluichí a fháil idir na póstaí don chlub, caithfear deis a thabhairt do Keiren Westwood sna cúil. Ritheann conradh Westwood, cúl báire Coventry City, amach ag deireadh an tséasúir agus tá ráflaí go bhfuil bainisteoir Wigan Athletic, Roberto Martinez, chun é a shíniú. Chuirfeadh sé sin an-bhrú ar Given slán a fhágáil le hEastlands chun cluichí rialta príomh roinne a fháil, nó a áit sa bhfoireann idirnáisiúnta a chailleadh.

Tá an méid céanna fíor faoi Robbie Keane. Ní deas imreoir cosúil le Keane, a bhfuil an oiread sin déanta aige d'Éirinn, a chaitheamh ar leataobh. Ach, níl aon spás ar pháirc na himeartha d'imreoir nach bhfuilag imirt go rialta dá chlub.

Fiú amháin agus é ag tosú amach le foireann nua, caithfidh sé an sean spleodar a léiriú, rud nach bhfuil déanta aige le tamall. Nuair a d'aimsigh Shane Long cúl sa chluiche deireanach de 2010, bhí an chuma ar Trapattoni go raibh ionadh air.

"Tá tosach eile faighte againn," ar sé. D'aon duine le suim sa pheil, bheadh a fhios acu go raibh Long timpeall le tamall sular thug Trap nod dó. Má tá imreoirí ann - Best, Long, Stokes, nó James McCarthy nuair a fhillfidh sé - ag imirt agus ag aimsiú cúl go leanúnach, ba chóir deis a thabhairt dóibh seachas imreoirí atá ag deireadh a ré. Tá sé thar am ag Keane freagairt don gcáineadh uile atá faighte aige. Mura dtarlaíonn sé sin, ní eisean an t-aon imreoir a bheidh faoi bhrú i gCorn na Náisiún Carling.

Bliain nua CLG

Caitheann **Gráinne McElwain** súil chun cinn ar na coimhlintí móra agus na cluichí spéisiúla a bheidh ann an deireadh seachtaine seo.

BEIDH faoiseamh ar lucht tacaíochta CLG an deireadh seachtaine seo nuair a chuirfear tús le himeachtaí na bliana agus na fochomórtaisí á reachtáil sna cúigí. Feicfear ochtar bainisteoirí i ngeansaithe nua ag treabhadh na taobhlíne i mbliana agus is i gCúige Uladh a thosnóidh an t-aicsean san oíche Dé Sathairn le Corn Mhic Chionnaith.

Ní raibh deis ag na bainisteoirí amharc ar a gcuid imreoirí i mí na Samhna ná i mí na Nollag mar gheall ar an chosc atá ar phainéil idirchontae traenáil i rith na tréimhse sin agus dá bharr úsáidtear na comórtaisí seo chun imreoirí nua a thriail roimh thús na sraithe ar an chéad deireadh seachtaine de mhí Feabhra.

Is é John O'Neill ó Lios na Scéithe an bainisteoir nua ar Fhear Manach agus beidh siad sa bhaile in aghaidh Ollscoil Shiúrdáin oíche Dé Sathairn. Ag an am seo den bhliain, bíonn anbhuntáiste ag na mic léinn toisc go raibh siad ag traenáil le chéile ó mhí Mheán Fómhair agus, mar go bhfuil siad ag réiteach do Chomórtas Mhic Shigiúr, feicfear iomaíocht ghéar inmheánach fá choinne áiteanna ar na foirne sin.

Bhí cluiche dúshláin ag Fear Manach in aghaidh Mhuineacháin an tseachtain seo caite ina dtáinig fir na hÉirne amach chun cinn le cúig chúilín. Is é Barry Owens captaen na foirne i mbliana agus beidh sé féin ag súil nach gcuirfidh aon ghortú isteach air, mar a tharla dó le roinnt seasúr.

Ar an Satharn chomh maith, beidh an Cabhán, faoi stiúir Val Andrews agus Terry Hyland, sa bhaile in aghaidh Ollscoil na Ríona agus casfaidh an Dún le Naomh Mhuire. Níl Brendan McArdle, Declan Rooney ná Ronan Sexton ar fáil don Dún mar gheall ar ghortuithe. Tá Dan Gordon agus Daniel McCarten ar mhí na meala, ár ndóigh níl siad ar mhí na meala le chéile agus comhghairdeas leo beirt. Ar an Domhnach, is é an cluiche idir Tír Eoghain agus Dún na nGall ó thuaidh a sheasann amach mar gurb iad Tír Chonaill a bhuaigh an comórtas seo anuraidh in aghaidh Thír Eoghain.

Tá Jim McGuinness, bainisteoir Dhún na nGall f-21 anuraidh, i gceannas ar fhoireann na sinsear i mbliana. Tá go leor imreoirí a bhí ag imirt dó f-21 tughta isteach ar an fhoireann i mbliana ag McGuinness agus deascéal do Dhún na nGall ná gur mheall sé Kevin Cassidy ar ais.

Tá beirt nua ar phaineál Thír Eoghain i mbliana, Ciaran Gervin (Doire an Lochláin) agus Paddy McNeice (Oileán an Ghuail). Níl Raymond Mulgrew ar fáil do Thír Eoghain tar éis dó tarraingt amach ón phainéal.

Tomás Ó Fhlatharta anois mar bhainisteoir na Gaillimhe

Brú ar Banty i gCo. na Mí

Ar an lá céanna beidh Doire sa bhaile in aghaidh Mhuineacháin le John Brennan agus Eamon McEneanay ag cur tús lena dtréimhsí nua bainistíochta. Rud maith do Bhrennan ná go mbeidh Paddy Bradley ar ais ag imirt do Dhoire.

Buailfidh Ard Mhacha agus Aontroim lena chéile i gCrois Mhic Lionnáin ar an Domhnach chomh maith. Ní bheidh imreoirí Chrois Mhic Lionnáin ar fáil do Paddy O'Rourke do Chorn Mhic Chionnaith mar go bhfuil siad i gCluiche Leathcheannais na hÉireann i gComórtas AIB na gClub. Tá na himreoirí f-21 Rory Grugan, Declan McKenna, Gavin McParland agus Anthony Duffy ainmnithe ar an phainéal.

Ar an Domhnach chomh maith, tosnóidh Comórtas Uí Bhroinn (Cúige Laighean), Corn Mhic Craith (Cúige Mumhan) agus an tSraith FBD (Cúige Chonnacht).

Beidh Baile Átha Cliath as baile in aghaidh na hIarmhí agus ní bheidh Michael Ennis, Dónal O'Donoghue, David Duffy ná John Smyth ar fáil don Iarmhí ar chúis amháin nó cúis eile. Tá go leor cainte faoi thodhchaí Conal Keaney le peileadóirí Átha Cliath agus de réir tuairiscí tá seans maith ann go mbeidh sé ag imirt leis na hiománaithe ach fan go bhfeicfimid.

Beidh Séamus "Banty" McEnaney ag tosnú amach le foireann na Mí nuair a chasfaidh siad leis an gCoáiste Ollscoile, Bhaile Átha Cliath.

Fuair an Mhí réidh le hEamon O'Brien tar éis dó áit a bhaint amach i gCluiche Leathcheannais na hÉireann agus ansin Craobh Laighean a bhaint an bhliain dár gcionn. Mar sin, brú ar Banty agus tá an chuma ar an scéal nach mbeidh Bord an Chontae ró-thoilteanach glacadh le drochthorthaí.

I gCúige Mumhan, tá peileadóirí Chorcaí ar laethanta saoire agus ní bheidh ach beirt ar fáil ón phainéal anuraidh, Alan O'Connor agus Kevin McMahon. Tabharfaidh siad aghaidh ar IT Phort Láirge i bPáirc Uí Rinn agus beidh Ciarraí sa bhaile in aghaidh IT Thrá Lí.

Agus i gCúige Chonnacht, feicfear bainisteoir nua na Gaillimhe Tomás Ó Flatharta agus a fhoireann as baile in aghaidh Shligigh. Rud neamhghnáthach é go bhfuil triúr ainmnithe mar chaptaen i mbliana aige, sin iad Kieran Fitzgearld, Finian Hanley agus Michael Meehan. Deir Ó Flatharta go mba mhaith leis go mbeadh imreoirí ag imirt mar fhoireann seachas a bheith ag smaoineamh orthu féin. Chaill Gaillimh in aghaidh Shligigh tar éis athimirt sa chraobh anuraidh.

Tá roinnt gortuithe fadtéarmacha ag cur as do Shligeach, ina measc Johnny Davey, Eugene Mullen agus Michael McNamara.

Beidh na cluichí oíche Dé Sathairn ar siúl ag a seacht a chlog agus ar an Domhnach, is ag a dó a chlog a chaithfear isteach an pheil. Níl ach cluiche iomána amháin ar siúl sa Kehoe Cup: Fine Gall ag tabhairt aghaidh ar Choláiste na Tríonóide ar an Domhnach ag a dó.

Tobar Mór Imreoirí ag Schmidt

Tobar Mór imreoirí ag Cúige Laighean . Pic: Paul Mohan / SPORTSFILE

Gráinne McElwain

Tá gach seans ann gurb iad Cúige Laighean an club is fearr atá ag imirt rugbaí san Eoraip faoi láthair. Tá neart imreoirí ar an phainéal agus thaispeáin siad arís cé chomh láidir is atá siad in aghaidh Chonnacht an tseachtain seo caite sa tSraith Magners nuair a bhuaigh siad 30-8 agus sin gan na laochra móra ag imirt. Is léir go bhfuil go leor leor muiníne sa champa agus is cuma cén fhoireann a chuireann Joe Schmidt chun páirce, is féidir leo na torthaí a fháil.

Tá an cóitseálaí Joe Schmidt ag séanadh go bhfuil Cúige Laighean anois ag imirt a stíle imeartha rugbaí féin, sin pásáil thapaidh agus dul ar an ionsaí, deir sé go bhfuil na himreoirí iad féin ag socrú na stíle imeartha atá acu.

Cibé duine nó grúpa atá freagrach as, tá sé ag obair agus bí cinnte go bhfuil an-deis ag Laighin anois an Corn Heineken agus an tSraith Magners a bhuachan i mbliana.

Tá an babtha Magners an deireadh seachtaine seo an-tabhachtach mar gurb é seo an deis dheireanach ag cóitseálaithe agus na foirne réiteach a dhéanamh don Chorn Heineken a bheidh ar siúl an tseachtain seo chugainn. Mar sin beidh go leor de na himreoirí idirnáisiúnta ar ais ag imirt lena gcúigí. Casfaidh Cúige Laighean le Saracens sa bhaile an deireadh seachtaine seo chugainn i mbabhta a cúig den Chorn Heineken ach roimhe sin cuirfear fáilte roimh na hOspreys sa tSraith Magners anocht go dtí an RDS.

Mí Bealtaine anuraidh an uair dheireanach gur bhuail an dá fhoireann seo in aghaidh a chéile san RDS i gCluiche Ceannais na Sraithe Magners agus bhí an lá leis na hOspreys an uair sin 17-12. Chuaigh Cúige Laighean anonn go Staid Liberty ag deireadh mhí na Samhna seo caite sa chomórtas céanna ach ní raibh an lá si leo ach an oiread.

Is sa tríú háit ar thábla na bpointí atá siad faoi láthair leis na hOspreys pointe amháin taobh thiar díobh ar 34 pointe. Tá Cúige Laighean dírithe isteach ar chríochnú sna chéad cheithre áit sa Mhagners ar dtús báire, rud a d'adhmhaigh Shane Jennings. "Tá a fhios againn go mbeidh cluiche dian ann leis na hOspreys ar an Aoine ach tá gach cluiche an-tábhachtach dúinn anois agus muid ag iarraidh ceann de na ceithre áit sin a bhaint amach."

Cén sórt cluiche a bheas ann mar sin? Níor imir na hOspreys go maith in aghaidh Cardiff an tseachtain seo caite, go h-áirithe nuair a bhris an imirt síos agus ní raibh siad go maith sa chlibirt, rud nach mbeifeá ag súil leis tar éis an taispeántas in aghaidh Chúige Mumhan le déanaí.

I mbliana, tá Cúige Laighean níos fearr sa chlibirt agus ciallaíonn sin go mbeidh an-choimhlint idir na pacanna dá bharr.

Ceann de na deacrachtaí is mó atá ag Joe Schmidt ná foireann a roghnú as an tobar mór imreoirí atá aige. Tá Gordan D'Arcy, Jamie Heaslip, Cian Healy, Jonathan Sexton, Leo Cullen agus Brian O'Driscoll ar ais ó champa na hÉireann agus ar fáil do Laighin anois. Dea-scéal eile don fhoireann ná go bhfuil Luke Fitzgerald ar ais, níos luaithe ná mar a bhí súil leis, ó ghortú glúine agus tá an-seans aigesean imirt anocht chomh maith.

Tháinig Kevin O'Loughlin ar ais ó ghortú fadtéarmach agus d'imir sé go maith agus ar feadh ochtó nóiméad in aghaidh Chonnacht. Samhlaigh go bhfuil imreoirí ar nós Eoin O'Malley agus an chliathánaí Dave Kearney acu agus tuigeann tú cé chomh domhain is atá an tobar ag Cúige Laighean.

Tá stair idir na foirne seo agus ní bheidh Cúige Laighean sásta má éiríonn le foireann na Breataine Bige éalú arís ón RDS leis an duais.